# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2014

www.shannongroup.ie

shannon GROUP


AIRPORT
More Choic
COACH PARK 2
ONLINE
CHECK-IN
BAG DROP
Check-in with
FastPass
Step 1
Step 2
Step 3
SHANNON
AIRPORT

shannon GROUP

# Clár Ábhair


Maidir le Grúpa na Sionainne cpt . . . . . 2
Gnó Ghrúpa na Sionainne . . . . . 4
Ráiteas an Chathaoirligh . . . . . 8
Athbhreithniú ag na bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin . . . . . 12
Bord Stiúrtha . . . . . 16
An Fhoireann Feidhmeannach . . . . . 18
Freagracht Shóisialta Chorparáideach . . . . . 20
Buaicphointí na Bliana . . . . . 24

**Tuarascáil Stiúrthóirí agus Ráitis Airgeadais**
Tuarascáil Stiúrthóirí . . . . . 28
Ráiteas ar Fhreagrachtaí Stiúrthóirí . . . . . 37
Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách . . . . . 38
Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta . . . . . 39
Cuntas Brabúis agus Caillteanais Comhdhlúite . . . . . 42
Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Comhdhlúite . . . . . 43
Clár Comhordaithe Comhdhlúite . . . . . 44
Clár Comhordaithe na Cuideachta . . . . . 45
Ráiteas Sreabhaidh Airgid Comhdhlúite . . . . . 46
Nótaí ar na Ráitis Airgeadais . . . . . 47

**A Thuilleadh Faisnéise**
Mapaí Bealaigh Aerfort na Sionainne - Samhradh 2015 . . . . . 64
Oidhreacht na Sionainne . . . . . 67
Maoin Tráchtála na Sionainne . . . . . 68
IASC . . . . . 69
Faisnéis Ghinearálta maidir leis an nGnó . . . . . 70

## *Maidir le Grúpa na Sionainne cpt*

# Is cuideachta tráchtála leathstáit é Grúpa na Sionainne cpt ina bhfuil ceithre aonad straitéiseach gnó, le hAerfort na Sionainne ina chroílár, a fheidhmíonn mar chatalaíoch fáis don réigiún níos leithne.

Déanadh corprú ar Ghrúpa na Sionainne cpt ar an 29 Lúnasa 2014 tar éis achtú Acht um Aerfoirt Stáit (Grúpa na Sionainne), 2014 agus bunaíodh an Grúpa go foirmeálta ar an 5 Meán Fómhair 2014.

Tugann an Grúpa le chéile Údarás Aerfort na Sionainne Teoranta ('Aerfort na Sionainne'), Fiontair Thráchtála na Sionainne Teoranta ('Maoin Tráchtála na Sionainne', ar tugadh Forbairt na Sionainne roimhe seo air), Shannon Castle Banquets and Heritage Limited ('Oidhreacht na Sionainne') in éineacht leis an Ionad Seirbhísí Eitlíochta Idirnáisiúnta ('IASC'), ar aonad gnó straitéiseach é. Inniu, bíonn os coin 600 duine fostaithe ag an nGrúpa san ardséasúr.

Baineann bunú an Ghrúpa le turas a thosaigh i mBealtaine 2012 le cinneadh an Rialtais Aerfort na Sionainne ag scarúint ó Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus á thógáil le chéile le haonaid eile straitéiseacha gnó le haonán nua a chruthú le sainordú tráchtála in úinéireacht phoiblí.

Taobh thiar den chinneadh maidir Grúpa na Sionainne a bhunú bhí mian an Rialtais:

***"athbheochan a dhéanamh ar spiorad na ndaoine a thug an t-aerfort agus coincheap maidir le Limistéar Neamhchustaim na Sionainne dúinn, d'fhonn gur féidir linn deiseanna spreagúla agus nuálacha a sholáthar chun leasa gnó, turasóireachta agus jabanna a chruthú sa réigiún, agus ar fud na tíre."***
- Leo Varadkar TD, An tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, 8 Bealtaine 2012.

***"Trí nascadh a dhéanamh, in aonán nua, beidh Údarás Aerfort na Sionainne láidir agus neamhspleách le sealúchas fairsing réadmhaoine, saineolas agus taithí Fhorbairt na Sionainne, is féidir linn acmhainní an Stáit a dhíriú ar thionscal láidir eitlíochta a bhunú sa cheantar."***
- Richard Bruton TD, An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, 8 Bealtaine 2012.

***"Is í an aidhm a bhí le bunú an Ghrúpa ná tógáil ar an réimse de ghníomhaíochtaí a bhaineann le heitlíocht a bhí idir lámha cheana féin sa tSionainn, mar chothabháil aerárthaí agus léasú. Is féidir leis an nGrúpa díriú anois ar na cuspóirí sin a bhaint amach chun leasa na Sionainne agus an réigiúin níos leithne. Is ionann sin agus tús nua do réigiún na Sionainne. Tá muinín agam gur féidir le Grúpa na Sionainne leanúint leis an gcur chuige 'dearfach' a thug rath chuig Aerfort na Sionainne agus go mbeidh sé mar chatalaíoch d'fhás agus do chruthú jabanna in Iarthar na hÉireann sa todhchaí."*** - Paschal Donohoe TD, An tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, 5 Meán Fómhair 2014.

***"Tá muinín agam gur féidir le Grúpa na Sionainne leanúint leis an gcur chuige 'dearfach' a thug rath chuig Aerfort na Sionainne."***

Ba mhór an gharsprioc í Aerfort na Sionainne a scarúint ó Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath ar an 31 Nollaig 2012 maidir le Grúpa na Sionainne a chruthú. Chuir sé riocht eile ar an Aerfort á cheadú dó a chinniúint féin a shocrú, a straitéisí féin a leagadh síos agus a fheidhmíocht féin a thiomáint. Ina chéad bhliain mar aonán neamhspleách, d'éirigh leis an Aerfort deireadh a chur le meath cúig bliana ar líon na bpaisinéirí agus mhéadaigh ar líon na bpaisinéirí agus ar nascacht araon.

Ag tógáil ar an ngluaiseacht seo, bhí tús dearfach ag Grúpa na Sionainne le feabhas á chur ag gach cuideachta sa ghrúpa ar fheidhmíocht, le méadú leanúnach ar líon na bpaisinéirí ag Aerfort na Sionainne (ag fás 17% ó 1.4 milliún i 2013 go dtí 1.64 milliún i 2014), in éineacht le méadú 11% ar iontrálacha chuig láithreáin chuairteora Oidhreacht na Sionainne suas le 637,000 cuairteoir i 2014, agus pleananna forbartha ann do phunann réadmhaoine Mhaoin Tráchtála na Sionainne beagnach críochnaithe.

Le tuilleadh eolais a fháil téigh chuig ár suíomh gréasáin www.shannongroup.ie




Bunghrianghraf le Brian Buckley

# *Fostaíonn Grúpa na Sionainne 600 duine ag buaic an tséasúir*

# *Gnó Ghrúpa Na Sionainne*

shannon AIRPORT

## Aerfort na Sionainne

Is cuideachta aerfoirt idirnáisiúnta atá in Údarás Aerfort na Sionainne Teoranta le os coinn 206 fostaí. Is í príomhghníomhaíocht laethúil na Cuideachta ná Aerfort na Sionainne a bhainistiú. Is ann atá Saor ó Dhleacht na Sionainne, an chéad siopa saor ó dhleacht ar domhan. Feidhmíonn an tAerfort seirbhís 24 uair an chloig gan aon sriantacht chuirfiú, sceidil ná torainn. Tá rúidbhealach an Aerfoirt ar an rúidbhealach is faide in Éirinn agus é 3,199 ar fhad, agus é in ann freastal ar gach cineál aerárthach. Tá seirbhís dóiteáin agus tarrthála ag feidhmiú in Aerfort na Sionainne go Catagóir 9.

Tá timpeall 855 heicteár talún i gcampas an Aerfoirt a n-úsáidtear timpeall 493 heicteár de d'fheidhmiú an Aerfoirt. Tá a hionad storála breosla féin ag an Aerfort le córais soláthair hiodrant agus áiseanna soláthair uisce dá chuid féin.

Ba é an tSionainn an chéad aerfort san Eoraip le háiseanna réamhréitigh US CBP (custaim agus inimirce) do sheirbhísí sceidealta. Ba é an chéad aerfort freisin é a rinne áiseanna réamhréitigh US CBP a thairiscint do scairdeitleáin ghnó agus é fós ar an t-aon aerfort san Eoraip agus sa Mheánoirthear a dhéanann a leithéid de sheirbhísí a thairiscint do scairdeitleáin ghnó.

Is príomhthiománaí geilleagrach é Aerfort na Sionainne, maidir le rochtain laethúil a sholáthar chuid SAM, an RA agus an Eoraip, do réigiún a shíneann ó dheisceart go hiarthuaisceart na hÉireann. I 2014, rinne an tAerfort láimhseáil ar 1.64 milliún paisinéir agus beagnach 26,000 míle gluaiseacht aerárthach. I mí na Nollag, chuir Ryanair fáilte roimh an 13ú milliún paisinéir chuig an tSionainn, ar sprioc suntasach don Chuideachta é.

Bhí tionchar ábhartha ag líon na bpaisinéirí i 2014 ar gheilleagar an réigiúin le tairbhe do gach páirtí leasmhar i gceist. D'fhonn seo a chur i gcomhthéacs eacnamaíochta, bunaithe ar mheánchaiteachas in aghaidh maitríse turasóirí ag teacht ar eitiltí díreacha chuig an tSionainn ag Turasóireacht Éireann, ginneadh timpeall €150 milliún i gcaiteachas turasóireachta i 2014, ar mhéadú 17% é sin ar 2013.

Léiríonn taighde a rinne Red:C Research & Marketing Limited, gur chruthaigh na cuairteoirí seo tairbhí eacnamaíocha i 22 contae in Éirinn, ó Dhún na nGall trasna go dtí Cill Mhantáin, ach go príomha ar an gClár, Gaillimh, Ciarraí, Luimneach, Corcaigh agus Baile Átha Cliath.

Bhain an tAerfort na hacaláidí seo a leanas amach i 2014: duais idirnáisiúnta ag Bealaí Domhanda don 'Mhargaíocht Eitlíochta is Fearr', duais Údarás Eitlíochta na hÉireann d'Éacht Aerfoirt, 'Duais Éachta Aerfoirt' ón gCumann Aerlínte um Réigiúin na hEorpa agus 'Duais InBusiness' ó Chomhlachas Tráchtála na hÉireann.

Tá Aerfort na Sionainne tiomanta feidhm aerfoirt atá sábháilte, slán agus dírithe ar an gcustaiméir a sholáthar. Baintear seo amach tríd an tiomantas seirbhísí a sholáthar de réir na gcaighdeán agus dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr.

Le tuilleadh eolais a fháil téigh chuig www.shannonairport.ie

***D'eitil 1.64m paisinéir trí Aerfort na Sionainne i rith 2014 (suas 17%)***



## Maoin Tráchtála na Sionainne

Is cuideachta é Maoin Tráchtála na Sionainne atá dírithe ar réadmhaoin a fhorbairt, le bainistiú agus forbairt á dhéanamh ar phunann fhairsing de mhaoin tráchtála i réigiún níos leithne na Sionainne.

San am atá caite, nuair a tugadh Forbairt na Sionainne air, ba ghníomhaireacht forbartha réigiúnach a bhí sa Chuideachta a bhí freagrach as tacú le fiontraíocht, fostaíocht, forbairt agus turasóireacht do réigiún na Sionainne. Tá na feidhmeanna sin aistrithe anois chuig ÚFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fáilte Éireann faoi seach.

Is le Maoin Tráchtála na Sionainne, agus déanann sí bainistíocht ar, 52 gnó agus páirc teicneolaíochta ag tiomsú 2.8 milliún troigh cearnach de spás tógála, 400 foirgneamh agus os cionn 2,000 acra talún i gcontaetha an Chláir, Luimnigh, Thiobraid Árann, Uíbh Fhailí agus Chiarraí. Déanann sé bainistiú freisin ar phunann maoine Aerfort na Sionainne agus oibríonn leis an Aerfort agus IASC le pleanáil a dhéanamh ar riachtanais fhorbartha eitlíochta sa todhchaí.

Baineann réimse punainne na Cuideachta le foirgnimh phríomhúla oifige agus páirceanna teicneolaíochta il-ligean go saoráidí innealtóireachta, déantúsaíochta, trádstóráil agus lóistíocht. Ina theannta sin, tá punann ag Maoin Tráchtála na Sionainne de shuíomhanna lánseirbhísithe ar fáil le díol agus chun forbartha.

***Réigiún na Sionainne, áit an- tarraingteach gnó a dhéanamh***

Is é Limistéar Neamhchustaim na Sionainne (SFZ) an pháirc gnó is mó i bpunann na Cuideachta agus é ar cheann de na páirceanna gnó ilearnála is mó in Éirinn. Tá os cionn 100 cuideachta sa pháirc gnó 600 acra seo. Is láthair ríthábhachtach é d'infheistíocht T & F i ndéantúsaíocht agus seirbhísí idirnáisiúnta. Is ann freisin do chnuasach de chuideachtaí eitlíochta a bhfuil aitheantas domhanda acu. Cruthaíonn cuideachtaí atá suite sa SFZ beagnach €3 billiún i ndíolacháin in aghaidh na bliana, a dtéann 90% chuig margaí easpórtála.

Tá roinnt mórbhuntáistí ag réigiún na Sionainne mar láthair ghnó, ar a n-áirítear aerfort idirnáisiúnta le raidhse talún lena ais. Is ionann iomlán na talún ag Aerfort na Sionainne agus SFZ agus os cionn 1,000 heachtár agus i dteannta a chéile is sóchmhainn den scoth d'fhorbairt iad. Le timpeallacht atá ar son gnó agus dea-ghréasán bóithre, in éineacht le teacht a bheith ar fhórsa oibre le hardscileanna, oideachas agus Béarla acu, tá réigiún na Sionainne ina láthair an-tarraingteach le gnó a dhéanamh ann.

Le tuilleadh eolais a fháil téigh chuig www.shannonproperties.ie



shannon HERITAGE



**Bhí 637,000 cuairteoir ag Oidhreacht na Sionainne i 2014 (suas 11%)**

## Oidhreacht na Sionainne

Tá Oidhreacht na Sionainne ar cheann tionscnóirí is mó in Éirinn maidir le nithe oidhreachta is díol spéise le turasóirí, le sé chaisleán agus iliomad nithe eile do chuairteoirí lae agus oíche. Déanann an Chuideachta bainistiú ar seacht ní is díol spéise le turasóirí lae ar a n-áirítear a láthair is tábhachtaí Caisleán & Daonpháirc Bhun Raite, Caisleán Rí John nuachóirithe i Luimneach agus Caisleán agus Gairdíní Mhullach Íde. Tá leasa aige freisin i láithreáin a bhfuil cáil domhanda orthu mar Aillte an Mhothair, agus déanann an Chuideachta bainistiú ar oibríocht mhiondíola.

Bhí Oidhreacht na Sionainne ar cheann de na chéad chuideachtaí in Éirinn le forbairt agus reáchtáil a dhéanamh a ar nithe oidhreachta is díol spéise agus ar shiamsaíocht oíche agus iad i ngnó na turasóireachta ó 1963. Bíonn os cionn 300 duine fostaithe ag a láithreacha ag buaic bhiaiste na turasóireachta.

Tá punann Oidhreacht na Sionainne tar éis fás thar na blianta, ag tosú leis an gcéad féasta meánaoiseach ag Caisleán Bhun Raite. Tá an rath a bhí ar Chaisleán Bhun Raite tar éis cur le méadú tapaidh ar líon na gcuairteoirí ann. Inniu, cabhraíonn oibríochtaí na Cuideachta le timpeall €20 milliún de chaiteachas turasóireachta a ghiniúint ar fud an réigiúin, chun leasa réimse de ghnólachtaí áitiúla.

I 2014, chuir an Chuideachta fáilte roimh os cionn 637,000 cuairteoirí chuig a láithreáin, ar ionann é agus méadú 11% ar uimhreacha 2013. Ba thosca suntasacha iad méadú ar rochtain agus ar líon na bpaisinéirí ag teacht trí Aerfort na Sionainne maidir leis an méadú seo.

I rith na bliana bhain Caisleán agus Gairdíní Mhullach Íde duais ghradamach amach don ‘Seirbhís Chuairteoirí is Fearr’ ó Chomhlachas Tráchtála Fhine Gall.

Le tuilleadh eolais a fháil téigh chuig www.shannonheritage.com

# *Tiomanta d'fhás an bhraisle aerspáis ag an tSionainn*



## Lárionad Seirbhísí Eitlíochta Idirnáisiúnta (IASC)

Is aonad straitéiseach gnó é an Lárionad Seirbhísí Eitlíochta Idirnáisiúnta, ar a dtugtar IASC, laistigh de Ghrúpa na Sionainne, leis an gcúram tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chnuasach dea-bhunaithe eitlíochta sa tSionainn. Cabhraíonn IASC leis na comhlachtaí aerspáis atá ann a ngnó a fhorbairt, chomh maith le hoibriú le hais ÚFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann agus iad ag obair le cuideachtaí nua a thabhairt chun na Sionainne.

Is tionscal domhanda é tionscal na heitlíochta atá ag fás go tapaidh. Tá Éire mar mhórionad gníomhaíochta eitlíochta cheana féin, go háirithe maidir le léasú aerárthaigh. Is leagáid de chuig GPA atá anseo den chuid is mó, an gnólacht léasaithe a bunaíodh sa tSionainn sna 1970dí.

Inniu tá os cionn 40 gnólacht aerspáis bunaithe sa tSionainn agus mórthimpeall uirthi, ag fostú timpeall 1,600 duine. Tá sé mar mhian agus mar shainordú ag IASC tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an ngníomhaíocht seo, ag cruthú bhraisle tionsclaíochta eitlíochta a mbeadh aitheantas domhanda uirthi sa tSionainn le speisialtóireacht i réimsí mar leasú, cothabháil, athchúrsáil aerárthach, eitlíocht ghnó agus déantúsaíocht agus deisiú chomhpháirteanna.

Tá IASC tiomanta an bhraisle aerspáis sa tSionainn a fhás. Agus sin á dhéanamh táthar ag súil leis go mbeidh páirt aige i bhforbairt chumas aerspáis na hÉireann agus cabhrú lena chinntiú go bhfanann an tír mar ionad domhanda do thionscal na heitlíochta.

Le tuilleadh eolais a fháil téigh chuig www.iasc.aero

# *Tógáil ar ardán d'athnuachan agus fás*



## *Ráiteas An Chathaoirligh*

Bunaíodh Grúpa na Sionainne cpt mar chuideachta tráchtála leathstáit ar an 5 Meán Fómhair 2014. Chuir seo tús le ré nua spreagúil don Ghrúpa.

Tugann Grúpa na Sionainne, le hAerfort na Sionainne ina chroílár, ceithre aonad straitéiseach gnó le chéile: Aerfort na Sionainne, Maoin Tráchtála na Sionainne, Oidhreacht na Sionainne agus IASC. Is í aidhm Ghrúpa na Sionainne cur chun cinn agus éascú a dhéanamh ar sheirbhísí iompair aeir agus eitlíochta in Aerfort na Sionainne agus ina thimpeall, agus uasmhéadú a dhéanamh ar bhrabús ar a thalamh agus a mhaoin agus a shóchmhainní eile, ar a n-áirítear a fhochuideachtaí.

Cé go gclúdaíonn an tuarascáil bhliantúil seo an tréimhse airgeadais ceithre mhí ó bunaíodh Grúpa na Sionainne go 31 Nollaig 2014, bhí aonaid straitéiseacha gnó an Ghrúpa ag obair le chéile i gcaitheamh 2014 le spriocanna an Ghrúpa a bhaint amach, sular cuireadh Grúpa na Sionainne le chéile go hoifigiúil.

Leag an Bord Stiúrtha roinnt cuspóirí síos don Ghrúpa nua i 2014 mar seo a leanas:

- Grúpa na Sionainne cpt a bhunú agus comhtháthú a dhéanamh ar a aonaid straitéiseacha gnó
- Feabhas a chur ar fheidhmíocht airgeadais agus tráchtála chuideachtaí an Ghrúpa
- Leanúint le líon na bpaisinéirí, trácht lastais agus nascacht a mhéadú
- Méadú a dhéanamh ar líon na gcuairteoirí agus ar inbhuanaitheacht ag láithreáin éagsúla Oidhreacht na Sionainne
- Forbairt a dhéanamh ar straitéis ghnó agus athnuachana do Mhaoin Tráchtála na Sionainne
- Forbairt a dhéanamh ar IASC dírithe ar an Aerfort agus Limistéar Neamhchustaim na Sionainne
- Forbairt a dhéanamh ar chlár infheistíochta caipitil don Ghrúpa
- Obair a chur chun cinn ar phlean straitéiseach cúig bliana a fhorbairt don Ghrúpa

Deimhním go ndearna Grúpa na Sionainne dul chun cinn suntasach ag gach ceann de na cuspóirí sin i rith 2014.

### Fás agus Athnuachan

Táimid an-sásta le feidhmíocht Aerfort na Sionainne i rith na bliana a lean leis an ruthag fáis, le fás ar líon na bpaisinéirí agus ar nascacht don dara bliain as a chéile.

Ba é ár sprioc do 2014 fás dédhigiteach a bheith ar líon ár bpaisinéirí. Bhaineamar sin amach, le méadú 17% agus fáilte curtha ag an Aerfort roimh 1.64 milliún paisinéirí i 2014. Agus an acmhainn nua seo bainte amach, déanfar comhdhlúthú agus tuilleadh fáis i 2015. Tá sé thar a bheith tábhachtach go leanfaí leis an móiminteam reatha.

Bhí bliain dhearfach freisin ag Oidhreacht na Sionainne, ár ngnó tarraingte turasóirí oidhreachta, le méadú foriomlán de 11% ar líon na gcuairteoirí chuig a punann nithe is díol spéise le cuairteoirí agus ionad siamsaíochta ar fud réigiún níos leithne na Sionainne agus i mBaile Átha Cliath. Rinne an Chuideachta taifead ar os cionn 637,000 cuairteoirí i 2014, le líon iontrála

chuig nithe is díol spéise do thurasóirí lae suas 13%. Léiríonn na torthaí seo comhghaolmhaireacht láidir leis an méadú ar líon na bpaisinéirí ag Aerfort na Sionainne agus léiríonn sé feabhas ar líon na dturasóirí ar fud na hÉireann.

I 2014, chuaigh Maoin Tráchtála na Sionainne i mbun mion-athbhreithnithe ar a phunann maoine agus ceapadh plean gnó le feabhas a chur ar a phunann ag tosú le hathfhorbairt a dhéanamh ar phríomhréimsí laistigh Limistéar Neamhchustaim na Sionainne (SFZ). Tugaimid aitheantas do mhórán athruithe suntasacha in athghiniúint ár bpunann maoine. Mar sin féin, tá sé beartaithe againn dul i mbun chláir oibre le hathfhorbairt agus athchóiriú a dhéanamh ar ár bpríomh-réadmhaoin. Tugadh faoi obair ar an gcéad tionscadal dá leithéid, athchóiriú ar chuid de Theach Aerfort na Sionainne, ag SFZ i 2014. Táimid ag leanúint le haghaidh a thabhairt ar an ngann-infheistíocht stairiúil in infreastruchtúr an Aerfoirt agus Maoin Tráchtála na Sionainne agus cuirfear clár infheistíochta caipitil i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa sna blianta atá romhainn. Cuirfidh sin ar ár gcumas réitigh réadmhaoine a bheith ar fáil againn d'infheistíocht agus cruthú jabanna i ngeilleagar atá ag feabhsú.

Bunaíodh IASC le tógáil ar an líonra de sheirbhísí a bhaineann le heitlíocht atá sa tSionainn d'fhonn leanúint le fás an bhraisle eitlíochta a bhfuil aitheantas domhanda aici agus atá iomaíoch go hidirnáisiúnta. Cuireadh foireann lárnach IASC le chéile i rith na bliana agus tá obair ar bun le gaolmhaireachtaí a thógáil le cuideachtaí comhpháirteacha idirnáisiúnta agus le príomhimreoirí sa tionscal aerspáis dhomhanda.

## Lean Aerfort na Sionainne leis an ruthag fáis, le fás ar líon na bpaisinéirí agus ar nascacht don dara bliain as a chéile.

### Feidhmíocht Airgeadais agus Cistiú

Bhí feidhmíocht Ghrúpa na Sionainne sásúil sa chéad cheithre mhí dá fheidhmiú, ag críochnú ar an 31 Nollaig 2014, le brabús iarchánach de €600,000. Is toradh sásúil é sin toisc gurb í an tréimhse seo an 'séasúr gualainne' don Aerfort agus d'Oidhreacht na Sionainne araon.

Cé go bhfuil sé in úinéireacht an Stáit, déantar cistiú ar an nGrúpa as a acmhainní féin amháin agus ní bhíonn aon ioncam ag teacht chuige ón Státchiste. Tá cúlchistí airgid ag an nGrúpa le freastal ar a riachtanais oibriúcháin agus caiteachais. Ba é riocht airgeadais an Ghrúpa ar an 31 Nollaig 2014 ná €28 milliún.

Déanadh láimhdeachas d'os cionn €21 milliún a thaifead don tréimhse ceithre mhí den Ghrúpa a bheith ann.

I rith na bliana, lean Grúpa na Sionainne le díriú ar a inbhuanaitheacht tráchtála agus a bhonn costais. Rinneamar athbhreithniú ar bhonn costais oibríochtúil agus baineadh éifeachtúlacht costais i roinnt réimsí neamh-phárolla. Tá srianadh costais agus feabhas ar fheidhmíocht airgeadais trí bhreis éifeachtúlachta mar fhócas leanúnach ag an nGrúpa. Tá sé mar aidhm againn múnla gnó níos inbhuanaithe agus níos láidre a bhunú agus feabhas a chur ar bhrabúsacht ar fud an Ghrúpa.

> ***"Tá sé thar a bheith tábhachtach go leanfaí leis an móiminteam reatha."***

### Rialtas

B'athrú ó bhonn don Aerfort é cinneadh an Rialtais Aerfort na Sionainne a scarúint. Is tiománaí eacnamaíoch atá sa tSionainn do réigiún an mheániarthar agus í mar chumasóir ar fhorbairt chothrom réigiúnach.

Chabhraigh cinneadh an Rialtais cáin aerthaistil a chur ar fionraí i 2014, leanúint leis an ráta 9% CBL don earnáil turasóireachta/fáilteachais agus forbairt a dhéanamh ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin linn líon na bpaisinéirí agus na gcuairteoirí a mhéadú i 2014.

Táimid ag tnúth le foilsiú doiciméid an Pholasaí Náisiúnta Eitlíochta a chuireann roimhe feabhas a chur ar nascacht na hÉireann, cothú a dhéanamh ar mhéadú na heitlíochta agus riocht na hÉireann mar cheannaire aitheanta domhanda san eitlíocht. Chuige sin, caithfidh coimeád nascachta Aerfort Heathrow d'aerfoirt na hÉireann, ar a n-áirítear an tSionainn, a bheith mar thosaíocht ag an Rialtais agus machnamh á dhéanamh ar AIG a bheith ag dul i mbun Aer Lingus.

Cuirtear fáilte roimh fhoilsiú phlean cúig bliana ÚFT Éireann (2015 go dtí 2019) "Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a Bhaint Amach" agus a dtiomantas méadú a dhéanamh ar an leibhéal infheistíochta i ngach réigiún in Éirinn le idir 30% agus 40%. Leanfar le hoibriú le ÚFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann agus a bpleananna maidir le jabanna breise a chruthú á gcur i bhfeidhm acu. Tá sé molta again freisin go mbeadh an fócas réigiúnach seo, a aithníonn an tábhacht atá le comhordú ar fhorbairt gheilleagrach réigiúnach, le feiceáil freisin sa Ráiteas um Pholasaí Turasóireachta deireanach.




## Straitéis don Todhchaí

Tá plean straitéiseach cúig bliana críochnaithe againn don Ghrúpa atá dírithe ar leanúint le méadú ar ioncam, díriú ar nuálaíocht, bonn costais inbhuanaithe a bhaint amach trí éifeachtúlacht agus méadú ar bhrabús a bhaint amach. Déanann an plean ionchorprú freisin ar chlár infheistíochta caipitil uaillmhianach lena chinntiú go bhfanann ár bhfócas ar dheiseanna fáis a sholáthar ar fud an Ghrúpa, rud a bheidh riachtanach le hiomaíochas ár ngnó a choimeád.

Mar Ghrúpa, aithnímid an tionchar láidir a bhíonn againn ar na pobail áitiúla, leis an ngeilleagar náisiúnta agus le gach grúpa de pháirtithe leasmhara, agus aithnímid ár bhfreagracht dóibh agus an timpeallacht ina bhfuilimid ag obair agus ag déanamh gnó. Déanann ár straitéis don todhchaí ionchrprú ar chultúr mar a bhfuil dúil láidir ann "rud éigin a thabhairt ar ais".

Trí fhás inbhuanaithe agus brabúsacht a ghiniúint i ngach gnó atá againn agus trí fhorfheidhmiú a dhéanamh ar ár bplean straitéiseach cúig bliana, in éineacht le fócas leanúnach ar nuálaíocht, tá muinín agam go mbeidh dea-thionchar seasmhach ag Grúpa na Sionainne ar ár bpobail agus ar thírdhreach geilleagrach na hÉireann.

## Buíochas

Bhí scileanna agus saineolas Bhord Ghrúpa na Sionainne, a d'fhreastal roimhe sin ar Bhord Údarás Aerfort na Sionainne cpt, thar a bheith luachmhar maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chomhtháthú aonaid straitéiseacha gnó an Ghrúpa. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo as ucht a dtiomantas agus a dtuiscintí maidir le treorú agus rialú na cuideachta i gcaitheamh na bliana.

Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil le stiúrthóirí na mBord a bhí ar Fhorbairt na Sionainne agus Oidhreacht na Sionainne roimhe seo, go háirithe John Brassil agus Willie Loughnane, a bhí ina gCathaoirligh faoi seach ar gach Bord acu, as a gcuid oibre i gcaitheamh na mblianta.

Bhí tacaíocht agus spreagadh ár scairshealbhóir, an tAire Iomopair, Turasóireachta agus Spóirt, Paschal Donohoe TD, a ceapadh i mí Iúil 2014, a tháinig i gcomharbacht ar Leo Varadkar TD, ríthábhachtach agus ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don bheirt acu. Is mór againn an saothar a rinne siad féin agus oifigigh a roinne i rith 2014. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton TD agus lena Roinn as cabhrú linn leis an aistriú réidh ó Mhaoin Tráchtála na Sionainne chuig Grúpa na Sionainne cpt.

> **"Táimid fós dírithe go daingean ar dheiseanna fáis a sheachadadh ar fud an Ghrúpa."**

Is trí obair chrua agus dúthracht na bainistíochta agus fhostaithe Ghrúpa na Sionainne cpt a bhain an Grúpa an méid sin amach i 2014, agus táthar fíorbhuíoch de sin. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don phríomhról a bhí ag ár POF, Neil Pakey, agus an Fhoireann Fheidhmeannach, i gcur i bhfeidhm ár straitéise do 2014, agus maidir le haistriú agus comhtháthú an Ghrúpa a stiúrú.

Táthar an-bhuíoch de thiomantas na Foirne Feidhmeannach, na bainistíochta agus ár bhfostaithe i rith bliana inar tharla athrú suntasach agus inar baineadh a lán amach agus táimid ag tnúth le leanúint leis an rath i 2015.

Mar chríoch, ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lenár gcustaiméirí go léir. Táimid buíoch de bhur ngnó agus táimid ag tnúth le leanúint ag obair libh sna blianta atá le teacht.

**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*

# Bhailigh Grúpa na Sionainne os cionn €36,000 do charthanachtaí i 2014

**Leathanach thall:**
**Dúshlán Bhuicéid Oighir na Sionainne**
*Jennifer Kearns, Nandi O'Sullivan, Pia Dempsey, Pamela Brooks, Deirde Whitney, Rose Hynes, Cathaoirleach, Údarás Aerfort na Sionainne, Denise Mangan Fahy, Mary Danaher, Louise O'Hara agus Marie Slattery. Le Jacquie Fahy, Helen Downes, Yvonne Kennedy, Carmel Cronin, Linda Thynne, Patricia Culligan, Regina Duffy, Margaret Devine, Sinead Murphy agus Ann Bagnell.*

**An Leathanach seo:**
**Rás Mór Luimnigh**
*John O'Dwyer, Chloe O'Dwyer,Leah O'Dwyer, Pamela Brooks & Natasha Naughton, Fostaithe Ghrúpa na Sionainne & a dTeaghlach, ar tógadh pictiúr díobh roimh dóibh páirt a ghlacadh i Rás Mór Luimnigh le linn Deireadh Seachtaine Saoire Bainc na Bealtaine i 2014.*



# *Tógáil ar a bhfuil bainte amach le dea-thodhchaí a rianadh do Ghrúpa na Sionainne*



## *Athbhreithniú ag na bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin*

Ar an 5ú Meán Fómhair 2014 ghlacamar an chéad chéim mar chuideachta nua tráchtála leathstáit.

Le ceithre aonad straitéiseach gnó, Aerfort na Sionainne, Maoin Tráchtála na Sionainne, Oidhreacht na Sionainne agus IASC, ag fostú os cionn 600 duine san ardséasúr, táimid ag feidhmiú go forleathan, le leasanna gnó ar fud na hÉireann.

Cé gur cuireadh tús le caibidil nua dúinn ar an 5ú Meán Fómhair, d'oibrigh gach aonad straitéiseach gnó den Ghrúpa go dlúth le chéile i gcaitheamh 2014. Faoin bhFoireann Feidhmeannach nua thosaíomar ag tiomsú na sineirgí nádúrtha atá laistigh den Ghrúpa leis an gcéad tionscnamh sa réimse seo bainteach le haitheantas bhranda an Ghrúpa a chruthú le teacht lenár ngnólachtaí agus a bpróifíl a ardú.

*"Oibrímid le lorg leathan, le páirtithe leasmhara gnó ar fud na hÉireann."*

In éineacht leis an bpríomh-thosaíocht maidir le comhtháthú a dhéanamh ar ár n-aonaid straitéiseacha gnó, leagamar síos cúram dúinn féin freisin maidir le feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht agus ar ár mbrabúsacht, agus tionscadail infheistíochta caipitil a sholáthar le feabhas a chur ar fheidhmíocht ár ngnó i 2014. Ba chuspóir tábhachtach freisin é plean straitéiseach cúig bliana a fhorbairt maidir leis an treo don todhchaí don Ghrúpa nua.

### Feidhmíocht

**Grúpa na Sionainne cpt**

Rinneamar sprioc a shocrú dúinn féin maidir le tógáil ar an slánúchán a baineadh amach i 2013 agus léiríonn na torthaí do 2014 gur éirigh linn ár gcuspóirí a bhaint amach. Tá seo le feiceáil ach go háirithe maidir le luas atá faoin bhfás ag Aerfort na Sionainne, le méadú líon na gcuairteoirí ar láithreacha Oidhreacht na Sionainne, pleananna gnó a chur le chéile agus gnó nua a thiomáin do Mhaoin Tráchtála na Sionainne agus deiseanna fáis a lorg do bhraislí eitlíochta na Sionainne trí shaothar IASC.

I gcaitheamh na gceithre mhí tosaigh den oibríocht, rinne Grúpa na Sionainne láimhdeachas de €21.1 milliún a thaifead agus ar thuilleamh roimh ús, cáin, díluacháil agus amúchadh (EBITDA) de €1.73 milliún.

Éilíonn gach gnó de chuid an Ghrúpa infheistíocht agus thugamar faoi chlár infheistíochta caipitil €6.9 milliún ar fud an Ghrúpa i 2014.

Ag an aerfort, d'oibríomar le custaiméirí ár n-aerlíne le comhdhlúthú agus fás a dhéanamh ar na seirbhísí atá ann. Thosaíomar freisin ar an bpróiseas maidir le réitigh nua-aimseartha réadmhaoine a fhorbairt le tionóntaí nua a mhealladh chuig Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, agus aithníodh acmhainn maidir le deiseanna fáis d'Oidhreacht na Sionainne sa todhchaí. Rinneamar tuilleadh forbartha ar IASC le tógáil ar an líonra seirbhísí a bhaineann le heitlíocht atá sa tSionainn. Sa bhreis ar sin ar fad b'fhéidir, d'éirigh le Bord agus Feidhmeannas an Ghrúpa comhtháthú a dhéanamh ar na gnóthaí ar leith i nGrúpa na Sionainne, agus beidh sé le feiceáil gur bhliain stairiúil í seo don tSionainn agus dá réigiún.

## Aerfort na Sionainne

Bhain Aerfort na Sionainne fás suntasach amach i 2014, ag fáiltiú roimh 1.64 milliún paisinéirí, ar ionann é agus méadú 17% nó 240,000 ar líon na bpaisinéirí, ar an mbliain roimhe sin. Baineadh na gnóthachain sin amach trí 12 bealach nua a sholáthar agus méadú ar acmhainn agus minicíocht na seacht seirbhís atá ann. Déanadh éascú ar seo trí bhreis aerárthach bunaithe le Ryanair, breis aerárthach bunaithe le Aer Lingus do sheirbhísí RA agus dhá aerárthach bunaithe B757 Aer Lingus ag freastal ar aerfoirt JFK agus Boston.

Baineadh fás amach inár bpríomhearnálacha margaidh, leis an bhfás ba mhó ar thrácht Eorpach le méadú 70%. Lean an trácht trasatlantach ag feidhmiú go láidir le méadú 10% agus méadú 5% ar thrácht chuig an RA. Táimid ag obair go dlúth le gníomhaireachtaí turasóireachta náisiúnta agus lenár gcomhpháirtithe arlíne le comhdhlúthú a dhéanamh ar an bhfás a baineadh amach i 2014.

Cé go raibh an bhliain dearfach go foriomlán, bhain díomá le cailliúint bhealaí Stobart Air chuig Birmingham, Bristol agus Edinburgh. Táimid ag obair go dian le hathsholáthar a dhéanamh ar na seirbhísí seo agus tá an-áthas orainn go mbeidh tús á chur ag Stobart Air arís lena sheirbhís idir an tSionainn agus Birmingham le haerárthaigh níos mó, le sé eitiltí fillte in aghaidh na seachtaine. Cuireann seo bealach eile lenár sceideal samhraidh do 2015, le 45,000 suíochán breise á soláthar.

Tháinig feabhas suntasach freisin ar bhrabúsacht an Aerfoirt i 2014 le €4.6 milliún á thuilleamh roimh ús, cáin, díluacháil agus amúchadh (EBITDA), ar mhéadú 34% é ar 2013. Baineadh an méadú seo ar bhrabús amach i bpáirt trí mhéadú ar líon na bpaisinéirí agus ar bhealaí nua agus freisin trí fheabhas a chur ar bhainistíocht éifeachtúlachtaí costais.

Rinneamar infheistíocht ar €4.4 milliún san Aerfort i roinnt tionscadal caiteachais chaipitil le huasghrádú a dhéanamh ar ár saoráidí agus tosú ar aghaidh a thabhairt ar an ngann-infheistíocht stairiúil in infreastruchtúr an Airfoirt. I measc na dtionscadal bhí: uasghrádú ar fhorleagan rúidbhealaigh aerfoirt, oibreacha uasghrádaithe sábháilteachta dóiteáin, córas nua TF miondíola agus córas nua bainistíochta tráchta.

Mar chuid d'ár dturas leanúnach mar aerfort neamhspleách, rinneamar athsheoladh ar Saor ó Dhleacht na Sionainne, a bunaíodh ar dtús i 1947 é agus arbh é an chéad siopa saor ó dhleacht ar domhan é. Tá an-áthas orainn Grúpa Heinemann, a bhfuil cáil dhomhanda orthu, a fháil mar chomhpháirtí nua agus táimid ag tnúth le hoibriú leo le cabhrú linn branda íocónach Saor ó Dhleacht na Sionainne a athbhunú.

Leanfar le haghaidh a thabhairt ar an mbonn costais oibríochtúil i 2015 agus éifeachtúlacht chostais a aithint lenár n-inbhuanaitheacht a chinntiú agus a chur ar ár gcumas iomaíocht go héifeachtach agus ár spriocanna infheistíochta a bhaint amach. Tosaíocht eile a bheidh i bhforfheidhmiú céimneach ár gclár infheistíochta caipitil agus ár dtionscadail a sholáthar le feabhas a chur ar thaithí ár gcustaiméirí agus ardchaighdeán slándála agus sábháilteachta a choimeád laistigh den Aerfort.

Táimid ag feidhmiú i margadh a bhfuil méadú ag teacht ar an iomaíocht le haerlínte atá níos soghluaiste ná mar a bhí riamh, go háirithe laistigh den Eoraip. Tá sé riachtanach dúinn a bheith iomaíoch go mbeadh ar ár gcumas leanúint le haerlínte phaisinéirí agus lastais a mhealladh chun na Sionainne. Tá ár nascacht a choimeád le moil aerfoirt dhomhanda mar Aerfort Heathrow riachtanach freisin. Cuirtear fáilte roimh an bPolasaí Náisiúnta Eitlíochta nua mar go ndéanfaidh sé éascú ar infheistíocht isteach ó aerlínte thar lear ag tabhairt tuilleadh nascachta a chabhraíonn leis an dá ghnó agus le tionscal na turasóireachta, le feabhas dá réir ar fheidhmíocht eacnamaíoch do gheilleagar na hÉireann trí chéile.

Tharla idirbheartaíocht fhairsing ar réiteach a fháil ar thearcmhaoiniú Scéim Aoisliúntais Aerlínte na hÉireann (IASS) idir na príomhfhostóirí (Aer Lingus / daa) agus ionadaithe na bhfostaithe i rith 2014. Tá áthas orainn gur cuireadh clabhsúr leis seo in Aibreán 2015. Cuireadh ann do scéim ranníocaíochta pinsin sochair sainithe d'fhostaithe Aerfort na Sionainne le feidhm ón 1 Eanáir 2015.

## Maoin Tráchtála na Sionainne

Ba bhliain aistrithe í 2014 freisin do Mhaoin Tráchtála na Sionainne. I rith na bliana, rinne an Chuideachta forbairt ar phlean gnó inbhuanaithe lena shainordú nua mar chuideachta maoine tráchtála a chur chun cinn dírithe ar a punann lárnach maoine a fhorbairt.

Ba é an brabús oibriúcháin ó ghníomhaíochtaí leanúnacha roimh bhearnúchán i 2014 ná €0.6 milliún le hais chaillteanas de €1.6 milliún i 2013.

Lean an Chuideachta le hinfheistíocht a dhéanamh ina maoin i 2014 le caiteachas caipitil de €2.4 milliún. I measc na dtionscadal ar tugadh fúthu bhí athchóiriú ar chuid de Theach Aerfort na Sionainne, foirgneamh mór oifige il-ligean le Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, le hais Aerfort na Sionainne.

I 2014, shínigh an Chuideachta 66 comhaontú nua léasa agus chríochnaigh 26 idirbheart talún, arbh é an ceann ba shuntasaí ná bunachar talún ag an bPáirt Teicneolaíochta Náisiúnta, Luimneach, a dhíol le ÚFT Éireann.

Fanfar dírithe ar aghaidh a thabhairt ar ghann-infheistíocht stairiúil inár bpunann réadmhaoine agus tionscadail beartaithe le hathghiniúint agus athfhorbairt a dhéanamh ar phríomhláithreáin réadmhaoine na Cuideachta thar am.

Agus úsáid á bhaint as sineirgí nádúrtha laistigh den Ghrúpa, oibreoidh Maoin Tráchtála na Sionainne le hAerfort na Sionainne agus IASC le tairiscintí réadmhaoine a sholáthar a cheadóidh fás ar an mbraisle eitlíochta atá i réigiún na Sionainne, ar phríomhchuspóir ag Grúpa na Sionainne é.

Cuirtear fáilte roimh na spriocanna infheistíochta réigiúnach atá i bplean cúig bliana ÚFT Éireann (2015 go dtí 2019). Táimid chun leanúint ag obair leo sin agus le Fiontraíocht Éireann le haghaidh a thabhairt ar riachtanais infheistíochta eachtrach agus dúchais araon agus réitigh réadmhaoine a cheapfaí go sonrach a sholáthar d'fhonn na gnóthais sin a mhealladh chuig réigiún na Sionainne.

## Oidhreacht na Sionainne

Lean Oidhreacht na Sionainne leis an méadú dearfach ar líon na gcuairteoirí, le gnóthacháin suntasacha i 2014. D'fhreastal os coinn 637,000 cuairteoir ar a punann de seacht láthair turasóireachta lae agus a ceithre ionad siamsaíochta oíche i rith na bliana, ar mhéadú 11% ar an mbliain roimhe sin é. Thuairisc Oidhreacht na Sionainne láimhdeachas de €11.9 milliún don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014, ar mhéadú 7.6% ar an mbliain roimhe sin é agus an bhliain is fearr aici ó 2007. Táimid chun oibriú le comhdhlúthú a dhéanamh ar an bhfás seo i 2015.

Thug beagnach 85,000 duine cuairt ar Chaisleán Rí John athchóirithe i Luimneach i 2014, ar ionann é agus dúbailt ar líon na gcuairteoirí nuair a chuirtear i gcomparáid leis an mbliain iomlán deireanach oibríochta é.

Ba bhliain speisialta do Luimneach í 2014 agus bhí áthas orainn a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí Luimneach, Cathair an Chultúir, agus cur leis an gclár trí 'athachtú ar Léigear Luimnigh' a chur ar siúl ag Caisleán Rí John. Rinneamar óstáil freisin ar imeacht chorparáideach sa Chaisleán le 'Turas an Fhathaigh' trí Luimneach a mharcáil.

Cuireann Grúpa na Sionainne fáilte roimh pholasaí nua turasóireachta an Rialtais agus roimh an tacaíocht tábhachtach a thugann an Rialats lena chinntiú go bhfanann turasóireacht i gcroílár pholasaí eacnamaíoch na hÉireann agus maidir le haitheantas a thabhairt do ról an aerfoirt i bhforbairt gheilleagair na hÉireann agus i nginiúint fostaíochta. Táimid chun leanúint le tacaíocht a thabhairt dár gcomhpháirtithe turasóireachta agus le hoibriú le gníomhaireachtaí náisiúnta turasóireachta le turasóireacht a fhás in Iarthar na hÉireann.

Tuigimid go bhfuil freagracht orainn leanúint le cothabháil agus caomhnú a dheánamh ar na láithreáin stairiúla atá á mbainistiú againn, a bhfuil ardchostas cothabhála ag baint leo. Táimid dírithe ar bhrabúsacht a fheabhsú d'fhonn athinfheistiú a dhéanamh sna láithreáin stairiúla seo. D'fhonn sin a bhaint amach, beidh aghaidh á thabhairt againn ar ár mbonn costais agus slite á n-aithint le feabhas a chur ar éifeachtúlacht le hinbhuanaitheacht agus brabúsacht Oidhreacht na Sionainne a chinntiú.

D'fhonn a chur ar ár gcumas iomaíocht le nithe eile den scoth is díol spéise do thurasóirí, tá sé tábhachtach dúinn cothabháil agus forbairt a dhéanamh ar thairiscint bheoga turasóireachta. Chuige sin, déanfaimid tógáil ar ár mbuanna agus ár saineolas le tógáil ar na táirgí atá ann agus féachfar ar bhealaí nuálacha le feabhas a chur ar thaithí ár gcustaiméirí.

Tá an-áthas orainn gur ceapadh Oidhreacht na Sionainne le mórionad cuairteoirí a oibriú, atá á chruthú ag An Post i mBaile Átha Cliath le comóradh a dhéanamh ar imeachtaí 1916. Déanfar an tIonad, atá á thógáil faoi láthair, a oscailt go luath i 2016 ag an AOP i lár na cathrach. Beidh an taithí nua seo do thurasóirí mar thaispeántas buan do chuairteoirí Éireannacha agus idirnáisiúnta.

## Lárionad Seirbhísí Eitlíochta Idirnáisiúnta (IASC)

Tá IASC ag obair le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhraisle an tionscail eitlíochta atá sa tSionainn. Faoi láthair soláthraíonn os cionn 40 cuideachta sa tSionainn seirbhísí a bhaineann le heitlíocht, ag fostú timpeall 1,600 duine. Is iad cothabháil agus léasú aerárthach príomhghníomhaíochtaí an bhraisle atá sa tSionainn faoi láthair.
Tá foireann lárnach IASC ann anois agus iad dírithe ar níos mó forbartha a dhéanamh ar Réigiún na Sionainne mar mhol aeraspáis na hÉireann agus ar chumasú a dhéanamh ar pholasaí eitlíochta an Rialtais a fhorfheidhmiú. Táimid chun leanúint le hoibriú le gníomhaireachtaí forbartha fiontair, ag tabhairt fócais sainearnála agus buntáistí na Sionainne á gcur i láthair mar láthair do chuideachtaí aeraspáis dhomhanda. Tá idirbheartaíocht ar siúl againn le cuid de na cuideachtaí seo d'fhonn iad a mhealladh chuig an réigiún.

Déanann an dréacht-Pholasaí Eitlíochta Náisiúnta an tSionainn a ainmniú mar Ionad Barr Feabhais do Ghnó na hEitlíochta. Tá fáilte á chur againn roimh thiomantas an Rialtais maidir le tacú le gníomhaíochtaí MRO, go háirithe maidir le trasdul léasa agus a aitheantas foriomlán ar thábhacht bhraisle eitlíochta na Sionainne laistigh den tionscal aeraspáis dhomhanda.

Tá an t-ádh leis an tSionainn go bhfuil go leor talún forbartha ar fáil, agus mar chuid dá straitéis fadtéarmach, tá IASC ag dul ar aghaidh le próiseas dearaidh agus pleanála do haingear nua sa tSionainn.

## Ár nDaoine

Le trí bliana anuas tharla athruithe suntasacha d'ár bhfostaithe, ag tosú le cinneadh an Rialtais feidhmeanna maoine Fhorbairt na Sionainne, agus a fochuideachta Oidhreacht na Sionainne, a thabhairt le chéile le hAerfort na Sionainne neamhspleách.

Tá ardchumas agus tiomantas fhostaithe Ghrúpa na Sionainne riachtanach go leanfadh ár ngnó ag freastal ar ionchais na gcustaiméirí agus ar éilimh an ghnó. Táimid tar éis cur leis an mbonn scileanna atá ann le sprioc-earcú i réimsí fáis ghnó agus tá bainistíocht fheidhmíochta agus próiseas forbartha á chur i bhfeidhm againn d'fhonn a chinntiú go mbíonn ár ndaoine agus ár straitéis ghnó i gcomhréiteach.

Tuigimid go bhfuilimid i margadh idirnáisiúnta ina bhfuil méadú ar iomaíocht ann. Is gá dúinn a chinntiú go mbaintear an chothromaíocht cheart amach maidir le fórsa oibre ardoilte, inspreagtha agus dírithe ar chustaiméirí a fhorbairt, agus ag an am gcéanna a chinntiú go mbíonn straitéis i leith daoine againn a bhíonn iomaíoch agus cost-éifeachtúil.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do shaothar ár bhfostaithe i gcaitheamh na tréimhse aistrithe seo agus i gcabhrú linn ár spriocanna a bhaint amach do 2014.

## Fócas ar Fhás

Agus sinn ag leanúint lenár gcúram maidir le tógáil ar móiminteam agus ar ar baineadh amach i 2014, creidim go ndéanfaidh ár gceithre aonad straitéiseach gnó in éineacht laistigh d'aon ghrúpa amháin deiseanna a chruthú do chomhoibriú agus sineirgí sa todhchaí. Beidh sé tábhachtach go mbaintear leas as na sineirgí seo agus iarracht á dhéanamh againn a chur ar chumas Ghrúpa na Sionainne a acmhainn a chomhlíonadh agus a bheith mar chainéal tábhachtach le fás a spreagadh ar fud an gheilleagair réigiúnach agus náisiúnta sna blianta amach anseo.

Le cruthú ár bplean straitéiseach cúig bliana, tá mapa anois againn mar ar féidir linn todhchaí spreagúil agus inbhuanaithe a bheith ann. Táim ag tnúth le freastal ar na dúshláin atá romhainn, agus oibriú lenár bhfostaithe, ár bpáirtithe leasmhara, ár gcustaiméirí, ár scairshealbhóirí agus lenár bpobail d'fhonn ár bpleananna don todhchaí a chomhlíonadh.

**Neil Pakey**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*



**Fáilte Éireann agus Oidhreacht na Sionainne ag Caisleán Rí John i gCathair Luimnigh**
*Marie Slattery, Jane Stokes, Margaret Connelly, Aisling Travers, Christina Walsh, Antoinette Reilly, Caroline Cole, Nandi O'Sullivan, Brendan Liddy, Karen Geoghegan, Brenda King, Ellen Redmond agus John Ruddle leis na haisteoirí David Collins agus Kyle Heaney.*

***Thuairisc Oidhreacht na Sionainne an bhliain oibriúcháin ab fhearr ó 2007 le láimhdeachas de €11.9 milliún i 2014.***

# Bord Stiúrtha Ghrúpa na Sionainne cpt

**Rose Hynes, Cathaoirleach**
Ceapadh Rose Hynes mar Chathaoirleach ar Ghrúpa na Sionainne cpt nuair a déanadh corprú air ar an 29 Lúnasa 2014. Tá sí mar chathaoirleach ar Fhochoiste Luach Saothair agus ar Fhochoiste Maoine agus Infheistíochta Ghrúpa na Sionainne. Ceapadh í chuig Bord Údarás Aerfort na Sionainne cpt agus mar Chathaoirleach Ainmnithe i Samhain 2012 agus ceapadh mar Chathaoirleach í in Eanáir 2013. Is dlíodóir í agus tá sí mar Chathaoirleach ar Ervia (ar tugadh Bord Gáis Éireann roimhe seo air) ó mhí Iúil 2009. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin freisin ar roinnt cuideachtaí í ar a n-áirítear Total Produce plc, mar a bhfuil sí mar Stiúrthóir Sinsearach Neamhspleách agus Mincon Group plc mar a bhfuil sí mar Stiúrthóir Sinsearach Neamhspleách. Bhí roinnt post sinsearach feidhmiúcháin aici roimhe seo le GPA Group plc, agus mar iarbhall de bhord de roinnt cuideachtaí ar a n-áirítear Grúpa Aer Lingus cpt, Fyffes plc, Concern agus Banc na hÉireann.

**Neil Pakey, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
Ceapadh Neil Pakey chuig Bord Ghrúpa na Sionainne cpt nuair a déanadh corprú air ar an 29 Lúnasa 2014. Ceapadh ar Bhord Údarás Aerfort na Sionainne é i Meitheamh 2013. Ceapadh chuig Bord Oidhreacht na Sionainne é i Meán Fómhair 2013. Is é Neil an POF ar Ghrúpa na Sionainne. Tá sé freisin mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Bhoird Údarás Aerfort na Sionainne Teoranta, agus Fiontair Thráchtála na Sionainne Teoranta (ceapadh ar an mBord seo é i Meán Fómhair 2014) agus Caisleán Cóisire agus Oidhreacht na Sionainne Teoranta agus é mar bhall de Bhord de Luimneach, Cathair an Chultúir.

**Tony Brazil**
Ceapadh Tony Brazil chuig Bord Ghrúpa na Sionainne cpt nuair a déanadh corprú air ar an 29 Lúnasa 2014. Tá sé mar chathaoirleach ar Ghrúpa Comhairleach Díolacháin agus Margaíochta Ghrúpa na Sionainne agus é ar an bhFochoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Ceapadh ar Bhord Údarás Aerfort na Sionainne agus ar Bhord Fhorbairt na Sionainne i mBealtaine 2013 agus ar Bhord na Caisleán Cóisire agus Oidhreacht na Sionainne Teoranta i mí Lúnasa 2013. I Meán Fómhair 2014, tar éis dó a bheith ceaptha ar Bhord Ghrúpa na Sionainne agus faoi Acht Ghrúpa na Sionainne, d'éirigh sé as oifig mar stiúrthóir ar Údarás Aerfort na Sionainne, Forbairt na Sionainne agus Shannon Castle Banquets and Heritage. Bhí sé mar Stiúrthóir Bainistíochta ar Limerick Travel le os cionn 40 bliain.

**Joe Buckley**
Ceapadh Joe Buckley chuig Bord Ghrúpa na Sionainne cpt nuair a déanadh corprú air ar an 29 Lúnasa 2014 mar Ionadaí na bhFostaithe. Tá sé ar an bhFochoiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil. Ceapadh chuig Bord Údarás Aerfort na Sionainne é i mí na Márta 2013 mar Ionadaí na bhFostaithe in Aerfort na Sionainne. I Meán Fómhair 2014, tar éis dó a bheith ceaptha ar Bhord Ghrúpa na Sionainne agus faoi Acht Ghrúpa na Sionainne, d'éirigh sé as oifig mar stiúrthóir ar Údarás Aerfort na Sionainne. Faoi láthair tá sé ina Bhainisteoir - Caidrimh Eachtraigh, Lastais & Eitlíocha Gnó.

**Tom Coughlan**
Ceapadh Tom Coughlan chuig Bord Ghrúpa na Sionainne cpt nuair a déanadh corprú air ar an 29 Lúnasa 2014 agus tá sé ar an bhFochoiste Luach Saothair. Ceapadh ar Bhord Údarás Aerfort na Sionainne é i mBealtaine 2013. I Meán Fómhair 2014, tar éis dó a bheith ceaptha ar Bhord Ghrúpa na Sionainne agus faoi Acht Ghrúpa na Sionainne, d'éirigh sé as oifig mar stiúrthóir ar Údarás Aerfort na Sionainne. Tá sé mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae an Chláir.

**Pat Dalton**
Ceapadh Pat Dalton chuig Bord Ghrúpa na Sionainne cpt nuair a déanadh corprú air ar an 29 Lúnasa 2014. Tá sé mar chathaoirleach ar Fhochoiste Iniúchóireachta agus Riosca Ghrúpa na Sionainne agus é ar an bhFochoiste Maoine agus Infheistíochta. Ceapadh ar Bhord Údarás Aerfort na Sionainne agus ar Fhorbairt na Sionainne é i mí Feabhra 2013. I Meán Fómhair 2014, tar éis dó a bheith ceaptha ar Bhord Ghrúpa na Sionainne agus faoi Acht Ghrúpa na Sionainne, d'éirigh sé as oifig mar stiúrthóir ar Údarás Aerfort na Sionainne agus Forbairt na Sionainne. Faoi láthair tá Pat mar Phríomhoifigeach Airgeadais agus mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar One Fifty One plc.

**Michael Leydon**
Ceapadh Michael Leydon chuig Bord Ghrúpa na Sionainne cpt nuair a déanadh corprú air ar an 29 Lúnasa 2014. Tá sé ar na Fochoistí Maoine agus Infheistíochta agus Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil. Ceapadh ar Bhord Údarás Aerfort na Sionainne é i mí Iúil 2013. I Meán Fómhair 2014, tar éis dó a bheith ceaptha ar Bhord Ghrúpa na Sionainne agus faoi Acht Ghrúpa na Sionainne, d'éirigh sé as oifig mar stiúrthóir ar Údarás Aerfort na Sionainne. D'oibrigh Michael le Forbairt na Sionainne ar feadh 33 bliana ó 1979 go dtí 2012 agus sula ndeachaidh sé ar scor bhí sé mar Stiúrthóir Maoine agus Infreastruchtúir ag Forbairt na Sionainne agus mar Bhainisteoir ar an Rannóg Fuinnimh.

**Kevin McCarthy**
Ceapadh Kevin McCarthy chuig Bord Ghrúpa na Sionainne cpt nuair a déanadh corprú air ar an 29 Lúnasa 2014 mar Ionadaí na bhFostaithe. Tá sé ar an bhFochoiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil. Ceapadh chuig Bord Údarás Aerfort na Sionainne é i mí na Márta 2013 mar Ionadaí na bhFostaithe in Aerfort na Sionainne. I Meán Fómhair 2014, tar éis dó a bheith ceaptha ar Bhord Ghrúpa na Sionainne agus faoi Acht Ghrúpa na Sionainne, d'éirigh sé as oifig mar stiúrthóir ar Údarás Aerfort na Sionainne. Tá 35 bliain caite ag Kevin ag obair i Seirbhís Póilíneachta agus Dóiteáin Aerfort na Sionainne.

**Kathryn O'Leary Higgins**
Ceapadh Kathryn O'Leary Higgins chuig Bord Ghrúpa na Sionainne cpt nuair a déanadh corprú air ar an 29 Lúnasa 2014. Tá sí mar chathaoirleach ar an bhFochoiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil. Ceapadh ar Bhord Údarás Aerfort na Sionainne í i mí Márta 2013. I Meán Fómhair 2014, tar éis di a bheith ceaptha ar Bhord Ghrúpa na Sionainne agus faoi Acht Ghrúpa na Sionainne, d'éirigh sí as oifig mar stiúrthóir ar Údarás Aerfort na Sionainne. Is comhairleoir ar pholasaí poiblí agus saineolaí iompair í atá bunaithe sna SA agus í ina hUachtarán ar an Higgins Company, ar chomhlacht caidrimh rialtais é.

**Liam O'Shea**
Ceapadh Liam O'Shea chuig Bord Ghrúpa na Sionainne cpt nuair a déanadh corprú air ar an 29 Lúnasa 2014. Tá sé ar an bhFochoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus Luach Saothair agus freisin ar an nGrúpa Comhairleach Díolacháin agus Margaíochta. Ceapadh ar Bhord Údarás Aerfort na Sionainne é i mí Márta 2013. I Meán Fómhair 2014, tar éis dó a bheith ceaptha ar Bhord Ghrúpa na Sionainne agus faoi Acht Ghrúpa na Sionainne, d'éirigh sé as oifig mar stiúrthóir ar Údarás Aerfort na Sionainne. Faoi láthair tá Liam mar SB ar Clare FM agus Tipp FM, agus mar Chathaoirleach ar Spin South Sest agus is iarChathaoirleach é ar Clare FM. Déanadh ionduchtú air chuig Hall of Fame Raidió PPI i 2013.


Rose Hynes


Neil Pakey


Tony Brazil


Joe Buckley


Tom Coughlan


Pat Dalton


Michael Leydon


Kevin McCarthy


Kathryn O'Leary Higgins


Liam O'Shea

# Foireann Feidhmiúcháin Ghrúpa na Sionainne



Neil Pakey
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*
*Grúpa na Sionainne cpt*



Mary Considine
*Rúnaí na Cuideachta*
*Grúpa na Sionainne cpt*



Patrick Edmond
*Stiúrthóir Straitéise an Ghrúpa*
*Stiúrthóir Bainistíochta IASC*



Niall Maloney
*Stiúrthóir Oibríochtaí Aerfoirt*
*Aerfort na Sionainne*



David McGarry
*Príomhoifigeach Airgeadais*
*Grúpa na Sionainne cpt*



Andrew Murphy
*Príomhoifigeach Tráchtála*
*Grúpa na Sionainne cpt*



Chris O'Donovan
*Stiúrthóir AD*
*Grúpa na Sionainne cpt*



Ray O'Driscoll
*Stiúrthóir Bainistíochta*
*Maoin Tráchtála*
*Grúpa na Sionainne cpt*



John Ruddle
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*
*Oidhreacht na Sionainne*



Oíche siamsaíochta ag Caisleán na Cnapóige, Co. an Chláir

# *Freagracht Shóisialta Chorparáideach*

Aithníonn Grúpa na Sionainne an tionchar láidir a bhíonn againn ar na pobail áitiúla agus aithnímid ár bhfreagracht dóibh agus an timpeallacht ina bhfuilimid ag obair agus ag déanamh gnó.

Tá ár gclár freagrachta sóisialta corporáideach lárnach dá mbíonn á dhéanamh again agus tá an mhian “rud éigin a thabhairt ar ais” daingnithe inár gcultúr corporáideach. Tá sé mar aidhm againn cabhrú lenár bhfostaithe cur leis an sochaí le spreagadh a thabhairt dóibh a bheith rannphháirteah i dtionscnaimh chomhshaoil, phobail agus tiomsaithe airgid.











TACÚ LENÁR BPOBAL GNÓ




TIOMSÚ AIRGID AGUS TACÚ LE CARTHANACHTAÍ ÁITIÚLA

shannon GROUP

Freagracht Shóisialta Chorparáideach




OIDEACHAS AGUS NUÁLAÍOCHT A CHOTHÚ

ÁR DTIMPEALLACHT A CHOSAINT



TACÚ LE HEALAÍN PHOIBLÍ AGUS LE CULTÚR



## *Sracfhéachaint ar ár bhFreagracht Shóisialta Chorparáideach:*

### Ár dTimpeallacht a Chosaint



*Spreagtar athchúrsáil ag gach láthair – i 2014 chabhraigh fostaithe réamhghníomhacha Ghrúpa na Sionainne le fuíolläbhar láithreáin líonta a laghdú 30%*

Leanann Aerfort na Sionainne le laghdú a bhaint amach ar úsáid fuinnimh bliain i ndiaidh a chéile le freastal ar sprioc an Rialtais (SEAI) d'fheabhas 33% a bhaint amach ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2020. Tá seo á bhaint amach trí roinnt tionscadal éifeachtúolachta fuinnimh, monatóireacht mhíosúil agus clár feasachta caomhnaithe fuinnimh aerfoirt. Ceann de na príomhthionscadail a soláthraíodh i 2014 ná suiteáil soilsithe sráide LED taosach ar fhuinneamh i gcampas an aerfoirt.

Táimid ag leanúint le bainistiú a dhéanamh ar oibríocht an Aerfoirt i gcomhréiteach leis an Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LCS) d'éin agus Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCS) suite ar thailte an aerfoirt agus lena n-ais, atá faoi dhlínse an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta - an tSeirbhís Páirceanna Nádúrtha agus Fiadhúlra.

Leanann Grúpa na Sionainne le tacú le téarnamh agus athchúrsáil ar phacáistíocht ar earraí a sholáthraítear, mar atá leagtha síos sna Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistíocht) 2007. Mar shampla, i 2014 rinneamar laghdú 30% ar mhéid na dramhaíola ag dul chuig líonadh talún ón Aerfort agus leanfar leis an iarracht tuilleadh feabhais a bhaint amach sna blianta amach anseo.

Tá spreagadh gníomhach á thabhairt againn do na fostaithe i ngach láthair athchúrsáil a dhéanamh agus tá feabhas curtha againn ar leibhéil ár n-athchúrsála.

### Rannpháirtíocht an Phobail



*Chuaigh os cionn 2,500 leanbh agus a dtuismitheoirí chun na spéire le bualadh le San Nioclás i dtionscnamh Aerfort na Sionainne le tacaíocht ó Ryanair agus Swissport*

Cuireann ár gclár rannpháirtíochta leis an bpobal le réimse gníomhaíochtaí éagsúla. Samplaí de na tionscadail ar thugamar cúnamh dóibh i 2014:

- Eitiltí chuig San Nioclás, mar a ndeachaidh breis agus 2,500 leanbh agus a dtuismitheoirí chun bualadh le San Nioclás, le heitiltí ar leith curtha in áirithe do ghrúpaí le riachtanais speisialta. Bhailigh an imeacht airgead do na Clare Crusaders agus Scoil San Gaibriéil i Luimneach.
- Chuir Maoin Tráchtála na Sionainne ceapach thalún ar fáil do phobal áitiúil Shráid na Cathrach, Co. an Chláir, le forbairt a dhéanamh ar láthair phicnicí ag an dTrá Bhán.
- Bhunaigh an tAerfort foireann tacaíochta speisialta le cabhrú le heitiltí Oilithreachta Dheoise.
- Rinne Oidhreacht na Sionainne éasú ar oíche 'cards by candlelight' i gCaisleán agus Gairdíní Mhullach Íde i mBaile Átha Cliath ar mhaithe le Pieta House.
- Rinne cuideachtaí Ghrúpa na Sionainne urraíocht ar roinnt clubanna spóirt áitiúla agus thug tacaíocht d'Fhoireann Trasphlandaithe na hÉireann a bhí rannpháirteach i gCluichí Trasphlandaithe agus Scagdhealuithe na hEorpa.

### Tacú lenár bPobal Gnó




*Rose Hynes, Cathaoirleach, Grúpa na Sionainne cpt, leis na laochra spóirt Keith Wood agus Davy Fitzgerald ag seoladh thionscnamh Aerfort na Sionainne le tacú le Gnó is Phobal*

Tá Grúpa na Sionainne tiomanta tacú leis an bpobal gnó agus bhíothas rannpháirteach i roinnt tionscnamh i rith na bliana:

- Bhí Aerfort na Sionainne i gcomhpháirtíocht le feachtas cruthaithe fostaíochta Connect Ireland agus chuaigh i mbun chláir chomharthaíochta agus bhrandála ag an Aerfort.
- Rinne an tAerfort óstáil agus urraíocht ar roinnt imeachtaí líonraithe gnó i rith na bliana, ar a raibh imeacht líonraithe i gcomhar le cuairt Mhéara Boston ar Éirinn agus Fóram POF Chomhlachas Tráchtála na Sionainne.
- Rinneamar urraíocht ar Chruinniú Mullaigh Turasóireachta na hEorpa, a chuir béim ar an tábhacht eacnamaíoch agus an mhóracmhainn a bhainfeadh le forbairt a dhéanamh ar straitéis turasóireachta spóirt.
- D'oibrigh Maoin Tráchtála na Sionainne le fiontar áitiúil i Maigh Rois, Luimneach, le talamh a sholáthar d'úsáid an phobail agus d'oibrigh le Comharchumann Forbartha Pobail An Cnoc Theas le haonaid spáis oibre a sholáthar d'úsáid an phobail.

### Tiomsú Airgid agus Tacú le Carthanachtaí Áitiúla:

Tugann ár bhfostaithe a gcuid ama agus a scileanna go gníomhach le hairgead a thiomsú do charthanacht. Gach bliain, roghnaíonn fostaithe carthanachtaí le tacú leo agus tugann siad faoi ghníomhaíochtaí tiomsaithe airgid. Ina theannta sin, rinne an fhoireann obair dheonach le cabhrú roinnt tionscnamh tiomsaithe airgid do charthanacht chorparáideach, a bhailigh os cionn €36,000 do charthanachtaí áitiúla agus náisiúnta. Ar na tionscnaimh ar tugadh futhu bhí:

- Bunú an chéad Rith Oíche Rúidbhealaigh in Éirinn, a rinne os cionn 1,500 duine a mhealladh ón bpobal áitiúil agus a




*Pictiúr d'fhostaithe an Aerfoirt ag bronnadh seic ar €26,000 ar na Samaritans, a bailíodh trí thionscnaimh tiomsaithe airgid na bhfostaithe, ar bhain roinnt carthanachtaí tairbhe astu i rith na bliana*

thug deis uathúil dóibh rith ar rúidbhealach in Aerfort na Sionainne. Ba é an príomhthairbhí ar an imeacht seo ná na Samaritans.

- I mBealtaine 2014, rinne foireann Aerfort na Sionainne rothaíocht dian carthanachta 175km ar son charthanachtaí réigiún an Iarthair Láir. Ar na tairbhithe bhí: an tAonad Náisiúnta den Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, Luimneach, na Samaritans agus brainse an Chláir de Chumann Scléaróise Iolraí na hÉireann (MS).
- I mí na Nollag 2014, chuir Oidhreacht na Sionainne Crann Nollag Déirce ar bun ag Caisleán agus Gairdíní Mhullach Íde i mBaile Átha Cliath ar son Naomh Uinseann de Pól.
- Thug Grúpa na Sionainne tacaíocht do réimse tionscnamh riachtanais speisialta i nGaillimh, sa Chlár, i Luimneach agus i dTiobraid Árann i rith na bliana.

## Oideachas agus Nuálaíocht a Chothú:




*Thug painéal de chainteoirí ardphróifíl aitheasc do os cionn 600 mac léinn ag imeacht Ceannaireachta Ógra Teicneolaíochta na hÉireann ag Aerfort na Sionainne*

Tá an grúpa tiomanta oideachas agus nuálaíocht a chothú agus tugadh faoi na nithe seo a leanas i 2014:

- Rinneamar urraíocht ar imeacht ógra Ghrúpa Ceannaireachta Teicneolaíochta na hÉireann ag an Aerfort a rinne 600 mac léinn a mhealladh ó gach áit ar fud na hÉireann agus sholáthair cuideachtaí meantóireacht dóibh.
- I gcaitheamh na bliana rinne an tAerfort éascú ar thurais dea-mhéine ar an aerfort do scoileanna, gasóga agus grúpaí le riachtanais speisialta.

## Tacú le hEalaín Phoiblí agus le Cultúr:

Bhí Clár Ealaíona Poiblí agus Cultúir ar siúl ag Grúpa na Sionainne i 2014:

- Le Luimneach, Cathair an Chultúir a mharcáil, rinne Aerfort na Sionainne, i gcomhar leis an Limerick Leader, Músaem agus Cartlann Cathrach Luimnigh agus Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh, óstáil ar thaispeántas d'iomhánna ó Luimneach sna 1970dí ó chartlann grianghrafadóireachta



*Tá Neil Pakey, POF, Grúpa na Sionainne cpt, sa phictiúr ag Aerfort na Sionainne leis na healaíontóirí le linn nochtadh saothair ealaíne a thugann dúshlán do thuairimí maidir le míchumas*

an Limerick Leader. Ba é teideal an taispeántais – 'From Limerick with Love.'

- Is píosa ealaíne ar scála mór é 'The Journey Unknown' a chruthaigh cúigear ealaíontóirí áitiúla le dúshlán a thabhairt do thuiscintí maidir le míchumas, ealaín agus cuimsiú, a nochtadh ag Aerfort na Sionainne i rith na bliana.
- Rinne Oidhreacht na Sionainne óstáil ar imeacht ceoil aireagail ag Caisleán agus Gairdíní Mhullach Íde i mBaile Átha Cliath le hairgead a bhailiú do Cheolfhoireann Aireagail Bhinn Éadair na leanaí.
- Rinne Oidhreacht na Sionainne éascú ar chúrsa 12 seachtain do scríbhneoirí ag Ionad Scríobhaithe Luimnigh, agus rinne siad urraíocht ar leabhair a sheoladh i rith na bliana freisin.

## Urraíocht Spóirt:




*Réalta spóirt atá ag teacht chun cinn ag fógra maidir le hurraíocht Aerfort na Sionainne ar Chluichí Bhunscoileanna na Mumhan CLG*

Aithnímid an tábhacht atá le spórt maidir le sláinte agus folláine agus déanadh iad seo a leanas i 2014:

- Rinneamar urraíocht ar roinnt imeachtaí áitiúla CLG, rugbaí, lúthchleasaíochta agus rothaíochta ar fud an réigiúin, ina measc bhí Bunchluichí CLG na Mumhan agus Staid 2 de rás rothaíochta Chamchuairt Idirnáisiúnta Sóisearach na hÉireann.
- Rinne Oidhreacht na Sionainne urraíocht agus sholáthair ionad seolta do rothaíocht/rith/siúlóid Chuimhneacháin Pakie Ryan.
- Chuireamar saoráidí ar fáil do Rith Mór Luimnigh agus bhí foireann d'fhostaithe Ghrúpa na Sionainne rannpháirteach san imeacht.

# *Buaicphointí na Bliana*

## Féachaint siar ar chuid de phríomh-bhuaicphointí agus imeachtaí 2014

**1 Seoladh Aerfort Neamhchustaim na Sionainne**
I mí na Samhna, rinne Grúpa na Sionainne cpt athsheoladh ar Aerfort Neamhchustaim na Sionainne, ag tabhairt a bhunteidil ar ais don chéad aerfort neamhchustaim ar domhan, a bunaíodh i 1047. Cuireadh siamsaíocht faoi thionchar na 1940 ar siúl mar cheiliúradh ag Aerfort na Sionainne. Sa phictiúr le comhchosúlacht Marilyn Monroe Caroline Flynn tá: Rose Hynes, Cathaoirleach Ghrúpa na Sionainne cpt agus an POF Neil Pakey.

**2 Seoladh chlár imeachtaí samhraidh Oidhreacht na Sionainne**
Sa Bhealtaine, bhí scata carachtar faoi fheisteas in éineacht le John Ruddle, Príomhfheidhmeannach, Oidhreacht na Sionainne (sa lár), do sheoladh chláir fhairsing imeachtaí samhraidh na Cuideachta. Bhí spraoi Sorcais, léirithe amharclannaíochta agus fabhalscéalta Ceilteacha ar an gclár ag mórán de nithe is díol spéise do thurasóirí ag an gCuideachta sa Chlár, i Luimneach, i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath.

**3 Méara Bhoston**
Sa Mheán Fómhair, rinne Grúpa na Sionainne cpt óstáil ar cheiliúradh tagtha abhaile ag Aerfort na Sionainne do Marty Walsh, Méara nuathofa ar Bhoston. I meas na n-aíonna bhí Méaraí na hÉireann, Cathaoirligh, agus ionadaithe gnó ilnáisiúntach SAM. Tá an Méara Walsh (ar dheis) sa phictiúr le Neil Pakey, POF, agus Rose Hynes, Cathaoirleach, Grúpa na Sionainne cpt.

**4 An chéad chuairt ag an Aire Donohoe ar Aerfort na Sionainne in aireacht nua**
Tá an tAire Paschal Donohoe TD sa phictiúr (sa lár) i mí Lúnasa 2014 ar an gcéad turas a thug sé chuig Aerfort na Sionainne tar éis a cheapacháin mar Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Ag cur fáilte roimhe ag an Aerfort tá Cathaoirleach Aerfort na Sionainne, Rose Hynes agus an POF, Neil Pakey.

**5 An 13 milliúnú paisinéir ag Ryanair**
Ar an 1 Nollaig 2014, chabhraigh Aerfort na Sionainne le Ryanair ceiliúradh a dhéanamh ar na 13 milliúnú paisinéir tríd an Aerfort. Thaisteal POF Ryanair, Michael O'Leary chuig an Aerfort leis an ócáid a cheiliúradh trí eitilt teaghlaigh le Ryanair a bhronnadh ar an 13 milliúnú paisinéir. Sa phictiúr ó chlé tá: Neil Pakey, POF, Grúpa na Sionainne cpt, Michael O'Leary agus na buaiteoirí – teaghlach Rachuta, Piotr, Marta agus a n-iníon Amelia atá 4 bliana d'aois, le Rose Hynes, Cathaoirleach, Grúpa na Sionainne cpt, an tAire Airgeadais Michael Noonan TD, agus Pat Breen TD.

**6 Teacht abhaile Andy Lee**
An laoch dornálaíochta Andy Lee ar a theacht chuig Aerfort na Sionainne ag tús cheiliúrtha tar éis dó teideal meánmheáchain Domhanda WBO a bhaint amach i Las Vegas i mí na Nollag 2014.

**7 Ruby Walsh ag Aerfort na Sionainne**
An marcach Ruby Walsh ag Aerfort na Sionainne le hurraíocht teidil an Aerfoirt a sheoladh d'fhéile rásaíochta na Nollag 2014 ag Ráschúrsa Luimnigh.

**8 Comóradh 40 bliain John Crane ag SFZ**
I Meán Fómhair 2014, rinne Grúpa na Sionainne cpt bronnadh ar an gcomhlachtinnealtóireachta teicneolaíochta domhanda John Crane Ireland, mar chomóradh ar cheiliúradh 40 bliain na Cuideacha ó bunaíodh a oibríochtaí i Limistéar Neamhchustaim na Sionainne. Sa phictiúr (ó chlé) tá: Ray O'Driscoll, Stiúrthóir Bainistíochta, Maoin Tráchtála, Grúpa na Sionainne cpt, Chris Milici, Bainisteoir Monarcha, John Crane Ireland le Billy Cahill, John Crane Ireland.

**9 Ambasadóir SAM**
Ambasadóir SAM chun na hÉireann Kevin O'Malley (2ú ó chlé), ar a chéad chuairt ar Aerfort na Sionainne tar éis a cheaptha chun an phoist, sa phictiúr le Stiúrthóirí Ghrúpa na Sionainne cpt (ó chlé) Tony Brazil agus Tom Coughlan. Bhí Pat Breen TD ann freisin le fáilte a chur roimh an Ambasadóir.

**10 Rith Oíche Rúidbhealaigh**
Ghlac os coinn 1,500 duine páirt sa chéad Rith Oíche Rúidbhealaigh ag Aerfort na Sionainne ar an 4 Iúil. Sa phictiúr ag seoladh Rith Oíche Rúidbhealaigh Bhanc na hÉireann, ar mhaithe leis na Samaritans, tá: (ó chlé) Andrew Murphy, Príomhoifigeach Tráchtála, Grúpa na Sionainne, Rose Hally, Bainisteoir Sinsearach, Banc na hÉireann, an tSionainn, Keith Wood, W2 Consulting, Niall Moloney, Stiúrthóir Oibríochtaí, Aerfort na Sionainne agus Neil Pakey, POF, Grúpa na Sionainne.

1.



2.



3.



4.





5.




6.



7.



8.



9.




10.





Ambasadóir na Síne chun na hÉireann H.E. Jianguo Xu ag bualadh le Cathaoirleach Aerfort na Sionainne, Rose Hynes, ar an 20ú Meitheamh 2014

# Tuarascáil Stiúrthóirí agus Ráitis Airgeadais

Tuarascáil Stiúrthóirí ....... 28

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Stiúrthóirí ....... 37

Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách ....... 38

Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta ....... 39

Cuntas Brabúis agus Caillteanais Comhdhlúite ....... 42

Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Comhdhlúite ....... 43

Clár Comhordaithe Comhdhlúite ....... 44

Clár Comhordaithe na Cuideachta ....... 45

Ráiteas Sreabhaidh Airgid Comhdhlúite ....... 46

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais ....... 47

# Tuarascáil Stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus a ráitis airgeadais iniúchta comhdhlúite do Ghrúpa na Sionainne cpt ("an Grúpa") don tréimhse ón ionchorprú ar an 29 Lúnasa 2014 go dtí 31 Nollaig 2014.

## Bunú Ghrúpa na Sionainne cpt

Déanadh corprú ar Ghrúpa na Sionainne cpt tar éis achtú Acht um Aerfoirt Stáit (Grúpa na Sionainne), 2014 ("Acht Ghrúpa na Sionainne").

Ar an 5 Meán Fómhair 2014, aistríodh úinéireacht na scaireanna go léir ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, in Údarás Aerfort na Sionainne cpt ("Aerfort na Sionainne") agus Fiontair Thráchtála na Sionainne Teoranta (Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne roimhe seo) ("Maoin Tráchtála na Sionainne"), chuig Grúpa na Sionainne cpt ("Grúpa na Sionainne"). Bhí foráil in Acht Ghrúpa na Sionainne nach mbeadh aon chomaoin iníoctha le Grúpa na Sionainne maidir le scaireanna dílsithe do Ghrúpa na Sionainne. Tá tuilleadh sonraí ar chuntasaíocht éadála chomaoine i Nóta 8 leis na ráitis airgeadais.

Ar bhunú an Ghrúpa, déanadh fochuideachtaí d'Aerfort na Sionainne agus Maoin Tráchtála na Sionainne de Ghrúpa na Sionainne cpt. D'fhan Shannon Castle Banquets and Heritage Limited (ag trádáil mar "Oidhreacht na Sionainne") agus Kilrush Creek Marina Limited mar fhochuideachtaí de Mhaoin Tráchtála na Sionainne.

## Príomhghníomhaíochtaí

Is iad príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa ná feidhmiú, bainistiú agus forbairt Aerfort na Sionainne ("an tAerfort"), bainistíocht agus forbairt ar phunann fhairsing mhaoine thráchtála Mhaoin Tráchtála na Sionainne, ar a n-áirítear Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, agus feidhmiú na láithreán turasóireachta a bhíonn á mbainistiú ag Oidhreacht na Sionainne.

## Athbhreithniú ar an nGnó agus Forbairtí sa Todhchaí

In éineacht leis an eolas a áirítear sa tuarascáil seo, tá miontráchtaireacht ar fheidhmíocht don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2014 ar a n-áirítear eolas ar imeachtaí le déanaí, forbairtí is dóichí a bheidh in ann don ghnó sa todhchaí agus príomhtháscairí feidhmíochta, atá riachtanach de réir Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986, i Ráiteas an Chathaoirligh agus Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin.

Is cuideachta leathstáit atá i nGrúpa na Sionainne cpt le sainordú soiléir tráchtála. Is í aidhm Ghrúpa na Sionainne cur chun cinn agus éascú a dhéanamh ar sheirbhísí iompair aeir agus eitlíochta in Aerfort na Sionainne agus ina thimpeall, agus uasmhéadú a dhéanamh ar bhrabús ar a thalamh agus a mhaoin agus a scairsheilbh i bhfochuideachtaí. Tá ceithre aonad gnó straitéiseach sa Ghrúpa a nascann úinéireacht, feidhmíocht agus bainistíocht Aerfort na Sionainne; gníomhaíochtaí bainistíochta maoine agus forbartha Mhaoin Tráchtála na Sionainne; bainistíocht nithe is díol spéise do thurasóirí lae agus gnó siamsaíochta oíche ag láithreacha éagsúla oidhreachta a bhíonn á bhfeidhmiú ar Oidhreacht na Sionainne, agus an Ionad Seirbhísí Eitlíochta Idirnáisiúnta ("IASC") dírithe ar tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcnuasach dea-bhunaithe eitlíochta sa tSionainn.

Ceapadh Neil Pakey mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) ar Ghrúpa na Sionainne cpt ar a chorprú, in éineacht lena ról mar POF ar Aerfort na Sionainne agus Maoin Tráchtála na Sionainne. Tá Foireann Fheidhmiúcháin ceaptha aige a bheidh i gceannas ar fhorbairt Ghrúpa na Sionainne cpt agus a fhochuideachtaí.

## Torthaí don Tréimhse

Tá na torthaí don Ghrúpa don tréimhse ón gcorprú (29 Lúnasa 2014) go dtí 31 Nollaig 2014 leagtha amach sa chuntas brabúis agus caillteanais ar leathanach 42 agus sna nótaí a bhaineann leis.

Agus monatóireacht á dhéanamh ar fheidhmíocht an Ghrúpa, tógann na stiúrthóirí agus an bhainistíocht ceann de réime príomhtháscairí feidhmíochta ar a n-áirítear iad seo a leanas:

**Príomhtháscairí Feidhmíochta**
Líon Phaisinéirí an Aerfoirt
Líon iontrálacha Oidhreacht na Sionainne
Láimhdeachas
EBITDA (tuilleamh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh)
Brabús tar éis Cánach
Glan-iarmhéid airgid
Caiteachas caipitiúil
Ioncam caipitiúil

Tá na stiúrthóirí sásta leis an bhfeidhmíocht don tréimhse, toisc gurb í an tréimhse seo an 'séasúr gualainne' don Aerfort agus d'Oidhreacht na Sionainne araon. Rinne an Grúpa brabús comhdhlúite de €0.6 milliún (tar éis cánach) a thaifead agus ba é an láimhdeachas comhdhlúite don tréimhse ná €21.1 milliún. Ba é líon na bpaisinéirí Aerfoirt don tréimhse ná 521,000 agus chuir láithreacha Oidhreachta fáilte roimh 128,000 cuairteoir sa tréimhse.

Grúpa EBITDA (tuilleamh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh) don tréimhse ná €1.73 milliún. Ceaptar go bhfuil an toradh seo sásúil toisc gur tuilleadh é le linn an ísealséasúir agus léiríonn sé fócas leanúnach ar ghiniúint ioncaim agus ar rialú costais thar gach aonad gnó.

Tá cúlchistí airgid ag an nGrúpa le freastal ar a riachtanais oibriúcháin agus caiteachais athfhillteacha caipitil ghearrthéarma. Bhí an Grúpa saor ó fhiacha ar an 31 Nollaig 2014, le riocht airgeadais de €27.9 milliún.

Feictear go bhfuil tionscadail caiteachais chaipitiúla, a thugann aghaidh ar ghann-infheistíocht stairiúil, riachtanach d'inbhuanaitheacht Aerfort na Sionainne, Maoin Tráchtála na Sionainne agus Oidhreacht na Sionainne sa todhchaí. Rinne an Grúpa infheistíocht de €3.1 milliún i dtionscail chaipitil le linn na tréimhse. Ina theannta sin bhain an Grúpa €8.2 milliún amach ar dhiúscairtí caipitil le linn na tréimhse.

## Rioscaí bhunairgid agus neamhchinnteachtaí

Ceapann na stiúrthóirí gurb iad seo a leanas na príomhthosca a bhfuil riosca ag baint leo a bhféadfadh drochthionchar agus tionchar ábhartha a bheith acu ar bhrabús oibriúcháin agus riocht airgeadais an Ghrúpa sa todhchaí. Tá an Bord tar éis roinnt nósanna imeachta agus cleachtais a chur ann lena chinntiú go ndéantar na rioscaí seo a bhainistiú, athbhreithniú agus a mheasúnú.

## Rioscaí bhunairgid agus neamhchinnteachtaí - *ar lean*

**Leanúnachas gnó**

Tá oibríochtaí an Ghrúpa faoi réir rioscaí feidhmíochta agus rioscaí eile gan choinne mar dhrochaimsir, dóiteán, tuilte, teip ar chórais mheicniúla, teipeanna teicniúla agus sceimhlitheoireacht. D'fhéadfadh go gcuirfí isteach go mór ar oibríochtaí agus ar ghníomhaíochtaí tráchtála de bharr ghníomhaíochta tionsclaíoch inmheánach nó tríú páirtí. D'fhéadfadh tionchar suntasach airgeadais agus/nó clú a bheith ag cur isteach fadtéarmach ar an nGrúpa.

*Maolú*

Tá iarracht á dhéanamh ag an nGrúpa deireadh a chur le baol neamhleanúnachais seirbhíse trí phleananna dea-fhorbartha leanúnachais agus athléimneacht i bpríomhchórais a bheith ann. Sa chás go gcuireann imeachtaí isteach ar sheirbhísí, cuireann an Grúpa a phleananna leanúnachais gnó i bhfeidhm d'fhonn íoslaghdú a dhéanamh ar thionchar an chur isteach.

**Sláinte, Sábháilteacht, Slándáil agus Comhshaol**

Tá ceisteanna sláinte, sábháilteachta, slándála agus comhshaoil fíorthábhachtach laistigh den Ghrúpa. Tá gnóthaí an Ghrúpa faoi réir réimse dlíthe, rialachán agus caighdeán comhshaoil agus sláinte agus sábháilteachta atá ag éirí níos daingne. D'fhéadfaí smachtbhannaí ábhartha a chur i bhfeidhm ar an nGrúpa dá sárófaí aon dlí nó rialachán dá leithéid agus d'fhéadfadh sin drochthionchar ábhartha a bheith aige ar ghnó an Ghrúpa.

Is aerfort idirnáisiúnta é Aerfort na Sionainne a dhéanann freastal ar bhealaí trasatlantacha, RA agus Eorpacha, a fheidhmíonn i dtimpeallacht ina bhfuil níos mó fócais ar shlándáil eitlíochta agus ar riachtanais sábháilteachta. Tá an Grúpa mothálach, dá réir sin, maidir le haon tarlú dá leithéid ag an Aerfort nó laistigh den tionscal domhanda a bhféadfadh drochthionchar a bheith aige ar mhuinín an tomhaltóra, pleananna taistil an tomhaltóra, gluaiseachtaí aerthaistil, líon na bpaisinéirí, líon na gcuairteoirí agus ar fheidhmíocht fhoriomlán airgidis an Ghrúpa dá réir.

*Maolú*

Is cuid lárnach de straitéisí maolaithe an Ghrúpa é oiliúint foirne i réimsí sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil, chomh maith le béim láidir a bheith ar mhonatóireacht ar chomhlíonadh. Ceapadh iad seo le cosc a chur ar shárú tromchúiseach ar dhualgais reachtúla nó rialála eile. Leanann an Grúpa le hinfheistíocht a dhéanamh i suiteálacha sábháilteachta agus slándála agus in acmhainní le freastal ar na riachtanais dlíthiúla agus rialála de réir na gcaighdeán tionscail is fearr thar gach aonad gnó. Bíonn an Grúpa rannpháirteach go gníomhach, ach go háirithe, le comhlachtaí éagsúla an Stáit agus páirithe leasmhara eile le haghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sláinte, sábháilteachta, slándála agus comhshaoil a bhaineann le haerfort idirnáisiúnta a fheidhmiú.

**Feidhmíocht Airgeadais**

Tá ioncam an Ghrúpa mothálach maidir le coinníollacha iomaíocha agus eacnamaíochta sna margaí agus sna hearnálacha ina mbíonn sé ag feidhmiú. Príomhthoisc a mbíonn tionchar aici ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa is ea líon na bpaisinéirí agus líon ghluaiseachtaí aerárthach ag Aerfort na Sionainne, cumas Maoin Tráchtála na Sionainne idirbheartaíocht nua a dhéanamh, agus athnuachan a dhéanamh ar léasanna a bhfuil deireadh ag teacht leo agus líon na gcuairteoirí chuig láithreáin faoi bhainistíocht Oidhreacht na Sionainne. D'fhéadfadh drochthionchar a bheith ag méadú ar iomaíocht, laghdú ar éileamh tomhaltóra agus thionchar níos mó céimeanna déine ar leibhéal foriomlán ghiniúna ioncaim an Ghrúpa.

Baineann an Grúpa tairbhe freisin as cairdeas le gníomhaireachtaí rialtais ar a n-áirítear ÚFT Éireann, Turasóireacht Éireann, Fáilte Éireann agus Fiontraíocht Éireann. D'fhéadfadh drochthionchar a bheith ag athrú ar thosaíochtaí straitéiseacha na ngníomhaireachtaí seo, nó laghdú ar a mbuiséad, ar ghnó an Ghrúpa, ar a n-áirítear laghdú ar líon na bpaisinéirí, na gcuairteoirí agus na dtionónta ionchasach nua.

Tá an Grúpa oscailte freisin maidir le méadú ar chostais ag éirí as nádúr a bhonn costais oibríochta. Fágann nádúr seasta agus leath-sheasta a chostais oibríochta oscailte é maidir le baol go mbeadh costais aonaid níos airde i dtimpeallacht ina bhfuil ioncam cothrom nó ag titim.

Tá tionchar ag luaineacht mhargadh maoine na hÉireann, go háirithe in ionaid réigiúnacha, ar luach margaidh phunann fhairsing infheistíochta maoine an Ghrúpa. Beidh tionchar ag cobhsú/téarnamh an mhargaidh maoine réigiúnach ag ghluaiseachtaí i luach na bpunann maoine infheistíochta.

Tá dualgas ar an nGrúpa a chinntiú go mbíonn gach aonad gnó inbhuanaithe agus go gcruthaíonn siad go leor brabúis laistigh den aonad gnó le hathinfheistíocht a cheadú san aonad gnó sin, ar a n-áirítear athinfheistíocht chaipitil. Tá sé riachtanach go n-aithneodh an Grúpa sineirgí nádúrtha, éifeachtúlacht agus go mbaintear úsáid éifeachtach as gach acmhainn.

*Maolú*

Feidhmíonn an Grúpa córais láidre rialála gnó agus airgeadais (ar a n-áirítear breithmheas caipitil) le tuairisciú rialta ar fheidhmíocht airgeadais, comharthaíocht luath ar imeacht ábhartha ó phlean agus freagracht bhainistíocht an aonaid ghnó don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Tá an Grúpa dírithe ar fheabhsú leanúnach na bpróiseas le héifeachtúlacht a thiomáint, feabhas a chur ar sholúbthacht agus bainistiú réamhghníomhach a dhéanamh ar a bhonn costais. Tá an Grúpa dírithe ar ghníomhaíocht bhainistíochta réamhghníomhach a ghlacadh agus straitéisí maithe tráchtála a chur i bhfeidhm le méadú a dhéanamh ar líon a bpaisinéirí trí Aerfort na Sionainne agus líon na gcuairteoirí trí láithreáin Oidhreacht na Sionainne, a thabharfaidh níos mó ioncaim, agus a ioncam cíosa i Maoin Tráchtála na Sionainne a choimeád agus a mhéadú. Tá próisis ag an nGrúpa lena chinntiú go bhfanann sé suas chun dáta le treochtaí an mhargaidh maoine agus tá sé dírithe ar a mhaoin a choimeád, trí chlár infheistíochta agus uasghrádú, le freastal ar ionchais an tomhaltóra. Déanann an Grúpa athbhreithniú rialta ar na táirgí a bhíonn á dtairiscint don tomhaltóir lena chinntiú go mbíonn siad ábhartha, tarraingteach agus go mbíonn luach ar airgead ag baint leo.

**Pinsin**

Tá formhór d'fhostaithe Aerfort na Sionainne ina mbaill de Scéim Aoisliúntais (Fostaithe Ginearálta) Aerlínte Éireann ('IASS') atá reoite anois. De bharr reo na scéime tharla laghdú ar na leasa a mbeifí ag súil leo do bhaill ghníomhacha na scéime.)

**Rioscaí bhunairgid agus neamhchinnteachtaí** - *ar lean*

Faoi théarmaí an Chomhaontaithe Aistrithe Gnó le daa cpt ("an daa"), má d'aontaigh an daa ar shocrú a bhain le fostaithe Aerfort na Sionainne, de bhun idirbheartaíochta maidir leis an Scéim IAS leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais agus/nó an Chúirt Oibreachais rannpháirteach ann, déanfaidh an daa maoiniú ar mhéid an tsocraithe sin atá inchurtha i leith teidlíochtaí na Scéime IAS sa mhéid agus a bhaineann sé le seirbhísí fhostaithe Aerfort na Sionainne roimh an dáta aistrithe den 31 Nollaig 2012. Tá an daa tar éis a dheimhniú go mbeidh comhlíonadh an chlásail bunaithe ar chomhaontú le fostaithe sin Aerfort na Sionainne faoi 15 Aibreán 2015. Tá an daa tar éis a chur in iúl d'Aerfort na Sionainne go mbeidh deireadh acu le haon rannpháirtíocht, i ndiaidh an dáta sin, le ceisteanna a bhaineann le pinsin d'fhostóirí Aerfort na Sionainne a bhí fostaithe roimhe seo ag an daa.

*Maolú*

Leanfaidh an Grúpa le monatóireacht a dhéanamh ar an scéal agus oibreoidh siad le comhlachtaí ionadaíocha an daa agus na bhfostaithe le réiteach sásúil a bhaint amach. Tá an próiseas rannpháirtíochta casta agus tá mórán páirtithe i gceist ann. Ní féidir aon chinnteacht a bheith ann go mbainfear comhaontú amach idir na páirtithe go léir atá páirteach ann.

**Iomaíocht**

Tá an Grúpa ag feidhmiú i dtimpeallacht ina bhfuil iomaíocht suntasach. Agus aerfort idirnáisiúnta á oibriú aige, tá an Grúpa faoi réir iomaíochta ó aerfoirt eile in Éirinn agus aerfoirt idirnáisiúnta ar fud na hEorpa. Toisc gur chuideachta leathstáit atá sa Ghrúpa tá air cloí le riachtanais rialachais agus reachtaíochta nach mbeadh i gceist d'iomaitheoirí idirnáisiúnta, á chur faoi mhíbhuntáiste ó thaobh iomaíochta de.

Le riocht ceannais Aerfort Bhaile Átha Cliath laistigh de mhargadh na hÉireann, is féidir go mbeadh drochthionchar ag gréasán bóithre naisc iompair phoiblí feabhsaithe le hAerfort Bhaile Átha Cliath ar fheidhmíocht Aerfort na Sionainne le bealaí agus paisinéirí á gcailliúint don aerfort stáit níos mó. In éineacht leis seo, d'fhéadfadh drochthionchar a bheith ag cistiú ón Státchiste do bhealaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ('OSP') ó aerfoirt Chiarraí agus Dhún na nGall, maidir le saomhadh an mhargaidh chuig/ó Aerfort na Sionainne, faoi mar a fhéadfadh rannpháirtíocht chothromais na gComhairlí éagsúla in Aerfort Chnoc Mhuire. Caithfidh Aerfort na Sionainne a chinntiú go gcoimeádann sé bonnchostas inbhuanaithe, agus go mbíonn sé éifeachtach agus inoiriúnaithe le freastal ar éilimh an ghnó.

*Maolú*

Tá bainistíocht an Ghrúpa ar an airdeall i gcónaí maidir hiomaíocht ó aerfoirt, réigiúin agus tíortha eile maidir le feidhmíocht Aerfort na Sionainne. Coimeádann an bhainistíocht luach tairisceana réigiúin na Sionainne faoi athbhreithniú. Coimeádann bainistíocht an Ghrúpa dea-chaidreamh oibre leis na páirtithe leasmhara, ar a n-áirítear an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, lena chinntiú go mbíonn siad suas chun dáta ar pholasaithe nuashonraithe. Coimeádann an bhainistíocht fócas i gcónaí ar bhonn costais an Aerfoirt, lena chinntiú go mbíonn sé éifeachtach agus inoiriúnaithe d'éilimh an ghnó.

**Leachtacht, státchiste agus cistiúchán**

Tá an Grúpa neamhchosanta maidir le rioscaí áirithe airgeadais agus cistiúcháin, ar a n-áirítear rátaí úis luaineacha, rioscaí chreidmheasa agus rioscaí leachtachta.

Is é an t-airgead a ghineann an gnó an bunfhoinse chistiúcháin atá ar fáil don Ghrúpa. Tá go leor acmhainní cistiúcháin ar fáil don Ghrúpa le freastal ar na riachtanais chistiúcháin ghearrtéarma atá réamh-mheasta dá oibríochtaí agus dá chlár infheistíochta caipitil. Tá an Grúpa saor ó fhiacha faoi láthair. Ullmhaíodh plean straitéiseach cúig bliana agus táthar ag feitheamh ar dhul i gcomhairle leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus ina dhiaidh sin cuirfear faoi bhráid an Bhoird Stiúrtha é le faomhadh a fháil air. Tá riachtanais chistiúcháin an Ghrúpa thar théarma cúig bliana an phlean leagtha amach agus tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar straitéis chistiúcháin le freastal ar riachtanais mheán agus fhadtéarma an Ghrúpa.

Bíonn an Grúpa i mbun idirbhearta airgeadais i ngnáthimeachtaí an ghnó le roinnt contrapháirtithe agus d'fhéadfadh caillteanas airgid a bheith i gceist sa chás go dteipfeadh ar aon cheann de na contrapháirtithe sin nó go loiceadh orthu i bhfeidhmiú a n-oibleagáidí faoi seach.

*Maolú*

Glactar cur chuige cáiréiseach maidir le bainistíocht leachtachta ar a n-áirítear cistiú ar riachtanais suntasacha infheistíochta.

Déanann an bhainistíocht monatóireacht rialta ar neamhchosaint na gcontrapháirtithe agus tuairiscítear don Bhord de réir mar is gá.

Feidhmíonn an Grúpa córais láidre rialúcháin ghnó agus airgidis le tuairisciú rialta ar shreabhadh airgid agus riocht an airgid ar láimh, le comharthaíocht luath ar imeacht ábhartha ón bplean agus déantar athbhreithnuithe lena chinntiú go gcoimeádtar leachtacht sa ghearr agus sa bhfadtéarma. Tá saoráid rótharraingthe de €10 milliún ar fáil le freastal ar riachtanais chaipitil oibre ghearrthéarma. Leagann dréachtphlean straitéiseach an Ghrúpa agus an straitéis chistiúcháin a bhaineann leis amach na príomhchóimheasa agus lamháltais fheidhmíochta mar a ndéanann an Grúpa bainistíocht ar a leachtacht, a bhrabús agus giaráil.

**Rialachas agus comhlíonadh**

Tá an Grúpa faoi réir réimse leathan riachtanas reachtúil agus rialachais, ar a n-áirítear na cinn sin atá leagtha síos i ndlí cuideachtaí na hÉireann agus na hEorpa. D'fhéadfadh droch-chaillteanas airgeadais nó dochar do chlú an Ghrúpa a bheith i gceist dá ndéanfaí aon sárú ar na riachtanais seo.

*Maolú*

Tá struchtúir agus próisis ag an nGrúpa le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na riachtanas rialála, reachtaíochta agus rialachais.

Tá cur chuige réamhghníomhach, réamhbhreathnaitheach ag na nGrúpa le monatóireacht a dhéanamh ar athruithe rialála agus reachtaíochta agus é rannpháirteach go gníomhach leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ina thaobh seo. Bíonn an Grúpa rannpháirteach freisin le heagraíochtaí seachtracha eile a sholáthraíonn

**Rioscaí bhunairgid agus neamhchinnteachtaí** - *ar lean*

comhairle agus oiliúint ar na ceisteanna seo don bhainistíocht.

**Infheistíochtaí agus acmhainn**

Tá bainistíocht agus feidhmiú an aerfoirt agus na láithreáin stairiúla dian ó thaobh caipitil de. Ina theannta sin, bhí punann maoine infheistíochta an Ghrúpa, bonneagar an aerfoirt agus sóchmhainní oidhreachta faoi réir ghanninfheistíochta go stairiúil. Agus ár ndualgais maidir leis na páirtithe leasmhara á n-aithint againn, tá baol ann nach soláthródh an infheistíocht a déanadh maidir le gníomhaíochtaí rialála, uasghrádú ar mhaoin infheistíochta agus caomhnú na bhfoirgneamh stairiúil na torthaí nó an sreabhadh airgid atá ag teastáil.

*Maolú*

Tá an Grúpa cinntithe ar a riosca maidir le hinfheistíochtaí tráchtála agus tá leibhéil lamhálatais airgeadais socraithe dá réir. Bíonn cinntí maidir le hinfheistíocht i ngníomhaíochtaí rialála, uasghrádú ar mhaoin infheistíochta agus caomhnú na bhfoirgneamh stairiúla bunaithe ar ionchur gairmiúil bunaithe ar fhianaise agus iad faoi réir fhaofa an Bhoird.

**Spleáchas ar chroí-chustaiméirí**

Tá ionchas gluaiseachta aerthráchta ag Aerfort na Sionainne sa todhchaí agus líon na gcuairteoirí ag láithreáin Oidhreachta na Sionainne sa todhchaí ag brath, cuid mhór, ar straitéisí agus neart airgeadais chroí-chustaiméirí aerlíne sa todhchaí agus custaiméirí na bpríomhthionscnóirí turais faoi seach. D'fhéadfadh drochthionchar a bheith ag athruithe ar threo straitéiseach a leithéid de phríomh-chustaiméirí, mar athstruchtúrú ar líonra na mbealaí, comhdhlúthú thionscal aerlíne nó athrú ar úinéireacht nó ar rialú chustaiméirí nó tionscnóirí turas suntasacha ar ghnó an Ghrúpa.

*Maolú*

Tá an Grúpa dírithe ar fanacht suas chun dáta le forbairtí i dtionscail aerlíne agus turasóireachta agus ar an iomaíochas a thairiscint agus oiriúnacht a shaoráidí do riachtanais a chustaiméirí reatha agus ionchasacha.

**Caighdeáin oibriúcháin**

Tá dualgas ar an nGrúpa caighdeáin éagsúla oibriúcháin agus cáilíochta a bhaint amach, ar a n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, na caighdeáin sin atá socraithe ag Údarás Eitlíochta na hÉireann mar chuid dá riachtanais cheadúnaithe aeradróim. D'fhéadfaí smachtbhannaí a chur i bhfeidhm mura mbainfí aon cheann de na caighdeáin sin amach, suas le, agus ag áireamh aistarraingt a dhéanamh ar cheadúnas oibríochta an Aerfoirt.

*Maolú*

Tá córais ag an nGrúpa le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh le caighdeáin cháilíochta atá bunaithe go seachtrach. Áirítear sna córais seo sonraí a ghabháil, monatóireacht leanúnach agus géarú oiriúnach ar phróisis.

**Córais teicneolaíochta faisnéise**

Tá córais éifeachtacha agus sábháilte teicneolaíochta faisnéise riachtanach do bhainistíocht éifeachtach an ghnó agus le tacú le gníomhaíochtaí oibríochtúla. Dá dtarlódh teip suntasach ar chóras faisnéise an Ghrúpa d'fhéadfadh cur isteach suntasach a tharlú d'oibríochtaí, le caillteanas airgid nó dochar do chlú an Ghrúpa.

*Maolú*

Feidhmíonn an Grúpa teicneolaíocht faisnéise lárnach agus feidhmíonn córais le sainchúram leathan an ghrúpa. Feidhmíonn feidhm na teicneolaíochta faisnéise le hardleibhéal spleáchais ar chórais agus ar phróisis. Is ann do phleananna leanúnachais ghnó le bainistiú a dhéanamh ar riosca aon chur isteach suntasach de bharr teip na gcóras teicneolaíochta faisnéise. Rinne an bhainistíocht athbhreithniú ar straitéis teicneolaíochta faisnéise an Ghrúpa i 2014 ar iarratas ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá gairmiúlaigh atá cáilithe agus oilte i gceart fostaithe ag an nGrúpa le bainistiú a dhéanamh ar an bhfeidhm seo. Tá clár ann d'fheabhsú leanúnach agus d'athinfheistíocht i gcórais teicneolaíochta faisnéise.

**Comhtháthú na n-aonad gnó straitéiseach**

Ar an 5 Meán Fómhair 2014, bhain Grúpa na Sionainne cpt rialúchán amach ar Údarás Aerfort na Sionainne agus Maoin Tráchtála na Sionainne lena fhochuideachta Oidhreacht na Sionainne. Ó thaobh feidhme de, is aonaid straitéiseacha gnó iad an tAerfort, Maoin Tráchtála na Sionainne agus Oidhreacht na Sionainne. Lena chois sin, chuir an Grúpa an ceathrú aonad straitéiseach gnó le chéile – Lárionad Seirbhísí Eitlíochta Idirnáisiúnta ("IASC"). Beidh feidhmíocht an Ghrúpa sa todhchaí bunaithe ar rath a bheith ar chomhtháthú, sineirgí a aithint idir, agus costas agus iomaíocht ceithre aonad straitéiseach an Ghrúpa in áit an mhargaidh.

Tá an Grúpa faoi réir Státchabhrach, rialacha praghsála soláthair agus aistrithe agus tá baol ann, le linn na tréimhse comhtháthaithe seo ar a aonaid ghnó straitéiseacha, go bhféadfadh drochthionchar a bheith ar cur chuige ró-chúramach maidir le forfheidhmiú na rialacha seo ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa. Ina theannta sin, d'fhéadfadh cur i bhfeidhm na rialacha seo an Grúpa a chur faoi mhíbhuntáiste iomaíoch i gcomparáid le cuideachtaí agus grúpaí den chineál céanna.

*Maolú*

Tá bainistíocht an Ghrúpa dírithe go daingean ar chomhtháthú cheithre aonad straitéiseach gnó an Ghrúpa agus sineirgí nádúrtha a aithint thar gach ceann de na haonaid.

Tá próisis agus nósanna imeachta ag bainistíocht an Ghrúpa lena chinntiú go gcomhlíontar rialacha praghsála Státchabhrach, soláthair agus aistrithe.

## Tuarascáil Rialachais Chorparáidigh

Tá an Bord tiomanta ardchaighdeán Rialachais Chorparáidigh a choimeád. Tá céimeanna oiriúnacha curtha ann ag Grúpa na Sionainne cpt agus a fhochuideachtaí go ndéanfaí an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Chomhlachtaí Stáit 2009 (an "Cód") a chomhlíonadh. Leagann an Cód amach na prionsabail maidir le rialachas corparáideach, a bhfuil ar bhoird chomhlachtaí Stáit iad a leanúint. Tá Cód iompraíochta gnó curtha ann ag an nGrúpa do stiúrthóirí agus ardbhainistíocht Ghrúpa na Sionainne cpt agus fochuideachtaí. Déanann an Grúpa athbhreithniú agus nuashonrú leanúnach ar a polasaithe agus a nósanna imeachta lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód agus dea-chleachtas i rialachas.

## An Bord Stiúrtha

Déanadh corprú ar Ghrúpa na Sionainne cpt ar an 29 Lúnasa 2014, le Bord Stiúrthóirí ceaptha le feidhm ón dáta sin.

**An Bord Stiúrtha** - *ar lean*

Thosaigh an Bord láithreach ar an bpróiseas struchtúir agus nósanna imeachta réamhaontaithe do rialachas corparáideach a chur ann. Tá na ceapacháin chuig an Bord, ar a n-áirítear an Cathaoirleach agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, leagtha amach sa tábla thíos.

| **Stiúrthóir** | |
|---|---|
| Rose Hynes | (Cathaoirleach) |
| Neil Pakey | (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) |
| Tony Brazil | |
| Joe Buckley | |
| Tom Coughlan | |
| Pat Dalton | |
| Michael Leydon | |
| Kevin McCarthy | |
| Kathryn O'Leary Higgins | |
| Liam O'Shea | |

Tá deichniúr stiúrthóir ag freastal ar an mBord ó dháta faofa na ráiteas airgeadais. D'fhreastal Bord Ghrúpa na Sionainne cpt roimhe seo mar Bhord Aerfort na Sionainne le linn 2013 agus 2014, agus d'éirigh as a bheith in oifig mar stiúrthóirí ar Aerfort na Sionainne ar bhunú Ghrúpa na Sionainne ar an 5 Meán Fómhair 2014, de réir Acht um Ghrúpa na Sionainne.

Bhí stiúrthóirí áirithe in oifig freisin mar stiúrthóirí ar Mhaoin Tráchtála na Sionainne agus ar Oidhreacht na Sionainne i rith 2013 agus 2014 agus d'éirigh siad as oifig mar stiúrthóirí ar na haonáin seo ar bhunú Ghrúpa na Sionainne.

Tá freagracht ar an mBord as bainistíocht cheart agus rathúlacht fhadtéarmach an Ghrúpa. Glacann sé gach cinneadh suntasach agus coimeádann sé smacht iomlán agus éifeachtach agus ag an am gcéanna ceadaíonn sé go leor solúbthachta don bhainistíocht leis an ngnó a rith go héifeachtach laistigh d'údarás iomchuí tarmligthe faofa ag an mBord.. Tá sceideal foirmeálta forchoimeádta ag an mBord do cheisteanna a mbíonn cinneadh agus faomhadh le déanamh aige orthu. Áirítear ar na ceisteanna seo glacadh le pleananna straitéiseacha agus gnó, faomhadh a dhéanamh ar na ráitis bhliantúla airgeadais agus ar an mbuiséad bliantúil, polasaí cistíochta, éadálacha, diúscairtí, mórchaiteachas caipitil agus idirbhearta maoine (os cionn tairseacha áirithe) agus conarthaí ábhair. Ar na ceisteanna eile atá forchoimeádta don Bhord áirítear maoirseacht ar an gcóras bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánach agus ceapachán an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tugann an Cathaoirleach treoir don Bhord agus cinneadh á dhéanamh ar a straitéis agus ar bhaint amach a chuspóirí agus tá freagracht air/uirthi as gnó an Bhoird a eagrú, a chinntiú go mbíonn sé éifeachtach agus a chlár oibre a shocrú. Éascaíonn an Cathaoirleach saothar éifeachtach na stiúrthóirí agus déanann cinnte de go bhfaigheann na stiúrthóirí faisnéis chruinn, tráthúil agus soiléir agus déanann bainistiú ar chomhchaidreamh éifeachtach leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Soláthraítear faisnéis don Bhord go rialta, ar a n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta maidir le gach gné de ghnó an Ghrúpa. Déantar tuarascálacha agus páipéir a leithdháileadh go rialta ar na stiúrthóirí ar bhealach tráthúil, in ullmhúchán do chruinnithe Boird agus Boird fhochoiste. Cuirtear leis na páipéir seo le faisnéis a lorgaíonn na stiúrthóirí go sonrach ó am go chéile. Soláthraítear tuarascálacha rialta bainistíochta airgeadais do gach stiúrthóir, a chuireann ar a gcumas feidhmíocht an Ghrúpa agus na bainistíochta a scrúdú de réir chuspóirí aontaithe.

Tá struchtúr an Bhoird forordaithe ag reachtaíocht mar a bhfuil líon na stiúrthóirí ar an mBord, agus an bealach ar a ndéantar a leithéid de stiúrthóirí, ar a n-áirítear an Cathaoirleach, a cheapadh (agus a bhaint as), leagtha síos san Acht um Ghrúpa na Sionainne. Is iad forálacha na reachtaíochta seo ná:

- Ní bheidh níos mó ná 10 stiúrthóir ar Bhord Ghrúpa na Sionainne.
- Is féidir leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ("an tAire"), le comhthoil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i ndiaidh dul i gcomhairle le hionadaithe na gceardchumann a cheapann sé nó sí a bheith oiriúnach, beirt a cheapadh mar ionadaithe ar fhostaithe Ghrúpa na Sionainne agus a fhochuideachtaí, mar stiúrthóirí ar Ghrúpa na Sionainne.
- Déanfaidh an tAire stiúrthóirí Ghrúpa na Sionainne a cheapadh (seachas an Príomhfheidhmeannach), le comhthoil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Beidh an Príomhfheidhmeannach, do thréimhse a c(h)eapacháin, mar stiúrthóir *ex officio* ar Ghrúpa na Sionainne.
- Beidh gach stiúrthóir ar Ghrúpa na Sionainne in oifig ar pé téarmaí (seachas íocaíocht ar luach saothair agus liúntais ar chostais) a shocraíonn an tAire ag an am a chéaptar é nó í. Déanfaidh an tAire, agus stiúrthóir ar Ghrúpa na Sionainne á cheapadh aige/aici, tréimhse ama an stiúrthóra sin in oifig a shocrú, nach mbeidh níos faide ná 5 bliana.
- Ní dhéanfaidh stiúrthóir ar Ghrúpa na Sionainne (seachas an Príomhfheidhmeannach) freastal ar feadh tréimhse níos faide ná 10 mbliana ar fad.

Tá meascán de scileanna agus de thaithí ag na stiúrthóirí i réimsí a bhaineann le heitlíocht, maoin, turasóireacht, miondíol agus fóillíocht, bainistíocht oidhreachta, airgeadas agus cuntasaíocht, eacnamaíocht, dlí, margaíocht, forbairt gnó, oibríochtaí, sábháilteacht agus slándáil, bainistíocht athruithe agus caidreamh tionsclaíoch. Tugann na scileanna seo an inniúlacht atá riachtanach don Bhord le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá i ndán don Ghrúpa. D'úsáid na stiúrthóirí a dtaithí agus a gcuid eolais i bhforbairt straitéise agus d'úsáid siad a réimse éagsúil scileanna le dúshlán cuiditheach a thabhairt do cheisteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach leo don Ghrúpa. Tá an Bord sásta go bhfuil meascán oiriúnach de scileanna agus taithí iomchuí ag a bhaill do riachtanais an Ghrúpa.

Tá an Bord sásta go bhfuil a mhéid agus a struchtúr, faoi mar atá leagtha síos i reachtaíocht, oiriúnach do riachtanais an Ghrúpa agus go mbaintear cothromaíocht ionadaíochta amach ar an mBord.

Téann stiúrthóirí i mbun phróisis fhoirmeálta ionduchtaithe agus soláthraítear miondoiciméad faisnéisithe, faisnéis maidir le rialachas, airgeadas agus oibríochtúil dóibh chomh maith le deis faisnéis a fháil ó fheidhmeannaigh ar na gnéithe éagsúla de ghnó an Ghrúpa. Déantar soláthar freisin ar thurais eagraithe taithíochta ar shaoráidí an Ghrúpa ar a n-áirítear campas an Aerfoirt, maoin tráchtála an Ghrúpa agus ar láithreacha oidhreachta. Déantar athbhreithniú ar riachtanais leanúnacha na stiúrthóirí.

## An Bord Stiúrtha - *ar lean*

Tá rochtain ag baill an Bhord ar Rúnaí na Cuideachta a bhfuil freagracht air/uirthi as a chinntiú go leantar nósanna imeachta an Bhoird agus go ndéantar de réir na rialacha agus na rialachán a bhíonn i gceist.

I gcaitheamh na tréimhse, rinne an Bord ionchorprú ar roinnt fochoistí mar a leanas:

- An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosc
- An Coiste Luach Saothair
- An Coiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil
- An Coiste Maoine agus Infheistíochta

I rith 2015, rachaidh an Bord i mbun measúnaithe foirmeálta a dhéanamh ar fheidhmíocht an Bhoird don chéad bhliain dó a bheith ag feidhmiú.

## Neamhspleáchas na Stiúrthóirí

Ní raibh aon leasa ag na stiúrthóirí agus an rúnaí a bhí in oifig ar an 31 Nollaig 2014 i scaireanna Ghrúpa na Sionainne cpt ná a fhochuideachtaí ag tús na bliana ná ar dháta a gceapachán, má ba dhéanaí, ná ag deireadh na tréimhse.

Tá stiúrthóireachtaí nó poist fheidhmiúcháin in eagraíochtaí atá faoi rialú Rialtas na hÉireann ag baill áirithe den bhord, a dtugtar imlíne níos faide thíos orthu. Tá Rose Hynes mar Chathaoirleach ar Ervia (ar tugadh Bord Gáis Éireann roimhe seo air). Tá Tom Coughlan mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae an Chláir. Is fostaithe de chuid Aerfort na Sionainne iad Joe Buckley agus Kevin McCarthy. Tá Neil Pakey mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Ghrúpa na Sionainne cpt (agus a fhochuideachtaí Aerfort na Sionainne agus Maoin Tráchtála na Sionainne) agus mar Chathoirleach ar bhoird Aerfort na Sionainne, Maoin Tráchtála na Sionainne agus Oidhreacht na Sionainne.

Tá an Bord tar éis nósanna imeachta a chur ann le déaileáil le coinbhleacht leasa a fhéadfadh a bheith ann. De réir fhorálacha an Chóid agus Acht Ghrúpa na Sionainne, tá ar gach stiúrthóir aon leasa atá acu a nochtadh agus a bheith as láthair ó chainteanna an bhoird nuair a bhíonn leas díreach nó indíreach acu iontu.

## Rúnaí na Cuideachta agus Rochtain ar Chomhairle Ghairmiúil

Déanann an Bord Rúnaí na Cuideachta a cheapadh. Ceapadh Mary Considine mar Rúnaí Cuideachta ar Ghrúpa na Sionainne cpt ar an 29 Lúnasa 2014, tar éis di an post sin a bheith aici le hÚdarás Aerfort na Sionainne cpt.

Tá rochtain ag gach stiúrthóir ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta, atá freagrach don Bhord maidir le cinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta an Bhoird. Tá comhairleoirí gairmiúla an Ghrúpa ar fáil do chomhairliúchán ag an mBord de réir mar is gá. Is féidir le stiúrthóirí indibhidiúla comhairle neamhspleách gairmiúil a ghlacadh, ag teacht le nósanna imeachta an Ghrúpa, ar chostas an Ghrúpa.

## Cruinnithe

Tionóltar cruinnithe rialta den Bhord i gcaitheamh na bliana.

Tháinig an Bord le chéile go foirmeálta 3 uaire i rith na tréimhse ón gcorprú ar an 29 Lúnasa go dtí 31 Nollaig 2014. Ina theannta sin, bhí roinnt cruinnithe coiste ann.

Tá freastal ag cruinnithe sceidealta Boird leagtha amach thíos:

| Stiúrthóir | Cruinnithe Boird ar déanadh freastal orthu | Uasmhéid chruinnithe |
|---|---|---|
| Rose Hynes (Cathaoirleach) | 3 | 3 |
| Neil Pakey (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) | 3 | 3 |
| Tony Brazil | 3 | 3 |
| Joe Buckley | 2 | 3 |
| Tom Coughlan | 3 | 3 |
| Pat Dalton | 3 | 3 |
| Michael Leydon | 3 | 3 |
| Kevin McCarthy | 3 | 3 |
| Kathryn O'Leary Higgins | 2 | 3 |
| Liam O'Shea | 3 | 3 |

## Coistí an Bhoird

Tá struchtúr éifeachtach coistí ag an mBord le cabhrú le forfheidhmiú a fhreagrachtaí.

Tá mionsonraí ar obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Choiste Luach Saothair, agus an Coiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil agus an Coiste Maoine agus Infheistíochta, ar a n-áirítear a mballraíocht reatha, leagtha amach thíos.

## Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca

Tá freagracht ar an mBord as córas rialaithe inmheánach an Ghrúpa agus as monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúlacht. Ceapadh an córas le bainistiú dhéanamh seachas deireadh a chur le, baol go dteipfeadh ar chuspóirí gnó agus ní sholáthraíonn sé ach dearbhú réasúnta, seachas iomlán, in aghaidh mhíshonrú ábhartha nó cailliúint.

Tá struchtúr eagraíochtúil bunaithe ag an mBord le nósanna imeachta soiléire oibriúcháin agus tuairiscithe, le seirbhísí phearsanra atá cáilithe go cuí faighte, le línte oiriúnacha freagrachta ceaptha, le teorainneacha oiriúnacha údaraithe curtha ann, le socruithe déanta maidir le dualgais a dheighilt agus a tarmligean déanta ar an údarás atá riachtanach le cinntí a dhéanamh.

Tá próiseas leanúnach curtha ann ag an mBord leis na rioscaí suntasacha atá i ndán don Ghrúpa a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Tá freagracht ar an mbainistíocht a rioscaí suntasacha gnó a aithint agus a mheas agus as rialú oiriúnach inmheánach a cheapadh agus a fheidhmiú. Tá an Bord tar éis Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa a cheapadh le feidhmiú mar Phríomhoifigeach Roisca. Faigheann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuarascálacha rialta ón bPríomhoifigeach Riosca agus ón mbainistíocht ar na príomhrioscaí agus conas a dhéantar iad a láimhseáil.

Áirítear iad seo a leanas sa chóras rialaithe inmheánach:

- Struchtúr eagraíochtúil atá sainmhínithe go soiléir, le teorainneacha socraithe údaráis agus meicníochtaí tuairiscithe don ardbhainistíocht agus don Bhord;
- Córais chuimsitheacha bhuiséadaithe le buiséad bliantúil atá faoi réir fhaofa an Bhoird;
- Córas cuimsitheach tuairiscithe airgeadais ar a n-áirítear tuairisciú ar thorthaí iarbhír carnacha míosúla i leith an bhuiséid. Déanann an Bord na torthaí seo a mheas ar bhonn míosúil. Ceistíonn an Bord athruithe suntasacha nó éagsúlachtaí codarsnacha agus glactar céimeanna leasúcháin nuair is cuí;

### Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca - *ar lean*

- Tacar cuimsitheach polasaithe agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais, ar a n-áirítear caiteachas caipitiúil; Éilíonn mórthionscadail chaipitiúla faomhadh an Bhoird, agus déanann fochoiste Maoine agus Infheistíochta an Bhoird dlúth-mhonatóireacht rialta orthu;
- Cuirtear próiseas bainistíochta riosca ann a cheadaíonn aithint agus measúnú rioscaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chuspóirí aontaithe gnó a bhaint amach agus a chinntíonn céimeanna iomchuí maolaithe agus rialuithe. Tá an Príomhoifigeach Riosca i gceannas ar an bpróiseas seo le tuarascálacha rialta á gcur chuig fochoiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird;
- Cód eitice a éilíonn go mbeadh na caighdeáin eiticiúla is airde ag gach fostaí agus gnó á dhéanamh acu;
- Freagracht na bainistíochta ag gach leibhéal maidir le rialú inmheánach a bhfeidhmeanna gnó faoi seach;
- Déanann an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí athbhreithniú sistéamach ar rialuithe inmheánacha airgeadais. Sna hathbhreithnuithe seo, cuirtear béim ar na réimsí is mó riosca, faoi mar a aithníodh san anailís riosca.

Tá cláir rioscaí ag an nGrúpa agus tá siad seo athbhreithnithe ag an mBord agus mion-athbhreithniú déanta ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ag an gCoiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil orthu, de réir mar is cuí. Déanann na cláir rioscaí na príomhrioscaí atá i ndán don Ghrúpa a aithint, a mheas agus a réiteach, ag clúdach rioscaí straitéiseacha, oibríochtúla, comhlíontacha, airgeadais, sábháilteachta agus slándála.

Tugann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Príomhoifigeach Riosca tuarascáil don Bhord ar athruithe suntasacha sa ghnó agus sa timpeallacht seachtrach agus ar thionchar na n-athruithe seo ar phróifíl riosca an Ghrúpa.

Tá an Bord tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánach suas chuig dáta faofa na ráiteas airgeadais. Rinne fochoiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird mion-athbhreithniú, a thug tuairisc ar a torthaí ar ais don Bhord. Ba iad na príomhréimsí ar déanadh athbhreithniú orthu ná airgeadas, rialúcháin oibríochtúla agus chomhlíontacha agus bainistíocht riosca. Áirítear sa phróiseas a úsáideadh le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialaithe inmheánach:

- Athbhreithniú agus breithniú ar an gclár Iniúchóireachta Inmheánach agus breithniú ar a thuarascálacha agus a thorthaí;
- Athbhreithniú ar stádas na gceisteanna a ardaíodh roimhe seo sna Iniúchóireacht Inmheánach;
- Athbhreithniú ar ghníomhaíocht bainistíochta riosca ar a n-áirítear clár rioscaí;
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ó iniúchóirí reachtúla ina bhfuil sonraí ar aon cheisteanna ábhartha rialaithe inmheánach airgeadais aitheanta acu ina gcuid oibre mar iniúchóirí.

Tugann Cathaoirleach an Bhoird tuarascáil don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt de réir an Chóid Chleachtais i gcaitheamh na tréimhse airgeadais atá faoi athbhreithniú.

Tá an Bord sásta go bhfuil córas rialaithe inmheánach airgeadais an Ghrúpa dea-cheaptha le deimhniú réasúnta a sholáthar maidir leis na sóchmhainní a chosaint ar úsáid nó ar dhiúscairtí neamhúdaraithe agus maidir le cuntasaíocht cheart agus faisnéis iontaofa airgeadais a choimeád.

### An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca

Cuireadh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile i rith na tréimhse. Ghlac an Bord go foirmeálta lena théarmaí tagartha. Tá triúr ball neamhfheidhmiúcháin den Bhord ar an gCoiste faoi láthair. Tá an Bord sásta go bhfuil taithí ábhartha airgeadais le déanaí ag ball amháin den Choiste ar a laghad.

Ceapadh Pat Dalton mar chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus is Cuntasóir Cairte cáilithe é. Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó i rith na tréimhse idir dháta corpraithe an Ghrúpa ar an 29 Lúnasa agus 31 Nollaig 2014 agus tá an freastal a déanadh ar chruinnithe an Choiste leagtha amach thíos:

| Ball | Cruinnithe fochoiste ar déanadh freastal orthu | Líon na gcruinnithe a tionóladh |
|---|---|---|
| Pat Dalton | 2 | 2 |
| Tony Brazil | 2 | 2 |
| Liam O'Shea | 2 | 2 |

Áirítear ar lucht freastail rialta ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Príomhoifigeach Airgeadais, Rúnaí na Cuideachta, baill na feidhme Iniúchóireachta Inmheánach ar a n-áirítear an Bainisteoir Iniúchóireachta Inmheánach agus Deloitte, bainisteoir sinsearach ón rannóg airgeadais agus KPMG, an iniúchóir reachtúil neamhspleách.

Seo a leanas príomhréimsí freagrachta an Choiste:

- athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla agus moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird, ag díriú ach go háirithe ar athruithe ar pholasaithe agus ar chleachtais chuntasaíochta, príomhréimsí breithniúcháin, difríochtaí suntasacha iniúchóireachta ceartaithe nó neamhcheartaithe, an bonn tuisceanna maidir le gnóthas leantach, caighdeáin chuntasaíochta a chomhlíonadh, a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais dlíthiúla agus leanúnachas eolais eile a chuirtear i láthair le hais na ráiteas airgeadais;
- cíoradh agus moltaí a dhéanamh maidir le ceapadh, athcheapadh agus baint as an iniúchóra reachtúil agus an táille iniúchóireachta;
- forbairt agus forfheidhmiú pholasaí ar rannpháirtíocht nó ar bhronnadh chonarthaí don iniúchóir reachtúil nó do chleamhnaí maidir le hobair iniúchóireachta, ag cur dea-chleachtais agus treoirlínte eiticiúla san áireamh;
- monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh go bliantúil ar a laghad ar fheidhmíocht, cáilíochtaí, saineolas, acmhainní agus neamhspleáchas an iniúchóra reachtúil agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an phróiseas iniúchóireachta seachtraí;
- athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht rialuithe airgeadais inmheánach, rialuithe inmheánacha agus córais bainistíochta riosca an Ghrúpa;
- cabhrú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh le hoiriúnacht agus iomláine an chórais rialaithe inmheánach a chinntiú, ag déanamh athbhreithnithe ar an mbealach agus ar an gcreat lena ndéanann an bhainistíocht deimhin de, agus monatóireacht ar leorgacht nádúr, fairsinge agus éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánach, ar a n-áirítear córais rialaithe chuntasaíochta agus córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánach á choimeád dá réir;
- athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh ar Ráiteas Ghrúpa na Sionainne ar rialú airgeadais inmheánach agus ar na córais bainistíochta riosca roimh aontaithe an Bhoird;

### An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca
*- ar lean*

- maoirseacht agus comhairle a chur ar an mBord ar nochtadh reatha an Ghrúpa maidir le riosca agus straitéis riosca don todhchaí;
- athbhreithniú ar éifeachtúlacht na feidhme Iniúchóireachta Inmheánach ar bhonn bliantúil;
- monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chláir Iniúchóireachta Inmheánach, á chinntiú go mbíonn comhordú idir na hiniúchóirí reachtúla agus inmheánacha agus á chinntiú go mbíonn go leor acmhainne ag feidhm na hIniúchóireachta Inmheánach agus go dtugtar go leor aire d'iniúchóireacht a bhaineann le luach ar airgead;
- athbhreithniú ar an bpolasaí mar ar féidir leis an bhfoireann ceisteanna a ardú, faoi rún, maidir le hiompar míchuí a bhaineann le gnó, le hairgeadas nó eile agus a chinntiú go mbíonn socruithe ann le hiniúchadh a dhéanamh ar a leithéid de cheisteanna.

I gcaitheamh na tréimhse, cheap an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Deloitte le ról Iniúchóra Inmheánach an Ghrúpa a chomhlíonadh. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar thuarascálacha, bunaithe ar athbhreithnuithe a rinne Deloitte, ar ghnéithe áirithe de thimpeallacht rialúcháin inmheánaí an Ghrúpa. Cheap an Bord Bainisteoir Iniúchóireachta Inmheánach le bainistiú a dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánach agus bainistíochta riosca ar bhonn laethúil, ag obair i gcomhar le Deloitte, an Iniúchóir Seachtrach. Oibríonn an Bainisteoir Iniúchóireachta Inmheánach go dlúth leis an bPríomhoifigeach Airgeadais ina ról mar Phríomhoifigeach Riosca agus le Rúnaí na Cuideachta a dhéanann maoirseacht ar cheisteanna comhlíontachta. Déanann Deloitte agus an Bainisteoir Iniúchóireachta Inmheánach tuairisciú go díreach chuig an mBord agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Rinne an coiste faomhadh ar an luach saothair agus téarmaí ceapacháin an iniúchóra inmheánaí. Rinne an coiste measúnú ar fheidhmíocht iniúchóireachta inmheánaí ó cháilíocht na dtuarascálacha agus na moltaí ón Iniúchóir Inmheánach.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar dhréacht-ráitis airgidis bhliantúla 2014 sular déanadh a bhfaomhadh a mholadh don Bhord. Rinne an Coiste machnamh agus plé leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, leis an bPríomhoifigeach Airgeadais, leis an mbainistíocht shinsearach agus leis na hiniúchóirí seachtracha, maidir le hoiriúnacht na bpolasaithe suntasacha cuntasaíochta, na meastacháin agus na breithiúnais a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, in éineacht le ceisteanna láithreoireachta agus faisnéisithe.

Rinne an Coiste athbhreithniú, thar ceann an Bhoird, ar éifeachtúlacht chóras bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaí an Ghrúpa. Chlúdaigh monatóireacht gach rialú, ar a n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíontacha agus na próisis bhainistíochta riosca. I rith na tréimhse, d'fhéach an Coiste ar thuarascálacha ón Iniúchóir Inmheánach ag tabhairt achoimre ar an obair a bhí beartaithe agus déanta, ag moladh feabhais agus ag cur síos ar ghníomhaíochtaí na bainistíochta. Chuir an tIniúchóir Inmheánach an coiste ar an eolas maidir le torthaí athbhreithnuithe iniúchóireachta inmheánaí. D'fhéach an coiste freisin ar dhul chun cinn na bainistíochta maidir le haghaidh a thabhairt ar na ceisteanna ábhartha, ar a raibh nádúr, fairsinge agus luas freagartha.

Rinne an Coiste creat bainistíochta riosca a bhunú agus athbhreithniú ar phlean bliantúil iniúchóireachta inmheánaí riosca-bhunaithe, in ar áiríodh na hacmhainní a bheadh riachtanach, agus féachadh ar ailíniúchán fócais iniúchta inmheánaí de réir an riosca ba mhó don Ghrúpa. D'fhéach an coiste ar an próisis le rioscaí atá ann agus atá ag teacht chun cinn a aithint, a thuairisciú agus a bhainistiú. Fuair an Coiste tuarascálacha tréimhsiúla bainistíochta ar an gcreat bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm, ar a n-áirítear gníomhaíochtaí na bainistíochta le haghaidh a thabhairt ar na rioscaí, iad a mhaolú agus a bhainistiú ar bhonn leanúnach. Tháinig seo leis na tuarascálacha bainistíochta a fuair an Bord go rialta ar rioscaí a bhí ag teacht chun cinn agus ar athruithe suntasacha sa ghnó agus sa timpeallacht seachtrach a mbeadh tionchar acu ar an gclár rioscaí. Le linn na tréimhse, déanadh cláir rioscaí a fhorbairt d'fhochuideachtaí sa Ghrúpa agus rinne an Coiste athbhreithniú orthu. Tá clabhsúr á chur ag na mbainistíocht faoi láthair ar chlár rioscaí an Ghrúpa.

Rinne an Coiste faomhadh ar an luach saothair agus téarmaí rannpháirtíochta KPMG, an iniúchóir seachtrach neamhspleách. Rinne an Coiste athbhreithniú agus faomhadh ar an bplean iniúchta seachtraí agus ar thorthaí KPMG ar a iniúchóireacht ar na ráitis bhliantúla airgeadais. Ghlac an Coiste céimeanna iomchuí lena chinntiú go gcoimeádfaí an ghaolmhaireacht oibiachtúil agus ghairmiúil le KPMG.

D'fhéach an Coiste ar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht KPMG. Áiríodh anseo féachaint ar a) nádúr agus fairsinge na seirbhíse a sholáthraítear, na táillí a thuilltear, do shaothar iniúchóireachta seachtraí agus d'obair neamh-iniúchóireachta ag KPMG agus b) a chinntiú go soláthraítear seirbhísí neamh-iniúchóireachta don Ghrúpa nach mbíonn coinbhleacht leasa ag baint leo.

Tá na táillí a íocadh le KPMG as seirbhísí iniúchóireachta, seirbhísí a bhain le hiniúchadh agus seirbhísí eile neamh-iniúchóireachta leagtha amach i Nóta 4 de na ráitis airgeadais. Níor tharla cás ar bith go raibh KPMG fostaithe le seirbhísí a sholáthar a ceapadh a bheith mar údar le coinbhleacht leasa.

Rinne an Coiste monatóireacht freisin ar chomhlíonadh KPMG leis an treoir iomchuí rialála, eiticiúil agus gairmiúil maidir le huainíocht na bpáirtithe, chomh maith le measúnú bliantúil ar a cháilíochtaí, a shaineolas, a acmhainní agus ar éifeachtúlacht an phróisis iniúchóireachta.

Tugann cathaoirleach an choiste tuarascáil tréimhsiúil don Bhord ar cheisteanna suntasacha a bhíonn pléite ag an gcoiste a ndéanann an Bord plé ansin orthu.

### An Coiste Luach Saothair

Cuireadh an Coiste Luach Saothair le chéile i rith na tréimhse. Ghlac an Bord go foirmeálta lena théarmaí tagartha. Ceapadh Rose Hynes mar chathaoirleach ar an gcoiste luach saothair. Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó i rith na tréimhse idir dháta corpraithe an Ghrúpa ar an 29 Lúnasa agus 31 Nollaig 2014 agus tá an freastal a déanadh ar chruinnithe an Choiste leagtha amach thíos:

| Ball | Cruinnithe fochoiste ar déanadh freastal orthu | Líon na gcruinnithe a tionóladh |
|---|---|---|
| Rose Hynes | 2 | 2 |
| Liam O'Shea | 2 | 2 |
| Tom Coughlan | 2 | 2 |

Ba iad príomhfhreagrachtaí an Choiste Luach Saothair le linn na tréimhse ná luach saothair an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, struchtúr pá na hardbhainistíochta a shocrú, agus athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht agus ábharthacht pholasaithe luach saothair agus scéimeanna pinsin an Ghrúpa agus aon mhórathruithe struchtúrtha mar pholasaithe nó scéimeanna.

### An Coiste Luach Saothair - *Ar Lean*

Tá sonraí ar tháillí agus luach saothair na stiúrthóirí ar a n-áirítear na cinn a bhaineann leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin leagtha amach i nóta 4 de na ráitis airgeadais, de réir riachtanais an Chóid.

### An Coiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil

Cuireadh an Coiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil le chéile le linn na tréimhse.Ghlac an Bord go foirmeálta lena théarmaí tagartha. Ceapadh Kathryn O'Leary Higgins mar chathaoirleach ar an gCoiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil. Tháinig an Coiste le chéile uair amháin idir dháta corpraithe an Ghrúpa ar an 29 Lúnasa agus 31 Nollaig 2014 agus tá an freastal a déanadh ar chruinnithe an Choiste leagtha amach thíos:

| Ball | Cruinnithe fochoiste ar déanadh freastal orthu | Líon na gcruinnithe a tionóladh |
|---|---|---|
| Kathryn O'Leary Higgins | 1 | 1 |
| Joe Buckley | 1 | 1 |
| Michael Leydon | 1 | 1 |
| Kevin McCarthy | 1 | 1 |

Ba iad príomhfhreagrachtaí an Choiste i rith na tréimhse ná bainistiú a dhéanamh ar cheisteanna sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil i ngach cuideachta de chuid an Ghrúpa agus ar shábháilteacht aeradróim agus ceisteanna sábháilteachta agus slándála ag Aerfort na Sionainne.

Tugann sé tuarascáil don Bhord maidir le haon cheist suntasach chomhlíonta nó ceisteanna eile ábhartha; faigheann sé tuairiscí teagmhais, tuairiscí athbhreithnuithe ar shábháilteacht taobh an aer, ar cheisteanna slándála, sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil; déanann sé monatóireacht ar na próisis atá ann d'oiliúint agus ar chaidreamh sláinte, sábháilteachta, slándála agus comhshaoil leis an nGrúpa. Déanann sé monatóireacht agus athbhreithniú ar an gclár rioscaí atá faoina shainchúram.

### An Coiste Maoine agus Infheistíochta

Cuireadh an Coiste Maoine agus Infheistíochta le chéile le linn na tréimhse. Ghlac an Bord go foirmeálta lena théarmaí tagartha. Ceapadh Rose Hynes mar chathaoirleach ar an gCoiste Maoine agus Infheistíochta. Tháinig an Coiste le chéile trí uaire idir dháta corpraithe an Ghrúpa ar an 29 Lúnasa agus 31 Nollaig 2014 agus tá an freastal a déanadh ar chruinnithe an Choiste leagtha amach thíos:

| Ball | Cruinnithe fochoiste ar déanadh freastal orthu | Líon na gcruinnithe a tionóladh |
|---|---|---|
| Rose Hynes | 3 | 3 |
| Pat Dalton | 3 | 3 |
| Michael Leydon | 3 | 3 |

Ba iad príomhfhreagrachtaí an Choiste le linn na tréimhse ná athbhreithniú a dhéanamh ar gach cinneadh maidir le maoin agus caipiteal straitéiseach, measúnú a dhéanamh ar dheiseanna forbartha agus athbhreithniú a dhéanamh ar infheistíocht maoine, ar cheannacháin, ar dhiúscairtí agus ar chomhshocruithe tráchtála.

Tugann sé tuarascáil don Bhord agus déanann sé deimhin de go ndéanann forbairtí agus deiseanna nua, agus sóchmhainní a fháil, uasmhéadú ar na torthaí do Ghrúpa na Sionainne ar a thalamh agus a mhaoin agus ar a scairsheilbh in aon fhochuideachta.

### Ráiteas Comhlíonta

Deimhníonn an Bord go bhfuil an Grúpa ag comhlíonadh an Chóid Chleachtais do Rialú Chomhlachtaí Stáit.

### Gnóthas Leantach

Tá ionchas réasúnta ag na stiúrthóirí, tar éis dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar réamh-mheastacháin an Ghrúpa, go bhfuil acmhainní imleora ag an nGrúpa le leanúint ag feidhmiú go ceann i bhfad. Ar an gcúis seo, tá siad ag leanúint le bonn ghnóthais leantaigh a ghlacadh agus na ráitis airgeadais á n–ullmhú.

### Taifid Chuntasaíochta

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil siad tar éis riachtanais Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 a chomhlíonadh maidir le leabhair chuntais trí phearsanra cuntasaíochta le saineolas iomchuí a fhostú agus trí acmhainní imleora a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar leabhair chuntais na Cuideachta ag Aerfort na Sionainne, an tSionainn, Co. an Chláir.

### Sláinte, Sábháilteacht, Slándáil agus Comhshaol

Déantar leas fhostaithe an Ghrúpa a chosaint freisin trí chomhlíonadh docht na gcaighdeán sláinte agus sábháilteachta. Cuireann an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 riachtanais áirithe i bhfeidhm ar fhostóirí agus ar gach cuideachta ábhartha laistigh den Ghrúpa na céimeanna atá riachtanach a ghlacadh lena chinntiú go gcomhlíontar an tAcht.

Tá ceisteanna Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil fíorthábhachtach laistigh d'Aerfort na Sionainne. Tá gnóthaí an aerfoirt faoi réir réimse dlíthe, rialachán agus caighdeán comhshaoil agus sláinte agus sábháilteachta atá ag éirí níos daingne. D'fhéadfaí smachtbhannaí ábhartha a chur i bhfeidhm ar an aerfort dá sárófaí aon dlí nó rialachán dá leithéid agus d'fhéadfadh sin drochthionchar ábhartha a bheith aige ar ghnó an Ghrúpa.

### An tAcht um Íocaíochtaí Prasa

Tá sé mar pholasaí ag Grúpa na Sionainne cpt déanamh de réir fhorálacha Acht um Íocaíochtaí Prasa Cuntais, 1997 mar a leasaíodh le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Ródhéanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2002. Is iad na téarmaí caighdeánacha creidmheasa a thógthar, mura sonraítear a mhalairt i gcomhaontuithe sonracha chonarthach, ná 30 lá. Tá rialuithe oiriúnacha inmheánacha airgeadais ann, ar a n-áirítear róil agus freagrachtaí agus sonraithe go soiléir agus déantar athbhreithniú rialta ar chleachtais íocaíochta. Soláthraíonn na nósanna imeachta seo deimhniú réasúnta, seachas iomlán, in aghaidh neamhchomhlíonadh na rialachán. Sa tréimhse reatha, déanadh beagnach gach íocaíocht laistigh den tréimhse oiriúnach creidmheasa mar a éilítear.

### An tAcht Toghcháin, 1997

Ní dhearna an Chuideachta agus an Grúpa aon tabhartas polaitiúil a thabhairt i rith na bliana.


### Imeachtaí Iar-Chláir Chomhardaithe

Níor tharla aon imeachtaí suntasacha iar-chláir chomhardaithe.

### Iniúchóir

Ceapadh na Cuntasóirí Cairte KPMG mar iniúchóirí de réir Ailt 160(1) d'Acht na gCuideachtaí, 1963 agus tá siad tar éis a chur in iúl go bhfuil siad sásta go ndéanfaí iad a athcheapadh de réir Ailt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an Bhoird



**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*



**Neil Pakey**
*Stiúrthóir*

25 Márta 2015

# *Ráiteas ar Fhreagrachtaí Stiúrthóirí*

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí agus ráitis airgeadais a ullmhú de réir na ndlíthe agus na rialachán ábhartha.

Éilíonn dlí na gcuideachtaí go n-ullmhódh na stiúrthóirí ráitis airgeadais do gach tréimhse airgeadais. Faoin dlí sin tá roghnaithe ag na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú de réir Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh leo in Éirinn, lena gcuimsítear an dlí is infheidhme agus na caighdeáin chuntasaíochta atá eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus fógartha ag Cuntasóirí Cairte in Éirinn.

Éilíonn an dlí go dtabharfadh ráitis airgeadais an Ghrúpa dearcadh fíor agus macánta ar staid chúrsaí an Ghrúpa agus ar a brabús nó a caillteanas don tréimhse sin.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá ar na stiúrthóirí:


- polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus ciallmhar a dhéanamh; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura mbíonn sé míchuí a cheapadh go leanfaidh an Grúpa i ngnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chearta cuntais a choimeád, a nochtann riocht airgeadais an Ghrúpa le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais reachtúla, a ullmhaítear ar leithligh, le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2013. Tá freagracht freisin orthu maidir le pé céimeanna atá réasúnta dóibh a ghlacadh le sóchmhainní an Grúpa a chosaint agus le calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Tá freagracht ar na stiúrthóirí freisin as a chinntiú go dtagann faisnéisiú an rialachais chorparáidigh i dtuarascáil na Stiúrthóirí go bhfuil an chuideachta ag déanamh de réir Chóid Chleachtais 2009 maidir le Rialachas Chomhlachtaí Stáit.

Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as tuarascáil Stiúrthóra a ullmhú a chomhlíonann riachtanais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2013.

Thar ceann an Bhoird



**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*



**Neil Pakey**
*Stiúrthóir*

25 Márta 2015

# Tuarascáil Iniúchóra Neamhspleách chuig baill Ghrúpa na Sionainne cpt

Tá iniúchóireacht déanta againn ag ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta ("ráitis airgeadais") do Ghrúpa na Sionainne cpt don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2014 a thiomsaíonn cuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais, ráiteas comhdhlúite ar ghnóthacháin agus chaillteanais aitheanta iomlána, comhdhlúthú ar chláir chomhordaithe na cuideachta, comhdhlúthú ar ráiteas sreabhaidh airgaid agus nótaí a bhaineann leo. Tá an creat tuarascála airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhúchán de réir dlí na hÉireann agus na gcaighdeán cuntasaíochta a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais agus fógartha ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn).

Is do bhaill na cuideachta amháin, mar chomhlacht, a déanadh an tuarascáil seo, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí 1990. Déanadh ár n-obair iniúchóireachta i dtreo is go mbeadh ar ár gcumas na nithe sin is gá a chur in iúl do bhaill an cuideachta na nithe sin is gá dúinn a chur in iúl dóibh i dtuarascáil an iniúchóra agus chun na críche sin amháin. Sa mhéid agus a cheadaítear sa dlí é, ní ghlacaimid le freagracht do dhuine ar bith ach don chuideachta agus do bhaill na cuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, don tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá againn.

## Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus an Iniúchóra faoi seach

Faoi mar a míníodh níos iomláine sa Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí ar leathanach 37, tá freagracht ar na stiúrthóirí as na ráitis airgidis a ullmhú le dearcadh fíor agus macánta á thabhairt. Tá freagracht orainn iniúchóireacht a dhéanamh agus tuairim a thabhairt ar na ráitis airgeadais de réir dlí na hÉireann agus Caighdeáin Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (RA agus Éire). Éilíonn na caighdeáin seo orainn déanamh de réir Chaighdeáin Eiticiúla na Comhairle Tuarascála Airgeadais d'Iniúchóirí.

## Scóip na hIniúchóireachta agus na Ráiteas Airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchóireacht ná fianaise a fháil maidir le suimeanna agus nochtuithe sna ráitis airgeadais a bheadh imleor le deimhniú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, pé de bharr calaoise nó earráide é. Áirítear orthu seo measúnú ar: pé an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do dhálaí na cuideachta agus gur cuireadh i bhfeidhm go leanúnach iad agus gur déanadh nochtadh imleor; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinne na stiúrthóirí; agus an cur i láthair foriomlán ar na ráitis airgeadais. Ina theannta sin, déanaimid gach faisnéis airgeadais agus neamhairgeadais sa tuarascáil bhliantúil a léamh le neamhrialtachtaí ábhartha sna ráitis airgidis iniúchta a aithint bunaithe ar, nó neamhréireacht go hábhartha leis an eolas a bhí bainte amach againn le linn dúinn iniúchóireacht a dhéanamh. Má thuigtar dúinn go bhfuil aon mhíshonruithe nó neamhrialtachtaí ann féachaimid ar na himpleachtaí d'ár dtuarascáil.

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é ár dtuairim:

- go dtugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus macánta, de réir Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh leo in Éirinn, ar staid chúrsaí an Ghrúpa ar an 31 Nollaig 2014 agus ar brabús an Ghrúpa don bhliain a chríochnaigh ansin; agus
- go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2013.

## Nithe ar a bhfuil orainn tuarascáil a thabhairt orthu de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2013

Tá gach faisnéis agus míniúchán a cheapaimid a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchóireacht faighte againn.

Tá na ráitis airgeadais ag réiteach leis na leabhair chuntais agus, inár dtuairim, choimeád an Chuideachta leabhair chearta cuntais.


Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dtuarascáil na Stiúrthóirí ag réiteach leis na ráitis airgeadais.

Is ionann Glansóchmhainní na cuideachta, faoi mar atá tugtha sa chlár comhardaithe, agus breis agus leath de mhéid a scairchaipiteal glaoite agus, is é ár dtuairim, ar an mbonn sin nach raibh ann do riocht airgeadais ar an 31 Nollaig 2014 a éileodh cruinniú ginearálta urghnách den chuideachta faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983.

## Nithe ar a bhfuil orainn tuarascáil a thabhairt de réir eisceachta

Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis na forálacha seo a leanas faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2013, tá orainn tuairisc a thabhairt duit más amhlaidh atáimid den tuairim nach bhfuil luach saothair na stiúrthóirí agus na n-idirbhearta atá sonraithe sa dlí déanta.

Faoin gCód Cleachtais maidir le Rialachas Chomhlachtaí Stáit ("An Cód"), tá orainn tuairisc a thabhairt duit mura dtagann an ráiteas maidir leis an gcóras inmheánach rialaithe calaoise atá ag teastáil faoin gCód mar atá áirithe sa Turarascáil Stiúrthóra ag teacht le comhlíonadh na cuideachta maidir le halt 13.1 (iii) den Chód nó mura mbíonn sé ag réiteach le faisnéis a bhfuilimid ar an eolas ina taobh ónár n-iniúchóireacht ar na ráitis airgeadais.



*L. Gallagher*
**do agus thar ceann**
**KPMG**
**Cuntasóirí Cairte, Gnólacht Reachtúil Iniúchóireachta**
1 Plás an Stócaigh,
Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2

25 Márta 2015

# *Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta*

*don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2014*

## Eintiteas Tuairiscithe

Is cuideachta atá sainchónaithe in Éirinn é Grúpa na Sionainne cpt (an "Cuideachta"). Is é atá i ráitis airgidis chomhdhlúite na Cuideachta ná an Chuideachta agus a fochuideachtaí (a dtugtar an "Grúpa" orthu in éineacht agus a dtugtar "eintitis Ghrúpa" go hindibhidiúil orthu).

Tugtar sonraí anseo a leanas ar na polasaithe cuntasaíochta a chuirtear i bhfeidhm go leanúnach sa déileáil le nithe a cheaptar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais chomhdhlúite an Ghrúpa agus cuireann gach eintiteas de chuid an Ghrúpa i bhfeidhm go leanúnach iad.

## Bonn le hullmhúchán

Ullmhaítear na ráitis airgeadais seo de réir chaighdeáin tuairiscithe airgeadais na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais, de réir mar atá fógartha ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo), agus iad ag teacht le hAchtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2013.

Tá an Chuideachta tar éis buntáiste a bhaint as an díolúine atá ar fáil di faoi Alt 148(8) d'Acht na gCuideachtaí, 1963, a cheadaíonn do chuideachta a fhoilsíonn ráitis airgidis na Cuideachta agus an Ghrúpa in éineacht, gan a cuntas brabúis agus caillteanais agus nótaí a bhaineann leo, ar chuid de ráitis airgidis fhaofa na Cuideachta iad, a chur faoi bhráid a baill.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn chostais stairiúil, ach amháin do na nithe ábhartha seo a leanas sa chlár comhordaithe:

- déantar maoin infheistíochta a thomhas de réir luacha chóir; agus
- aithnítear dliteanas an phlean sochair sainithe mar shóchmhainní lúide luach reatha oibleagáidí an phlean sochair sainithe.

Léiríonn cuntas brabúis agus caillteanais na bliana reatha torthaí an Ghrúpa ón gcorprú ar an 29 Lúnasa 2014 agus ar an mbonn sin ní chuirtear aon torthaí comparáideacha i láthair.

## Airgeadra Feidhmiúil

Ullmhaítear na ráitis airgeadais i Euro ar é airgeadra feidhmiúil an Ghrúpa é.

## Bunús le Comhdhlúthú

Déanann ráitis airgidis an Ghrúpa comhdhlúthú ar ráitis airgeadais na Cuideachta agus gach ceann dá ghníomhaíochtaí fochuideachta.

Áirítear torthaí ghníomhaíochtaí na bhfochuideachtaí ceannaithe nó diúscartha le linn na tréimhse sa chuntas brabúis agus caillteanais chomhdhlúite ón dáta ceannaithe nó suas go dáta diúscartha. Nuair a cheannaítear gnó, cuirtear luachanna córa i leith na nglansóchmhainní a fuarthas.

## Comhcheangail Ghnó

Tugtar cuntas ar chomhcheangal idir ghnólachtaí trí chuntasaíocht éadála ag teacht le FRS 6 "Éadálacha agus Cumaisc" faoi mar a bhí ag an dáta éadála, nuair a aistríodh an rialú chuig an nGrúpa.  Is é atá sa rialú ná cumas fhiontair polasaithe airgeadais agus oibriúcháin fhiontair eile a stiúradh, d'fhonn leasa eacnamaíocha a bhaint as a ghníomhaíochtaí.

Nuair a dhéantar gnó a éadáil, áirítear na sóchmhainní agus na dliteanais inaitheanta a fhaightear i ráitis airgidis chomhdhlúite an fhaighteora ag a luachanna córa ag dáta na héadála. Aithnítear an difríocht idir iad sin agus costas éadála mar cháilmheas agus cáilmheas diúltach. Is é costas éadála ná méid an airgid nó coibhéis airgid a íoctar agus luach cóir chomaoin cheannaigh eile tugtha ag an bhfaighteoir, in éineacht leis na costais a bhaineann leis an idirbheart. Déantar dea-thoil a fhaightear i gcomhcheangal gnó a leithroinnt ar na haonaid ghinte ioncam a bhfuiltear ag súil leis go mbainfidh siad leas as sinirgí an chomhcheangail. Déantar amúchadh ar dhea-thoil thar a shaol measta eacnamaíoch.

## Láimhdeachas

Is ionann láimhdeachas agus luach cothrom ar earraí agus seirbhísí, glan ar lascainí, a soláthraíodh do chustaiméirí seachtracha sa tréimhse cuntasaíochta gan cháin bhreisluacha a áireamh. Aithnítear láimhdeachas ó sheirbhísí nuair a sholáthraítear na seirbhísí sin. Nuair a sholáthraítear seirbhís thar thréimhse ama, aithnítear láimhdeachas i gcomhréir leis an am caite.

### *Ioncam Aerloingseoireachta*

Is é atá i gceist le hioncam aerloingseoireachta ná táillí ar phaisinéirí a aithnítear ar a bhfágáil, táillí gluaiseachta rúidbhealaigh (tuirlingt agus éirí) a taibhíodh de réir uasmheáchan éirithe aerárthaigh, táillí páirceála aerárthach bunaithe ar mhéid ama páirceála agus an t-achar úsáidte, agus táillí eile atá aitheanta nuair a chuirtear seirbhísí ar fáil.

### *Ioncam Díreach Miondíola agus Táille Lamháltais*

Is é atá i miondíol díreach agus lamháltais mhiondíola/ lónadóireachta ná ioncam díreach miondíola, a aithnítear nuair a fhaigheann an custaiméir na hearraí, agus is féidir go mbeadh ioncam táille lamháltais, go ginearálta, mar chéatadán den láimhdeachas faoi réir íosmhéideanna áirithe ar conradh.

### *Ioncam Cíosa*

Aithnítear ioncam cíosa maoine ar bhonn líne dhíreach thar théarma na tréimhse cíosa.

### *Gníomhaíochtaí Eile Tráchtála*

Ar ghníomhaíochtaí tráchtála eile áirítear táillí úsáide ar chórais oibríochtúla (m.sh. deascanna seiceála isteach), a aithnítear de réir mar a sholáthraítear gach seirbhís, táille tréchurtha do sholáthar breosla, aitheanta nuair a sholáthraítear breosla chuig aerárthach, agus ioncam carrchlóis, nuair a bhíteár ag fág fáil an charrchlóis.

### *Ioncam Iontrála agus Cóisire*

Aithnítear ioncam iontrála agus cóisire ar sholáthar seirbhíse don chustaiméir.

## Sóchmhainní Seasta Inláimhsithe

Tugtar sóchmhainní seasta inláimhsithe mar chostas, lúide dímheas carntha agus aon chaillteanas lagaithe.

Déantar dímheas a ríomh le costas sóchmhainní seasta inláimhsithe a dhíscríobh, seachas talamh agus sóchmhainní i gcúrsa tógála, ar bhonn líne dhíreach thar shaol sáideach measta.

Tugtar obair thógála a bhíonn ar siúl ar chostas agus baineann sé le caiteachas  caipitiúil ar thionscadail tógála nach raibh críochnaithe faoi dheireadh na bliana. Déantar sóchmhainní

### Sóchmhainní Seasta Inláimhsithe - *ar lean*
atá á dtógáil a aistriú chuig sóchmhainní críochnaithe nuair a bhíonn formhór na ngníomhaíochtaí riachtanach leis an sóchmhainn a bheadh ullamh le húsáid críochnaithe. Cuirtear díluacháil i bhfeidhm maidir le sóchmhainní atá á dtógáil. Áirítear i gcostas talún agus foirgneamh agus obair thógála ar siúl costais cheapacháin foirne a bhaineann go díreach le héadáil nó forbairt na sóchmhainní seo.

Aithnítear aon ghnóthachan nó caillteanas ar dhiúscairt, ríofa mar an difríocht idir glanfháltais na diúscartha agus suim ghlanluacha na míre, i mbrabús nó caillteanas.

Tá ríomh déanta mar seo a leanas ar shaol áisiúil measta sóchmhainní seasta de réir cur síos:

| | |
|---|---|
| Coimpléacsanna chríochfoirt, aerpháirceanna agus maoin eile aerfoirt | 10-50 bliana |
| Foirgnimh agus infreastruchtúr tionsclaíoch agus turasóireachta | 10-33.3 bliana |
| Mionathrú foirgneamh | 20 bliain |
| Gléasra, daingneáin agus feisteas | 2-20 bliana |
| Mótarfheithiclí | 4-5 bliana |
| Trealamh TF agus bogearraí ríomhaireachta | 3-5 bliana |

Déantar athbhreithniú ar luach anonn sóchmhainní seasta inláimhsithe do bhearnúchán má léiríonn athruithe ar chúinsí go mb'fhéidir nach mbíonn luach anonn, glan ar dheontais caipitil ghaolmhara iarchurtha, in-aisghabhála.

### Maoin Infheistíochta
Is ionann maoin infheistíochta agus leas i dtalamh agus/nó foirgnimh a choimeádtar dá n-acmhainn infheistíochta.

Déantar athluacháil go bliantúil ar mhaoin infheistíochta agus ní dhéantar díluacháil ná amúchadh orthu. Nuair a léiríonn an luacháil laghdú buan ar luach na maoine, déantar an laghdú buan a ghearradh ar an gcuntas brabúis agus caillteanais. Déantar gach feidhm luachála eile a aistriú chuig cúlchiste athluachála.

### Nithe Eisceachtúla
Glacann an Grúpa le leagan amach brabúis agus caillteanais a dhéanann iarracht ar bhéim a chur ar nithe suntasacha i dtorthaí an Ghrúpa don bhliain. Is nithe eisceachtúla iad na nithe ioncaim agus caiteachais sin a cheapann an Grúpa a bheith ábhartha agus/nó de nádúr go mbeadh nochtadh ar leith ábhartha do thuiscint níos fearr ar fheidhmíocht an Ghrúpa.

### Airgeadraí Eachtracha
Déantar sóchmhainní airgeadaíochta agus dliteanais ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú ag rialú an ráta malairte ag dáta an chláir chomhordaithe agus ioncaim, costais agus sóchmhainní neamhairgeadaíochta ag rialú an ráta malairte ag dátaí na n-idirbhearta. Déantar déileáil leis na gnóthachain agus na caillteanais a thagann as tríd an gcuntas brabúis agus caillteanais.

### Stoc
Tugtar stoc ag an gcostas is ísle agus ag an nglanluach inréadaithe.

Tá an costas bunaithe ar phraghas sonraisc ar bhonn mheáin nó is túisce isteach is túisce amach ag brath ar chatagóir an stoic. Is é atá sa luach inréadaithe ná fíorchostas nó costas measta díolta (glan ar thrádáil ach roimh lascainí socraíochta), lúide gach costas breise a bheadh i gceist le margaíocht agus díolachán.

Déantar soláthar, nuair is cuí, do nithe atá dulta as feidhm, a ghluaiseann go mall nó atá lochtach.

Baineann cothabháil stoic le stoc a mbeidh costas air nuair a úsáidtear é. Is é atá i gceist leis ná páirteanna spártha a úsáidtear chun críche chothabhála agus soláthairtí oifige.

### Soláthairtí
Déantar sainmhíniú ar sholáthar mar dhliteanas d'am nó de mhéid éiginnte. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ar an nGrúpa de bharr rud a tharla san am atá caite, is é is dóichí go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní a chorpraíonn leasa eacnamaíocha d'fhonn an oibleagáid a réiteach agus gur féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas de réir an mheastacháin caiteachais is fearr a bheadh ag teastáil d'fhonn an oibleagáid a réiteach ar dháta an chláir chomhardaithe agus iad lascainithe chuig luach reatha mar a bhfuil an éifeacht ábhartha.

Aithnítear soláthairtí do chonarthaí drochraideacha mar a dtéann na costais dosheachanta a bhaineann le freastal ar na hoibleagáidí faoi socrú os cionn na leasa eacnamaíocha a mbeifí ag súil leo ina thaobh. Léiríonn na costais dosheachanta faoi chonradh an glanchostas is lú d'fhoirm an chonradh atá ann, .i. an costas is ísle dá chomhlíonadh agus aon chúiteamh nó pionós a thiocfadh as teip ar é a chomhlíonadh.

### Cáin
Tá an muirear cánach bunaithe ar an mbrabús don bhliain agus cuirtear san áireamh ann an cháin iarchurtha de bharr éagsúlachtaí comhuainithe idir an mbealach a gcaitear le nithe áirithe chun críche cánach agus cuntasaíochta.

Soláthraítear an cháin reatha ar bhrabús incháinithe an Ghrúpa de réir suimeanna a bhfuiltear ag súil leis go n-íocfar iad ag úsáid na rátaí cánach agus na ndlíthe a achtaíodh nó arna ghlacadh sa tsubstaint faoi dháta an chláir chomhardaithe.

Aithnítear cáin iarchurtha maidir le gach difríocht ama arna dtionscnamh ach nár aisiompaíodh ag dáta an chláir chomhordaithe, mar ar tharla idirbhearta nó imeachtaí a raibh oibleagáid níos nó cánach a íoc sa todhchaí nó ceart níos lú a íoc sa todhchaí mar thoradh orthu ag dáta an chláir chomhordaithe. Is difríochtaí idir bhrabús incháinithe an Ghrúpa agus a torthaí faoi mar a bhíonn sna ráitis airgeadais iad na difríochtaí comhuainithe seo a éiríonn as gnóthachain agus caillteanais i mbrabús incháinithe i dtréimhsí atá éagsúil leo sin ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais. Déantar cáin iarchurtha a thomhas, ar bhonn lascainithe, ag rátaí cánach a cheaptar a bhainfidh leis na tréimhsí ina mbítear ag súil leis go ndéanfaidh difríocht ama aisiompú bunaithe ar rátaí cánach agus dlíthe a bhíonn achtaithe nó achtaithe ina dhiaidh sin ag dáta an chláir chomhordaithe.

Féachtar ar ghlansóchmhainn a bhfuil cáin iarchurtha uirthi mar shóchmhainn atá in-aisghabhála agus dá bhrí sin ní aithnítear é ach, ar bhonn gach fianaise a bhíonn ar fáil, nuair is féidir féachaint air ar bhealach gur dóichí go mbeidh brabúis oiriúnach incháinithe ann as ar féidir aisiompú a dhéanamh sa todhchaí ar na difríochtaí comhuainithe a bhaint as.

De réir Alt 36 den Acht um Aerfoirt Stáit (Grúpa na Sionainne), 2014 tá Fiontraíochtaí Tráchtála na Sionainne Teoranta díolmhaithe ó cháin chorparáide maidir le brabúis a éiríonn as gníomhaíochtaí trádála amháin. Tá an chuideachta faoi dhliteanas Cháin Ghnóthachan Caipitiúil a íoc de réir Alt 36 den Acht um Aerfoirt Stáit (Grúpa na Sionainne), 2014.

### Pinsean agus Dualgais Eile Iar-scoir
Feidhmíonn cuideachtaí Ghrúpa nó bíonn siad rannpháirteach i roinnt scéimeanna pinsin, faoi mar atá thíos.

***Údarás Aerfort na Sionainne Teoranta***
Feidhmíonn an chuideachta nó bíonn sí rannpháirteach i scéimeanna pinsin ranníocaigh, ag clúdach formhór a fostaithe, ar í Scéim Aoisliúntais Aerlínte Éireann (Fostaithe Fineárálta) an ceann is mó acu. Déanann iontaobhaithe atá neamhspleách ar an gcuideachta na scéimeanna a riaradh.

Maidir le scéimeanna a bhfuil cuntas orthu mar scéimeanna ranníocaíochta sainithe, tá ranníocaíochtaí fabhraithe agus aitheanta i mbrabús oibriúcháin don tréimhse ina mbíonn siad tuillte ag na fostaithe ábhartha.

Is baill de scéim phinsin le sochar sainithe atá riartha go scartha iad fostaithe áirithe den Ghrúpa ("Scéim Aoisliúntais Fhorlíontach Aer Rianta"). Ié é daa cpt ("daa") príomhfhostaí urraithe na scéime. Tá an scéim dúnta anois do bhaill nua.

Tá na difríochtaí atá idir luach margaidh shóchmhainní na scéime agus luach reatha dhlitinis na scéime measta go hachtúireach, a ríomhadh ag úsáid mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid nochta mar shóchmhainn/dliteanas ar an gclár comhardaithe. Aithnítear aon difríocht idir an fáltas a bhfuiltear ag súil leis ar shóchmhainní agus a mbaintear amach, agus aon athruithe ar dhlitenais thar an mbliain de bharr athruithe ar fhoshuíomhanna nó go raibh taithí irbhíre sna scéimeanna éagsúil lena raibh súil leis, sa ráiteas ar iomlán na ngnóthachán agus na gcaillteanas aitheanta.

***Fiontair Thráchtála na Sionainne Teoranta***
Bhí scéim phinsin le sochar sainithe neamhchististithe á feidhmiú ag an gcuideachta suas chuig dáta an aistrithe chuig Grúpa na Sionainne. De réir an Acht um Ghrúpa na Sionainne, aistríodh gach dliteanas, dleacht, oibleagáid agus cistiú (ar a n-áirítear méadú ar phinsin agus íocaíochtaí forlíontacha pinsin) ag éirí as feidhmiú na scéime chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Dá bhrí sin, don tréimhse ó 5 Meán Fómhair 2014 go dtí 31 Nollaig 2014, tá Grúpa na Sionainne tar éis cuntas a thabhairt ar an scéim mar scéim phinsin le sochar sainithe.

Rinne an chuideachta ranníocaíochtaí an fhostóra agus an fhostaí a íoc leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta do bhaill na scéime le sochar sainithe. Is ionann an méid a gearradh ar an gcuntas brabúis agus caillteanais agus ranníocaíochtaí an fhostóra iníoctha leis na scéimeanna sin maidir leis an dtréimhse cuntasaíochta.

***Caisleán Cóisire agus Oidhreacht na Sionainne Teoranta agus grúpscéimeanna eile le ranníocaíocht sainithe***
Feidhmíonn an Grúpa roinnt scéimeanna pinsin le ranníocaíochtaí sainithe. Coimeádtar sóchmhainní na scéimeanna seo scartha ó shóchmhainní an Ghrúpa i gcistí atá riartha go neamhspleách. Is ionann an méid a gearradh ar an gcuntas brabúis agus caillteanais agus ranníocaíochtaí an fhostóra iníoctha leis na scéimeanna sin maidir leis an dtréimhse cuntasaíochta.

## Léasanna
Áirítear sóchmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais i sóchmhainní seasta inláimhsithe agus iad dímheasta thar shaolré úsáideach measta na sóchmhainní ina ngálaí bliantúla ar chomh-mhéid. Áirítear eilimint chaipitil íocaíochtaí léasa sa todhchaí i gcreidiúnaithe agus cuirtear ús sa chuntas brabúis agus caillteanais thar thréimhse an léasa.

Déantar caiteachas ar léasanna oibriúcháin a ghearradh ar an gcuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn ionadaíoch don leas a bhaintear ón sóchmhainn, de ghnáth ar bhonn líne dhíreach thar an tréimhse bhunaigh.

Áirítear sóchmhainní a bhíonn coimeádta chun cíosa faoi léasanna oibriúcháin i sóchmhainní inláimhsithe ar chostas lúide dímheasa carntha agus i réadmhaoin infheistíochta ag luach an mhargaidh. Áirítear an ioncam cíosa a thuilltear ó léasacht na sóchmhainní seo mar ioncam sa chuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn fabhruithe.

## Sóchmhainní Airgeadais
Is é atá i sóchmhainní airgeadais ná infheistíochtaí agus iasachtaí agus iad tugtha ag costas lúide soláthar d'aon laghdú ar luach.

Nuair a thagann sóchmhainn airgeadais as diúscairt sóchmhainní inláimhsithe nó réadmhaoine infheistíochta, le bheith á fhorbairt ag tríú páirtithe ar leas airgeadais sa talamh a bhíonn forbartha, glactar le luach margaidh an leasa airgeadais ag dáta an idirbhearta ar a chostas. Aithnítear aon ghnóthachan neamhréadaithe, is é sin an difríocht idir luach anonn na talún a bhíonn á diúscairt agus luach an mhargaidh ar an leas airgeadais a fhaightear, tríd an ráiteas ar iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta.

Déantar athbhreithniú ar luach anonn sóchmhainní airgeadais do bhearnúchán má léiríonn imeachtaí nó athruithe ar chúinsí go mb'fhéidir nach mbíonn luach anonn in-aisghabhála. Aithnítear bearnúchán a leithéid de shóchmhainní sa ráiteas ar iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta go dtí go mbaineann suim ghlanluacha na sóchmhainní a costas stairiúil amach agus ina dhiaidh sin is sa chuntas brabúis agus caillteanais a bhíonn sé. Ní dhéantar soláthar ar laghdú ar luach a aisiompú go dtí go ndéantar na sóchmhainní a dhiúscairt.

## Ranníocaíocht Chaipitiúil
Glactar le sóchmhainní a fhaightear mar bhronntanas ó scairshealbhóir an Ghrúpa mar ranníocaíocht chaipitiúil, agus áirítear a leithéid i gcistí scairshealbhóra ar Chláir Chomhordaithe na Cuideachta agus Comhdhlúite.

## Deontais
Aithnítear deontais chaipitil a fuarthas agus infhála nuair a fhaightear iad nó nuair atáthar cuíosach cinnte go bhfaighfear iad. Féachtar ar dheontais AE agus eile a fuarthas maidir le sóchmhainní seasta a cheannach mar chreidmheas iarchurtha, agus iad amúchta sa chuntas brabúis agus caillteanais thar shaolré úsáideach eacnamaíoch na sóchmhainne lena mbaineann siad.

Aithnítear deontais ioncaim a tugadh mar chúiteamh ar chostais i mbrabús agus caillteanas ar bhonn sistéimeach sna tréimhsí ina n-aithnítear na costais.

## Airgead Tirim agus Acmhainní Leachtacha
Is ionann airgead tirim agus coibhéis airgid thirim agus airgead sa bhanc agus airgead ar láimh agus taiscí gearrthéarmacha.

Is infheistíochtaí sóchmhainne reatha iad acmhainní leachtacha, a choimeádtar mar stórais ar luach atá indiúscartha go héasca. Áirítear ar na sóchmainní leachtacha éarlaisí níos lú ná bliain amháin.

## Féichiúnaithe Trádála
Aithnítear féichiúnaithe trádála ar dtús ag luach cóir agus ina dhiaidh sin ag costas amúchta lúide aon chaillteanas lagaithe. Féachtar ar fhéichiúnaithe trádála i leith lagú ar bhonn leanúnach. Déantar soláthairtí maidir le lagú iarmhéideanna fhéichiúnaithe trádála a thaifead de réir na bhféichiúnaithe trádála aitheanta.

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais Comhdhlúite

*don tréimhse ón gcorprú ar an 29 Lúnasa 2014 go dtí 31 Nollaig 2014*


| | Nóta | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Láimhdeachas** | 3 | **21,148** |
| Costas díolachán | | **(4,764)** |
| **Brabús comhlán** | | **16,384** |
| **Costais oibriúcháin** | | |
| Costais riaracháin | | **(15,695)** |
| **Brabús oibriúcháin** | | **689** |
| Ús infhaighte agus ioncam cosúil leis | 5 | **92** |
| Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla | 6 | **(9)** |
| Caillteanas ar dhíolachán sócmhainní seasta | | **(3)** |
| **Brabús ar ghnáth-ghníomhaíochtaí roimh cháin** | 4 | **769** |
| Cáin ar bhrabús ar ghnáth-ghníomhaíochtaí | 7 | **(169)** |
| **Brabús don tréimhse airgeadais** | 25 | **600** |

Láimhdeachas agus brabús oibriúcháin ag teacht as gníomhaíochtaí leanúnacha amháin.

Thar ceann an Bhoird



**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*



**Neil Pakey**
*Stiúrthóir*

25 Márta 2015

# Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Comhdhlúite

*don tréimhse ón gcorprú ar an 29 Lúnasa 2014 go dtí 31 Nollaig 2014*


| | Nóta | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Brabús don tréimhse airgeadais** | | **600** |
| Gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ar scéim phinsin le sochar sainithe | 19, 25 | **(200)** |
| Creidmheas cánach gaolmhar iarchurtha | 18, 25 | **25** |
| **Iomlán na ngnóthachan aitheanta don tréimhse airgeadais** | | **425** |

# Clár Comhordaithe Comhdhlúite


*mar a bhí ar an 31ú Nollaig 2014*

| | Nóta | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sóchmhainní seasta inláimhsithe | 9 | **46,034** |
| Maoin infheistíochta | 10 | **57,815** |
| Sóchmhainní airgeadais | 11 | **738** |
| | | **104,587** |
| **Sóchmhainní Reatha** | | |
| Stoc | 12 | **1,750** |
| Féichiúnaithe | 13 | **6,831** |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | **27,871** |
| | | **36,452** |
| **Creidiúnaithe:** suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin | 14 | **(18,638)** |
| **Glansóchmhainní reatha** | | **17,814** |
| **Iomlán na sóchmhainní lúide dliteanais reatha** | | **122,401** |
| **Creidiúnaithe:** suimeanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | 15 | **(4,647)** |
| **Soláthairtí le haghaidh dliteanais agus caiteachais** | 17 | **(4,649)** |
| **Glansóchmhainní gan dliteanas pinsin** | | **113,105** |
| **Dliteanas pinsin** | 19 | **(903)** |
| **Glansóchmhainní le dliteanas pinsin** | | **112,202** |
| **Caipiteal agus cúlchiste** | | |
| Scairchaipiteal glaoite | 23 | **38** |
| Ranníocaíocht chaipitiúil | 24 | **111,739** |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | 25 | **425** |
| **Cistí scairshealbhóra – gnáthscair** | 26 | **112,202** |

Thar ceann an Bhoird



**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*



**Neil Pakey**
*Stiúrthói*


25 Márta 2015

# Clár Comhordaithe na Cuideachta


*mar a bhí ar an 31ú Nollaig 2014*

| | Nóta | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sóchmhainní airgeadais | 11 | **111,739** |
| **Sóchmhainní Reatha** | | |
| Féichiúnaithe | 13 | **38** |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | **216** |
| | | **254** |
| **Creidiúnaithe:** suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin | 14 | **(216)** |
| **Glansóchmhainní reatha** | | **38** |
| **Iomlán na sóchmhainní lúide dliteanais reatha** | | **111,777** |
| **Glansóchmhainní** | | **111,777** |
| **Caipiteal agus cúlchiste** | | |
| Scairchaipiteal glaoite | 23 | **38** |
| Ranníocaíocht chaipitiúil | 24 | **111,739** |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | 25 | **-** |
| **Cistí scairshealbhóra – gnáthscair** | 26 | **111,777** |

Thar ceann an Bhoird



**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*



**Neil Pakey**
*Stiúrthói*

25 Márta 2015

# *Ráiteas Sreabhaidh Airgid Comhdhlúite*

*don tréimhse ón gcorprú ar an 29 Lúnasa 2014 go dtí 31 Nollaig 2014*

| | Nóta | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 20 | **3,315** |
| **Toradh ar infheistíocht agus fónamh a dhéanamh ar airgeadas** | | |
| Ús infhaighte agus ioncam cosúil leis | | **92** |
| Ús a íocadh | | **(2)** |
| | | **90** |
| **Caiteachas caipitiúil** | | |
| Íocaíochtaí le sóchmhainní seasta inláimhsithe a fháil | | **(2,820)** |
| Íocaíochtaí le réadmhaoin infheistíochta a fháil | | **(309)** |
| Fáltais ó dhiúscairt sóchmhainní seasta inláimhsithe | | **12** |
| Fáltais ó dhiúscairt réadmhaoine infheistíochta | | **8,148** |
| | | **5,031** |
| **Maoiniú** | | |
| Aistriú airgid ar bhunú an ghrúpa | 8 | **19,435** |
| | | **19,435** |
| **Méadú ar airgead tirim don tréimhse** | 21 | **27,871** |

# *Nótaí ar na Ráitis Airgeadais*

*mar chuid de na ráitis airgeadais*



## 1. Corprú Ghrúpa na Sionainne

Déanadh corprú ar Ghrúpa na Sionainne cpt ar an 29 Lúnasa 2014 tar éis achtú Acht um Aerfoirt Stáit (Grúpa na Sionainne), 2014 ("Acht Ghrúpa na Sionainne").

Ar an 5 Meán Fómhair 2014, aistríodh úinéireacht na scaireanna go léir ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, in Údarás Aerfort na Sionainne cpt ("Aerfort na Sionainne") agus Fiontair Thráchtála na Sionainne Teoranta (Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne roimhe seo) (atá ag trádáil mar "Maoin Tráchtála na Sionainne"), chuig Grúpa na Sionainne cpt ("Grúpa na Sionainne"). Bhí foráil in Acht Ghrúpa na Sionainne nach mbeadh aon chomaoin iníoctha le Grúpa na Sionainne maidir le scaireanna dílsithe do Ghrúpa na Sionainne. Tugtar imlíne i Nóta 8 ar shonraí cuntasaíochta éadála chomaoine. Déanadh athchlárú ar Aerfort na Sionainne mar chuideachta teoranta ar an 5 Eanáir 2015 agus déantar tagairt anois air mar Údarás Aerfort na Sionainne Teoranta.

## 2. Comhdhlúthú

Tá an scairchaipiteal iomlán ag an gCuideachta a eisíodh coimeádta go fóinteach ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanann ráitis airgidis an Ghrúpa comhdhlúthú ar ráitis airgeadais Ghrúpa na Sionainne agus gach ceann dá fhochuideachtaí faoi mar atá sonraithe i Nóta 11. Dá bhrí sin, is torthaí comhdhlúite iad na ráitis airgeadais seo de chuid Ghrúpa na Sionainne cpt, Údarás Aerfort na Sionainne Teoranta agus Fiontair Thráchtála na Sionainne Teoranta, in éineacht le torthaí dhá fhochuideachta Fhiontair Thráchtála na Sionainne Teoranta, Caisleán Cóisire agus Oidhreacht na Sionainne Teoranta ('Oidhreacht na Sionainne') agus Muiríne Ghóilín Chill Rois Teoranta, don tréimhse ón dáta corpraithe go dtí 31 Nollaig 2014.

I ndiaidh don Bhord Stiúrtha athbhreithniú a dhéanamh ar Ghrúpa na Sionainne cpt socraíodh an dáta deiridh cuntasaíochta ag an 31 Nollaig 2014 agus go bliantúil ina dhiaidh sin. Tagann seo leis na dátaí deireadh bliana a bhain le fochuideachtaí na Cuideachta roimhe sin (Údarás Aerfort na Sionainne agus Maoin Tráchtála na Sionainne).

## 3. Láimhdeachas - oibríochtaí leanúnacha

| | **2014** |
|---|---|
| | **€'000** |
| Gníomhaíochtaí aerloingseoireachta agus tráchtála | 12,772 |
| Bainistíocht agus forbairt réadmhaoine tráchtála | 5,044 |
| Gníomhaíochtaí turasóireachta | 3,332 |
| **Láimhdeachas iomlán – gníomhaíochtaí leanúnacha** | **21,148** |

Éiríonn láimhdeachas iomlán an ghrúpa i bPoblacht na hÉireann. Ní sholáthraítear anailís dheighilteach ar na torthaí toisc go mbeadh a leithéid d'fhaisnéis a nochtadh, i dtuairim na stiúrthóirí, dochrach do leasa an Ghrúpa.

## 4. Faisnéis reachtúil agus eile

Tugtar an brabús ar ghnáth-ghníomhaíochtaí roimh cháin i ndiaidh an mhuirir/(creidmheasa):

| | **2014** |
|---|---|
| | **€'000** |
| Luach saothair an iniúchóra | |
| - iniúchóireacht ar ráitis airgeadais | 85 |
| - táillí maidir le comhlíonadh cánach | 15 |
| - seirbhísí eile | - |
| | **100** |
| Dímheas | 1,162 |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | (116) |
| Cíosóireachtaí léasa oibriúcháin | 133 |

## 4. Faisnéis reachtúil agus eile - *ar lean*

**Líon foirne agus costais an Ghrúpa**

| | 2014 |
|---|---|
| | **€'000** |
| Pá agus tuarastal | 7,455 |
| Costas leasa shóisialaigh | 846 |
| Costais phinsin | 527 |
| Costais eile foirne | 252 |
| | **9,080** |

Áirítear sna costais phinsin thuas creidmheas de €48,000 maidir le scéim phinsin le sochar sainithe (Nóta 19).

Ba é seo a leanas meánlíon na bhfostaithe seachtainiúla i rith na tréimhse:

| | 2014 |
|---|---|
| Oibríochtaí agus riarachán | 337 |
| Tráchtála | 95 |
| Maoin | 29 |
| | **461** |

Áirítear sna meánuimhreacha thuas 17 coibhéisí lánaimseartha, atá fostaithe ag fochuideachta de chuid an Ghrúpa, a ndéanann an Grúpa cúiteamh iomlán ar a chostas.

**Luach saothair stiúrthóra don tréimhse ceithre mhí ón gcorprú**

| | 2014 |
|---|---|
| | **€** |
| Luach saothair stiúrthóra don tréimhse: | |
| Táillí | 36,600 |
| Luach saothair eile (ar a n-áirítear ranníocaíocht phinsin) | 124,044 |
| | **160,644** |

Áirithe i luach saothair eile tá luach saothair an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin agus na stiúrthóirí a d'ainmnigh Comhdháil na gCeardchumann le hionadaíocht a thabhairt do na fostaithe ar an mBord agus ar cheap an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag éirí as a ngnáthchonarthaí fostaíochta.

Tá na suimeanna a íocadh le stiúrthóirí tugtha de réir an Chóid Chleachtais maidir le Rialú Chomhlachtaí Stáit agus Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2013, tugtha thíos. D'fhreastal na stiúrthóirí seo a leanas ar an mBord ón dáta ar déanadh corprú ar Ghrúpa na Sionainne cpt (29 Lúnasa 2014) agus is ionann na méideanna thíos agus an luach saothair a íocadh maidir leis an tréimhse sin.

| | 2014 |
|---|---|
| | **€** |
| **Táillí don tréimhse** | |
| Rose Hynes | 7,200 |
| Joe Buckley | 4,200 |
| Tony Brazil | 4,200 |
| Tom Coughlan | - |
| Pat Dalton | 4,200 |
| Michael Leydon | 4,200 |
| Kevin McCarthy | 4,200 |
| Kathryn O'Leary Higgins | 4,200 |
| Liam O'Shea | 4,200 |
| Neil Pakey | - |
| **Do sheirbhísí mar stiúrthóir le linn na tréimhse** | 36,600 |
| Luach saothair eile (ar a n-áirítear ranníocaíochtaí pinsin) | 124,044 |
| | **160,644** |

**4. Faisnéis reachtúil agus eile** - *ar lean*

Go comhiomlán, déanadh cúiteamh le baill an Bhoird as caiteachas taistil as póca agus caiteachais dá leithéid i rith na tréimhse maidir le seirbhísí mar stiúrthóir, faisnéisithe de réir an Chóid Chleachtais maidir le Rialú Chomhlachtaí Stáit, de €5,757 ar fad.

Ní áirítear i gcostais ns stiúrthóirí thuas costais an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin. Tugtar iad seo sa bhfonóta faoi bhun luach saothair an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin.

Soláthraítear thíos luach saothair an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin, tugtha de réir threoirlínte infheidhmithe an rialtais maidir le socruithe luach saothair Phríomhfheidhmeannaigh Chomhlachtaí Tráchtála Stáit:

| | **2014** |
|---|---|
| | **€** |
| Táille stiúrthóra | - |
| Buntuarastal | 53,701 |
| Sochair eile inchánach | 5,391 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 18,796 |
| | **77,888** |

Baineann na méideanna thuas leis an tréimhse ó chorprú Ghrúpa na Sionainne cpt go dtí dáta deiridh na tréimhse.

Tugtar luach saothair iomlán an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin don bhliain iomlán 2014 sa tábla thíos:

| | **2014** |
|---|---|
| | **€** |
| Buntuarastal | 174,530 |
| Sochair eile inchánach | 15,464 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 91,875 |
| | **281,869** |

Is ionann na ranníocaíochtaí pinsin thuas agus fabhrú maidir le ranníocaíochtaí pinsin nach bhfuil íoctha fós, a mbaineann €30,789 de le 2013 ón dáta ceapacháin agus baineann €61,086 de 2014.

Ba é iomlán na gcostais ghnó ná €5,494, nach bhfuil áirithe sna suimeanna a thugtar thuas. Níor íocadh aon phá i gcoibhneas le feidhmíocht leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin maidir leis an tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2014.

## 5. Ús infhaighte agus ioncam cosúil leis

| | **2014** |
|---|---|
| | **€'000** |
| Ús eile infhaighte agus ioncam cosúil leis | 92 |

## 6. Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla

| | **2014** |
|---|---|
| | **€'000** |
| Ús bainc iníoctha | 2 |
| Glanchostas airgeadais ar scéim phinsin (Nóta 19) | 7 |
| | **9** |

## 7. Cáin ar bhrabús ar ghnáth-ghníomhaíochtaí

| | 2014 €'000 |
|---|---|
| **Cáin Reatha:** | |
| Cáin chorparáide – Éire | 162 |
| Creidmheas cánach iarchurtha (Nóta 18) | 7 |
| Muirear iomlán cánach | **169** |

**Tosca a chuaigh i gcion ar mhuirear cánach don tréimhse**
Tá an cháin mheasúnaithe don tréimhse níos ísle ná an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann de 12.5%. Mínítear na difríochtaí thíos:

| | 2014 €'000 |
|---|---|
| Brabús ar ghnáth-ghníomhaíochtaí roimh cháin | 769 |
| Brabús ar ghnáth-ghníomhaíochtaí roimh cánach méadaithe faoi ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann de 12.5% | 96 |
| *Iarmhairtí:* | |
| Liúntais chaipitil sa bhreis ar dhímheas | (240) |
| Cáin ar ioncam ag ráta níos airde | 71 |
| Costais nach bhfuil aisbhainteach chun críche cánach agus difríochtaí eile ama | 246 |
| Eile | (11) |
| | **162** |

Ar an 31 Nollaig 2014, bhí sóchmhainn chánach iarchurtha de €5.8 milliún nach raibh aitheanta, ag éirí maidir le liúntais chaipitil agus caillteanais chánach neamhúsáidte.

## 8. Aistriú sóchmhainní agus dliteanais ar chorprú Ghrúpa na Sionainne cpt

Faoi mar atá san imlíne a thugtar i Nóta 1, fuair Grúpa na Sionainne cpt scairchaipiteal iomlán eisithe Údarás Aerfort na Sionainne agus Maoin Tráchtála na Sionainne, trí ranníocaíocht chaipitil, le feidhm ón 5 Meán Fómhair 2014. Tugtar cuntas ar an idirbheart mar éadáil faoi FRS 6 "Éadálacha agus Cumaisc".

Tugtar achoimre ar ghlansóchmhainní na gcuideachtaí seo agus a luach cóir ag dáta na héadála anseo thíos:

| | Luach de réir na leabha €'000 | Coigeartú ar luach cóir €'000 | Luach cóir don Ghrúpa €'000 |
|---|---|---|---|
| Sóchmhainní inláimhsithe | 44,391 | | 44,391 |
| Maoin infheistíochta | 65,654 | | 65,654 |
| Sóchmhainní airgeadais | 738 | | 738 |
| Stoc | 1,995 | | 1,995 |
| Féichiúnaithe | 8,254 | | 8,254 |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid | 19,435 | | 19,435 |
| Creidiúnaithe | (23,174) | | (23,174) |
| Soláthairtí le haghaidh dliteanais agus caiteachais | (3,788) | (990) | (4,778) |
| Glandliteanais phinsin | (887) | | (887) |
| Cáin iarchurtha ar dhliteanais phinsin | 111 | | 111 |
| **Glansóchmhainní** | **112,729** | **(990)** | **111,739** |
| ***Comaoin*** | | | |
| Airgead tirim | | | - |
| **Comaoin Iomlán** | | | - |
| **Ranníocaíocht Chaipitiúil** | | | **111,739** |

### 8. Aistriú sóchmhainní agus dliteanais ar chorprú Ghrúpa na Sionainne cpt - *ar lean*

D'fhéach an Bord Stiúrtha ar chuntas a thabhairt ar éadáil na scaireanna in Údarás Aerfort na Sionainne agus Maoin Tráchtála na Sionainne ó thaobh na Cuideachta agus an Ghrúpa de. Toisc gur aistríodh na scaireanna sa dá aonán, a fuair Grúpa na Sionainne, gan aon chomaoin, caitear leis an aistriú ar na scaireanna mar ranníocaíocht chaipitiúil.

D'fhéach an Bord Stiúrtha ar luach cóir na scaireanna in Údarás Aerfort na Sionainne agus Maoin Tráchtála na Sionainne. Chun críche comhdhlúthaithe, is é an difríocht idir chomaoin a íocadh (.i. ranníocaíocht chaipitil a fuarthas) agus luach cóir na nglansóchmhainní a fuarthas in Údarás Aerfort na Sionainne agus Maoin Tráchtála na Sionainne ná náid agus mar sin ní éiríonn aon dea-thoil ar an ngnóthachan chun críche comhdhlúthaithe.

Is ionann an coigeartú ar luach cóir thuas agus soláthairtí maidir le maoin dochraideach agus soláthairtí seirbhíse.

### 9. Sóchmhainní Seasta Inláimhsithe

| | Coimpléacsanna Aerstáisiúin €'000 | Tailte agus Aerpháirce-anna €'000 | Foirgnimh Thurasói-reachta €'000 | Maoin Eile agus Infreastruchtúr Ginearálta €'000 | Gléasra, Daingneáin agus Feisteas €'000 | Obair ar Siúl €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ***Costas*** | | | | | | | |
| Aistriú sóchmhainní (Nóta 8) | 10,289 | 16,334 | 22,450 | 20,038 | 13,937 | 1,318 | 84,366 |
| Breiseanna | - | - | - | - | 63 | 2,757 | 2,820 |
| Diúscairtí | - | - | - | (572) | (40) | - | (612) |
| Aistruithe | 238 | 552 | 21 | 111 | 136 | (1,058) | - |
| **Ag deireadh na tréimhse** | **10,527** | **16,886** | **22,471** | **19,577** | **14,096** | **3,017** | **86,574** |
| ***Dímheas*** | | | | | | | |
| Aistriú sóchmhainní (Nóta 8) | 1,136 | 1,360 | 17,575 | 14,526 | 5,378 | - | 39,975 |
| Muirear don tréimhse | 151 | 277 | 116 | 138 | 480 | - | 1,162 |
| Diúscairtí | - | - | - | (572) | (25) | - | (597) |
| **Ag deireadh na tréimhse** | **1,287** | **1,637** | **17,691** | **14,092** | **5,833** | **-** | **40,540** |
| ***Glanluach de réir na leabhar*** | | | | | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2014** | **9,240** | **15,249** | **4,780** | **5,485** | **8,263** | **3,017** | **46,034** |
| Ag an 29 Lúnasa 2014 | - | - | - | - | - | - | - |

### 10. Maoin infheistíochta

| | 2014 €'000 |
|---|---|
| **Grúpa** | |
| Ag tús na tréimhse | - |
| Aistriú sóchmhainní (Nóta 8) | 65,654 |
| Breiseanna | 309 |
| Diúscairtí | (8,148) |
| Athluacháil ar ghnóthú/(bearnúchán) le linn na tréimhse | - |
| **Ag deireadh na tréimhse** | **57,815** |

Tugtar maoin infheistíochta an Ghrúpa ag luach an mhargaidh faoi mar a bhí ar 31 Nollaig 2014. Tagrann luach an mhargaidh don 'mhéid measta ar ar chóir maoin a aistriú ar an dáta luachála idir ceannaitheoir toilteanach agus díoltóir toilteanach in idirbheart ar neamhthuilleamaí tar éis margaíochta ceart a dhéanamh, mar a raibh gach páirtí ag feidhmiú le heolas, go ciallmhar agus gan éigeantas'.

Rinne an bhainistíocht luacháil ar an bpunann maoine infheistíochta roimh an aistrithe agus ag an 31 Nollaig 2014. Agus iad ag teacht ar an luacháil seo, thóg an bhainistíocht ceann den athbhreithniú deisce ar phunann maoine Mhaoin Tráchtála na Sionainne a déanadh i Nollaig 2013, ar áiríodh comhairle ó shaineolaithe seachtracha luachála ann. Agus an athbhreithniú seo á dhéanamh, cuireadh gach foirgneamh agus talamh i leith luach faoi mhodh samhail-bhunaithe mar ar cuireadh luachanna i bhfeidhm ar fud na punainne, ag tógáil ceann de shonraí an mhargaidh agus idirbhearta inchomparáide. Cuireadh na luachanna i bhfeidhm de réir láthair, méid, cineál, úsáid, tionóntacht agus riocht na maoine, faoi mar a sholáthair Maoin Tráchtála na Sionainne iad.

## 10. Maoin infheistíochta - *ar lean*

Bhain an bhainistíocht úsáid as saineolaithe inmheánacha luachála agus nuashonrú á dhéanamh ar an luacháil seo ar an 31 Nollaig 2014, ag ionchorprú eolais ar riocht reatha an mhargaidh. Léiríonn luacháil na bainistíochta, nuair is cuí, na tionóntachtaí agus na folúntais atá ann agus an saolré úsáideach atá fágtha ag an réadmhaoin. Léiríonn an luacháil freisin straitéis maoine na cuideachta, ar a n-áirítear diúscairt phleanáilte agus tionscadail infheistíochta caipitil.

Tá an bhainistíocht sásta gurb ionann agus €57.815 milliún luach margaidh na punainne maoine infheistíochta ar an 31 Nollaig 2014.

## 11. Sóchmhainní airgeadais

| | 2014<br>€'000 |
|---|---|
| **Grúpa** | |
| Sóchmhainní airgeadais (a) | 738 |
| | **738** |
| **Cuideachta** | |
| *Leas i bhfochuideachtaí – scaireanna ar chostas* | |
| Scaireanna ar chostas (b) | 111,739 |
| | **111,739** |

**(a) Sóchmhainní airgeadais**

Tagann sóchmhainní airgeadais an Ghrúpa i gceist as na comhaontuithe suntasacha seo a leanas:

Tá fochuideachta an Ghrúpa, Maoin Tráchtála na Sionainne, mar pháirtí i gcomh-shocrú d'fhorbairt na bhfoirgneamh oifige. Mar thoradh ar an infheistíocht de 20 acra talún, fuair Maoin Tráchtála na Sionainne céatadán den ioncam a thiocfaidh as an bhforbairt.

Ina theannta sin, tá comhaontú ag Maoin Tráchtála na Sionainne maidir le díol maoine ina bhfuil ceart aige ar chéatadán de chíos sa todhchaí do thréimhse 39 bliain. Tá an sóchmhainn amúchta thart théarma an chomhaontaithe.

**(b) Leas i bhfochuideachtaí – scaireanna ar chostas**

Tá na príomh-fhochuideachtaí agus na cuideachtaí gaolmhara liostáilte thíos.

| Ainm | Nádúr an Ghnó | % Úinéireachta Scairchaipitil | Oifig Chláraithe |
|---|---|---|---|
| **Fochuideachtaí** | | | |
| Údarás Aerfort na Sionainne Teoranta | Oibríocht Aerfort na Sionainne (trádáil) | 100% | Aerfort na Sionainne, Sionainn, Co. an Chláir |
| Fiontair Thráchtála na Sionainne Teoranta *(ag trádáil mar Mhaoin Tráchtála na Sionainne)* | Bainistíocht agus forbairt na punainne réadmhaoine tráchtála (trádáil) | 100% | Aerfort na Sionainne, Sionainn, Co. an Chláir |
| Cóisir Chaisleán na Sionainne agus Oidhreacht Teoranta *(ag trádáil mar Oidhreacht na Sionainne)* | Oibriú fhéastaí meánaoiseacha agus oícheanta traidisiúnta agus bainistiú nithe oidhreachta is díol spéise le turasóirí (trádáil) | 100% (indíreach) | Caisleán Bhun Raite, Bun Raite, Co. an Chláir |
| Muiríne Ghóilín Chill Rois Teoranta | Cuideachta dhíomhaoin | 100% (indíreach) | Sionainn, Co. an Chláir |
| **Cuideachtaí Gaolmhara** | | | |
| Leathanbhanda na Sionainne Teoranta | Forbairt leathanbhanda réigiúnach (trádáil) | 20% | Mill House, Sráid Anraí, Luimneach |

## 12. Stoc

| | 2014 €'000 |
|---|---|
| **Grúpa** | |
| Earraí le hathdhíol | 1,500 |
| Stoc cothabhála agus tomhaltáin | 250 |
| | **1,750** |

Ní raibh difríocht suntasach idir costas athsholáthair stoic agus a luach anonn.

## 13. Féichiúnaithe

| | 2014 €'000 |
|---|---|
| **Grúpa** | |
| Féichiúnaithe trádála | 4,883 |
| Féichiúnaithe eile | 1,948 |
| | **6,831** |

| | 2014 €'000 |
|---|---|
| **Cuideachta** | |
| Féichiúnaithe eile | 38 |
| | **38** |

## 14. Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2014 €'000 |
|---|---|
| **Grúpa** | |
| Creidiúnaithe trádála | 1,285 |
| Fabhruithe agus ioncam iarchurtha | 15,020 |
| PAYE/PRSI | 582 |
| CBL | 1,250 |
| Cáin chorparáide | 168 |
| Deontais caipitil iarchurtha (Nóta 16) | 333 |
| | **18,638** |
| Creidiúnaithe maidir le cáin agus leas sóisialach | 2,000 |

| | 2014 €'000 |
|---|---|
| **Cuideachta** | |
| Suimeanna dlite d'fhochuideachta | 216 |
| | **216** |

Tá na suimeanna atá dlite d'fhochuideachtaí neamhurraithe, saor ó ús, inaisíoctha ar éileamh agus baineann siad le haisíoc dlite maidir le cáin.

## 15. Creidiúnaithe: asuimeanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin

| | 2014 |
|---|---|
| | **€'000** |
| **Grúpa** | |
| Fabhruithe agus ioncam iarchurtha | 404 |
| Deontais caipitil iarchurtha (Nóta 16) | 4,243 |
| | **4,647** |

## 16. Deontais caipitil iarchurtha

| | 2014 |
|---|---|
| | **€'000** |
| *Faighte* | |
| Aistriú ar chorprú an Ghrúpa | 12,954 |
| Faighte i rith nabliana | - |
| **Ag deireadh na tréimhse** | **12,954** |
| | |
| *Amúchadh* | |
| Aistriú ar chorprú an Ghrúpa | 8,262 |
| Amúchadh | 116 |
| **Ag deireadh na tréimhse** | **8,378** |
| | |
| Ag deireadh na tréimhse | - |
| | |
| **Glanluach de réir na leabhar ag deireadh na tréimhse** | **4,576** |
| | |
| **Áirithe i gcreidiúnaithe:** | |
| Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin (Nóta 14) | 333 |
| Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin (Nóta 15) | 4,243 |
| | **4,576** |

## 17. Soláthairtí le haghaidh dliteanais agus caiteachais

| | Eile €'000 | Tiomantais dhochraideacha €'000 | Soláthar féinárachais €'000 | Tiomantais phinsin €'000 | Iomlán 2014 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | | | |
| Ag tús na tréimhse | - | - | - | - | - |
| Aistriú | 59 | 2,266 | 1,470 | 983 | 4,778 |
| Suimeanna socraithe | - | - | (88) | - | (88) |
| Athbhreithniú ar sholáthar | - | - | (202) | 161 | (41) |
| **Ag deireadh na tréimhse** | **59** | **2,266** | **1,180** | **1,144** | **4,649** |

Áirithe sna soláthairtí le haghaidh dliteanais agus athruithe tá suimeanna i dtaobh cheanglais dhochraideacha léasa agus seirbhíse, soláthar do chostais dlí agus suimeanna d'éilimh tuairiscithe agus ionchasacha faoin gclár féinárachais atá á fheidhmiú ag Aerfort na Sionainne. Tá soláthar déanta d'oibleagáid an Ghrúpa maidir le scéimeanna pinsin IASS agus ARSSS. Is ionann na suimeanna taifeadta agus meastachán is fearr na stiúrthóirí ar an gcaiteachas atá riachtanach leis na hoibleagáidí iomchuí a réiteach.

## 18. Sóchmhainn cánach iarchurtha

| **Grúpa** | **2014 €'000** |
|---|---|
| **Bainteach le pinsean** | |
| Aistriú ar chorprú an Ghrúpa | 111 |
| Ag éirí maidir le hathruithe i mbonn tuisceana achtúireacha | 25 |
| Muirear ar chuntas brabúis agus caillteanas (Nóta 7) | (7) |
| **Ag deireadh na tréimhse (Nóta 19)** | **129** |

## 19. Sochar scoir

Feidhmíonn an Grúpa roinnt scéimeanna pinsin, ar a n-áirítear ranníocaíochtaí sainithe agus scéimeanna le sochar sainithe araon. Tugtar imlíne thíos ar mhionsonraí na scéimeanna atá ag feidhmiú ar fud an Ghrúpa. Tá an Grúpa tar éis cuntas a thabhairt ar shochar scoir faoi scéimeanna le scochar sainithe de réir FRS 17 "Sochar Scoir".

Rinne **Údarás Aerfort na Sionainne** dhá scéim phinsin a fheidhmiú thar ceann a fhostaithe i rith 2014:

a) *Scéim ranníocaíochtaí sainithe – Scéim Aoisliúntais Aerlínte Éireann (Fostaithe Ginearálta)*
b) *Scéim phinsin le sochar sainithe – Scéim Fhorlíontach Aoisliúntais Aer Rianta*

*a) Scéim ranníocaíochtaí sainithe - Scéim Aoisliúntais Aerlínte Éireann (Fostaithe Ginearálta)*

Suas go dtí 31 Nollaig 2014, bhí Údarás Aerfort na Sionainne ("Aerfort na Sionainne") ("an Chuideachta") rannpháirteach i Scéim Aoisliúntais Aerlínte Éireann (Fostaithe Ginearálta) ('IASS'), le formhór d'fhostaithe na Cuideachta ina mbaill den scéim seo. Toisc gur scéim ilfhostóirí atá sa scéim seo, tugann Aerfort na Sionainne agus Grúpa na Sionainne cuntas ar an scéim mar scéim ranníocaíochta sainithe. Is iad prímhbhaill na bhfostóirí san IASS ná Aer Lingus, daa cpt ("daa") agus SR Technics (atá tar éis éirí as trádáil).

Déantar na sochair agus na ranníocaíochtaí a shainiú laistigh de rialacha IASS. Socraítear na sochair a bhíonn le híoc trí thagairt don tuarastal deireanach agus tá an IASS cláraithe mar scéim phinsin le sochar sainithe leis an mBord Pinsean. Mar sin féin, faoin ngníomhas iontaobhais atá ag rialú na scéime, tá gnáth-ranníocaíochtaí sainithe don fhostaí agus don fhostóir araon ag ráta 6.375% den tuarastal inphinsin. Ní féidir éagsúlacht a bheith le ranníocaíochtaí an fhostóra gan toiliú gach fostóir rannpháirteach, pé i gcás uireasa nó eile.

Ar an 31 Nollaig 2012, chuaigh Aerfort na Sionainne i mbun comhaontaithe aistrithe ("an Comhaontú um Aistriú Gnó") leis an daa cpt le haistriú a dhéanamh ar oibríochtaí, sóchmhainní agus dliteanais áirithe an ghnó a bhí ag daa cpt chuig Údarás Aerfort na Sionainne, de bhun Acht um Aerfoirt an Stáit 2004. Faoi théarmaí an Chomhaontaithe Aistrithe Gnó, má aontaíonn an daa ar shocrú maidir le haon duine den 246 fostaí a d'aistrigh chuig Aerfort na Sionainne ar an 1 Eanáir 2013 ("Baill IASS na Sionainne"), tá dualgas ar an daa maoiniú a dhéanamh ar an méid sin den socrú a bhaineann le teidlíocht IASS chomh fada agus a bhaineann sé le seirbhís Bhaill IASS na Sionainne roimh 31 Nollaig 2012 agus tá dualgas ar Aerfort na Sionainne maoiniú a dhéanamh ar an méid a bhaineann le haon tréimhse ina dhiaidh sin.

**19. Sochar scoir** - *ar lean*
Mar thoradh ar théarmaí agus coinníollacha an Chomhaontaithe Aistrithe Gnó, tá an grúpa tar éis taifead a dhéanamh, mar chostas, ar chostas ranníocaíochtaí seasta bliantúla na Cuideachta de €200,672 leis an IASS maidir le fostaithe aistrithe dá seirbhís don tréimhse ceithre mhí dar críoch 31 Nollaig 2014. Tá an muirear taifeadta mar mhuirear laistigh de chostais phárolla.

I rith 2014, lean an daa agus Aer Lingus, in éineacht lena gceardchumann faoi seach, le bheith rannpháirteach i gcainteanna leanúnacha le comhréiteach a fháil maidir le maoiniú sochar seirbhíse roimhe seo ar bhealach inar féidir sochair phinsin a sholáthar maidir le seirbhís sa todhchaí. I ndiaidh Mholtaí na Cúirte Oibreachais i 2013, agus téarmaí agus tionchar mholadh Iontaobhas IASS go luath i 2014 ar Mholtaí sin na Cúirte Oibreachais, bunaíodh Painéal Saineolaithe le hiniúchadh a dhéanamh ar conas a fhéadfaí réiteach deireanach a fháil ar cheisteanna caidrimh thionsclaíoch a bhaineann leis an scéim. Cé gur baineadh comhréiteach amach idir Aer Lingus agus a cheardchumainn, níor baineadh aon chomhaontú amach idir na fostaithe eile agus a gceardchumainn.

Mar thoradh ar sin, chuaigh Iontaobhaithe an IASS ar aghaidh le hiarratas in éineacht le togra maoinithe, faoi Alt 50 d'Acht na bPinseean 1990, don Údarás um Pinsin, ina raibh reo ar IASS i gceist do sheirbhísí sa todhchaí, gan aon fhabhrú sa todhchaí, gan aon athluacháil sa todhchaí, go mbainfí as neamh-chomhordú agus go mbeadh gearradh 20% ar shochair fhabhraithe. Tháinig an t-iarratas Alt 50 seo i bhfeidhm ar an 31 Nollaig 2014.

Ón 1 Eanáir 2015, thosaigh Údarás Aerfort na Sionainne ag feidhmiú scéime ranníocaíochta pinsin sainithe maoinithe go hinmheánach d'fhostaithe áirithe, 'Scéim Ranníocaíochta Sainithe um Choigilt ar Scor SAA'. Tugadh ballraíocht go huathoibríoch do bhaill IASS na Sionainne, a bhí ina mbaill den IASS roimhe seo, den scéim ranníocaíochta pinsin sainithe a cuireadh ar bun le déanaí.

*b) Scéim phinsin le sochar sainithe – Scéim Fhorlíontach Aoisliúntais Aer Rianta*

Is baill de scéim phinsin le sochar sainithe atá á fheidhmiú ag an daa iad fostaithe áirithe den Chuideachta, Scéim Fhorlíontach Aoisliúntais Aer Rianta ("ARSSS"). Faoin gComhaontú Aistrithe Gnó, aistríodh an glandliteanas in aon scéim phinsin a bhaineann le fostaithe Aerfort na Sionainne chuig an gCuideachta ar an 31 Nollaig 2012.

Tugann Aerfort na Sionainne agus Grúpa na Sionainne cuntas ar an scéim seo mar scéim le sochar sainithe. Bhí an scéim seo calctha ar an 31 Nollaig 2012. D'éirigh Aerfort na Sionainne as a bheith ina fhostóir rannpháirteach san ARSSS, d'ainneoin go mbeidh ar Aerfort na Sionainne ranníocaíochtaí a dhéanamh i gcónaí leis an ARSSS má agus nuair a éilíonn na hIontaobhaithe a leithéid.

Socraíonn achtúire cáilithe na ranníocaíochtaí ar bhonn luachála gach trí bliana.

Rinne Mercer, an gnólacht neamhspleách d'achtúirí cáilithe go gairmiúil, measúnú achtúirach ar an scéim nuair a bunaíodh an Grúpa agus ar an 31 Nollaig 2014, chun críche cuntasaíochta éadála agus d'fhonn nochtuithe FRS 17 a ullmhú. Rinne an t-achtúire sóchmhainní agus dliteanais na scéime agus na gluaiseachtaí gaolmhara a bhain lena fostaithe a leagan ar an gCuideachta.

Tugann an tábla seo a leanas achoimre ar na príomhbhoinn tuisceana ar glacadh leo maidir leis an scéim le sochar sainithe. Socraíodh na boinn tuisceana, ar a n-áirítear an ráta sochair fadtéarmach a bhfuiltear ag súil leis ar shóchmhainní, ar chomhairle achtuaire na cuideachta.

*Boinn tuisceana*
Ba iad seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a úsáideadh le dliteanais sochair scoir faoi FRS 17 a dhéanamh amach:

| | **2014** |
|---|---|
| Ráta lascaine | 2.30% |
| Ráta boilscithe praghasanna | 1.75% |
| Ráta ardaithe tuarastal | 1.75% |
| Ráta ardaithe do phinsin iarchurtha | 1.75% |
| *Ionchas saoil do bhaill fireann ó aois 65 ar thábla básmhaireachta iarscoir a úsáidtear le hoibleagáidí sochair a shocrú do:* | |
| Baill reatha gníomhacha agus iarchurtha ag dul ar scor ag aois 65 i gceann 25 bliana | 25.6 |
| Baill reatha pinsinéara ag aois 65 faoi láthair | 22.8 |
| *Ionchas saoil do bhaill baineann ó aois 65 ar thábla básmhaireachta iarscoir a úsáidtear le hoibleagáidí sochair a shocrú do:* | |
| Baill reatha gníomhacha agus iarchurtha ag dul ar scor ag aois 65 i gceann 25 bliana | 27.7 |
| Baill reatha pinsinéara ag aois 65 faoi láthair | 25.6 |

Tá an ráta lascainithe de 2.3% bunaithe ar Bhannaí Rátaithe Corparáide AA a cheaptar a bheith oiriúnach do thréimhse dhliteanais na scéimeanna

## 19. Sochar scoir - *ar lean*

| ***i) Suimeanna aitheanta ar an gclár comhardaithe*** | **2014** |
| --- | --- |
| | **€'000** |
| Luach reatha na n-oibleagáidí | 2,701 |
| Luach coir sóchmhainní de chuid an phlean | (1,669) |
| Easnamh i scéim phinsin | 1,032 |
| Sóchmhainn chánach iarchurtha (Nóta 18) | (129) |
| **Glaneasnamh** | **903** |

| ***ii) Athrú ar shóchmhainní de chuid an phlean*** | **2014** |
| --- | --- |
| | **€'000** |
| Luach coir shóchmhainní de chuid an phlean a aistríodh chuig an nGrúpa (Nóta 8) | 1,585 |
| Tortha a bhfuiltear ag súil leis ar shóchmhainní de chuid an phlean | 21 |
| Gnóthacháin achtúireacha ar shóchmhainní de chuid an phlean | 46 |
| Ranníocaíochtaí an fhostóra | 14 |
| Ranniocaíochtaí na mball | 14 |
| Leasa a íocadh | (11) |
| **Luach coir shóchmhainní de chuid an phlean ag deireadh na tréimhse** | **1,669** |

| ***iii) Athru ar oibleagáidí sochair*** | **2014** |
| --- | --- |
| | **€'000** |
| Luach coir dhliteanais na scéime aistrithe chuig an nGrúpa (Nóta 8) | 2,472 |
| Costas seirbhíse reatha | 24 |
| Costas úis | 28 |
| Ranniocaíochtaí na mball | 14 |
| Caillteanais achtúireacha | 246 |
| Leasa a íocadh | (11) |
| Gnóthachan chiorrúcháin | (72) |
| **Luach reatha na n-oibleagáidí sochair ag deireadh na tréimhse** | **2,701** |

| ***iv) Comhpháirteanna an chostais pinsin*** | **2014** |
| --- | --- |
| | **€'000** |
| *Suimeanna aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais* | |
| Costas seirbhíse reatha | 24 |
| Costas úis | 28 |
| Tortha a bhfuiltear ag súil leis ar shóchmhainní de chuid an phlean | (21) |
| Gnóthachan chiorrúcháin | (72) |
| Creidmheas iomlán aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais | **(41)** |
| *Anailís ar shuimeanna aitheanta sa ráiteas ar iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas* | |
| Caillteanas achtúireach aitheanta láithreach | 200 |
| Costas iomlán pinsin aitheanta sa ráiteas ar iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta | **200** |
| Méid carnach na gcaillteanas achtúireach aitheanta láithreach | **200** |

## 19. Sochar scoir - *ar lean*

***v) Sóchmhainní de chuid an phlean***

| | | 2014 | |
|---|---|---|---|
| | **Sóchmhainní de chuid an phlean €'000** | **Céatadán de shóchmhainní an phlean** | **Tortha a bhfuiltear ag súil leis ar shóchmhainní de chuid an phlean %** |
| Gnáthscaireanna | - | - | - |
| Bannaí | 593 | 35.5 | 2.3 |
| Maoin | 30 | 1.8 | 2.3 |
| Airgead tirim | 1,046 | 62.7 | 2.3 |
| | **1,669** | **100** | **2.3** |

Le forbairt a dhéanamh ar an toradh fadtéarmach a bhfuiltear ag súil leis an shóchmhainní an phlean d'fhéach an chuideachta ar leibhéal reatha an toradh a bhfuiltear ag súil leis ar infheistíochtaí saor ó riosca (bannaí rialtais go príomha), ar leibhéal stairiúil an riosca bhisigh a bhaineann le haicmí eile sóchmhainní a ndearna an punann infheistíocht iontu agus ar na hionchais ar thoradh ó gach aicme sóchmhainne sa todhchaí. Déanadh an toradh ionchasach maidir le gach aicme sóchmhainne a mheas ansin bunaithe ar leithdháileadh sóchmhainne na scéime le forbairt a dhéanamh ar ráta sochair fhadtérmach ar bhonn tuisceana sóchmhainne don phunann.

***vi) Stair choigeartuithe taithí***

| | **2014 €'000** |
|---|---|
| Luach coir sóchmhainní scéime | 1,669 |
| Luach reatha dhliteanais scéime | (2,701) |
| **Glaneasnamh** | **(1,032)** |
| Difríocht idir sochar ionchasach agus fíorthuairisceán ar shóchmhainní (€'000) | 46 |
| *Léirithe mar chéatadán de shóchmhainní scéime* | *2.8%* |
| Athruithe ar bhonn tuisceana achtúireacha (€'000) | (246) |
| *Léirithe mar chéatadán de dhliteanais scéime* | *9.1%* |
| Gnóthacháin agus (caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais scéime (€'000) | - |
| *Léirithe mar chéatadán de dhliteanais scéime* | - |
| Suim iomlán aitheanta sa ráiteas ar iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta (€'000) | (200) |
| *Léirithe mar chéatadán de dhliteanais scéime* | *7.4%* |

| ***vii) Suimeanna eile faisnéisithe riachtanach*** | **€'000** |
|---|---|
| Ranníocaíochtaí a bhfuiltear ag súil leis go ndéanfar iad a íoc don phlean le linn na tréimhse bliantúla ag tosú i ndiaidh an dáta don chlár chomhordaithe | 42 |

Bhí **Maoin Tráchtála na Sionainne** ("an Chuideachta") ag feidhmiú scéime pinsin le sochar sainithe suas chuig dáta an aistrithe chuig Grúpa na Sionainne ar an 5 Meán Fómhair 2014. Suas go dtí an dáta sin, faoi shocrú leis an Státchiste, íocadh ranníocaíochtaí an fhostóra agus an fhostaí leis an Státchiste agus d'aithin an Chuideachta sóchmhainn chistithe iarchurtha ar ionann é agus an sóchmhainn a bheidh le fáil ar ais ón Státchiste i dtréimhsí sa todhchaí. D'aithin an Chuideachta freisin dliteanas ar ionann é agus easnamh maoinithe do mhéadú ar phinsin iar-scoir. De réir an Acht um Ghrúpa na Sionainne, aistríodh gach dliteanas, dleacht, oibleagáid agus cistiú (ar a n-áirítear méadú ar phinsin agus íocaíochtaí forlíontacha pinsin) ag éirí as feidhmiú na scéime chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar dháta an aistrithe. Dá bhrí sin, don tréimhse go dtí 31 Nollaig 2014, tá Grúpa na Sionainne tar éis cuntas a thabhairt ar an scéim mar scéim phinsin le sochar sainithe. Gearrtar na híocaíochtaí a dhéantar leis an scéim go bliantúil sna ráitis airgeadais agus don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2014, ba é iomlán an chostais aitheanta ná €45,398, nach raibh aon chuid de le híoc ag deireadh na bliana.

Caitear leis an aistriú ar gach dliteanas, dleacht, oibleagáid agus cistiú (ar a n-áirítear méadú ar phinsin agus íocaíochtaí forlíontacha pinsin) chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta mar ranníocaíocht chaipitiúil sna ráitis airgeadais ag Maoin Tráchtála na Sionainne.

### 19. Sochar scoir - *ar lean*

Feidhmíonn **Oidhreacht na Sionainne** scéim ranníocaíochta pinsin le sochar sainithe d'fhostaithe áirithe atá cistithe go hinmheánach. Gearrtar na híocaíochtaí a dhéantar leis an scéim go bliantúil sna ráitis airgeadais agus don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2014, ba é iomlán an chostais aitheanta ná €35,718. Is é an méid a bhí dlite ag deireadh na bliana ná €23,120.

### 20. Reíteach bhrabúis oibriúcháin le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

| | 2014<br>€'000 |
|---|---|
| Brabús oibriúcháin | 689 |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | (116) |
| Dímheas | 1,162 |
| Laghdú ar fhéichiúnaithe | 1,461 |
| Laghdú ar stoc | 245 |
| Méadú ar chreidiúnaithe | 65 |
| Gluaiseacht ar sholáthar | (129) |
| Muirear pinsin le sochar sainithe | (62) |
| Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | **3,315** |

### 21. Réiteach glansreabhadh airgid le gluaiseacht i nglanchistí

| | 2014<br>€'000 |
|---|---|
| Glanchistí ag tús na tréimhse | - |
| Méadú ar airgead tirim don tréimhse | 27,871 |
| **Glanchistí ag deireadh na tréimhse** | **27,871** |

### 22. Anailís ar ghlanchistí

| | Ag tús na tréimhse<br>€'000 | Sreabhadh airgid<br>€'000 | Ag deireadh na tréimhse<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | - | 27,871 | **27,871** |
| **Glanchistí** | - | 27,871 | **27,871** |

### 23. Scairchaipiteal glaoite

| | 2014<br>€'000 |
|---|---|
| **Údaraithe:** | |
| 60,000,000 gnáthscair de €1 an ceann | **60,000** |
| **Eisithe:** | |
| 38,107 gnáthscair de €1 an ceann | **38** |

Eisíodh 38,107 gnáthscair ar an 29 Lúnasa 2014. Tá na gnáthscaireanna go léir á gcoimeád go fóinteach ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## 24. Ranníocaíocht chaipitiúil

| | 2014<br>€'000 |
|---|---|
| **Grúpa & Cuideachta** | |
| Ag tús na tréimhse | - |
| Ranníocaíocht chaipitiúil a fuarthas (Nóta 8) | 111,739 |
| **Ag deireadh na tréimhse** | **111,739** |

Faoi mar atá san imlíne i Nóta 8, d'fhéach an Bord Stiúrtha ar chuntas a thabhairt ar éadáil na scaireanna in Údarás Aerfort na Sionainne agus Maoin Tráchtála na Sionainne ó thaobh na Cuideachta agus an Ghrúpa de. Toisc gur aistríodh na scaireanna sa dá aonán, a fuair Grúpa na Sionainne, gan aon chomaoin, caitear leis an aistriú ar na scaireanna mar ranníocaíocht chaipitiúil ó thaobh an Ghrúpa agus na Cuideachta de.

## 25. Cuntas brabúis agus caillteanais

| | 2014<br>€'000 |
|---|---|
| **Grúpa** | |
| Ag tús na tréimhse | - |
| Brabús don tréimhse airgeadais | 600 |
| Gnóthachain agus caillteanais achtúireacha | (200) |
| Creidmheas cánach iarchurtha | 25 |
| **Ag deireadh na tréimhse** | **425** |
| **Cuideachta** | |
| Ag tús na tréimhse | - |
| Brabús don tréimhse airgeadais | - |
| **Ag deireadh na tréimhse** | **-** |

## 26. Réiteach ar chistí scairshealbhóra

| | Scairchaipiteal glaoite<br>€'000 | Ranníocaíocht chaipitiúil<br>€'000 | Cuntas brabúis & caillteanais<br>€'000 | Iomlán<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | | |
| Ag tús na tréimhse | - | - | - | - |
| Scairchaipiteal eisithe sa tréimhse | 38 | - | - | 38 |
| Ranníocaíocht chaipitiúil a fuarthas sa tréimhse | - | 111,739 | - | 111,739 |
| Iomlán na ngnóthachan aitheanta don tréimhse | - | - | 425 | 425 |
| **Ag deireadh na tréimhse** | **38** | **111,739** | **425** | **112,202** |
| **Cuideachta** | | | | |
| Ag tús na tréimhse | - | - | - | - |
| Scairchaipiteal eisithe sa tréimhse | 38 | - | - | 38 |
| Ranníocaíocht chaipitiúil a fuarthas sa tréimhse | - | 111,739 | - | 111,739 |
| Iomlán na ngnóthachan aitheanta don tréimhse | - | - | - | - |
| **Ag deireadh na tréimhse** | **38** | **111,739** | **-** | **111,777** |

## 27. Ceangaltais agus cúlchistí teagmhais

***(a) Ceangaltais maidir le léas oibriúcháin***

Tá an Grúpa tiomanta cíos léasa a íoc go bliantúil a théann in éag mar a leanas:

| | **2014** |
|---|---|
| | **€'000** |
| Laistigh de bhliain amháin | 7 |
| Idir bhliain amháin agus dhá bhliain | 206 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 181 |
| Níos mó ná cúig bliana | 56 |
| | **450** |

***(b) Caipiteal agus ceangaltais eile***

Tá luach na n-oibreacha caipitiúla neamhchríochnaithe ar an 31 Nollaig 2014 faoi chonarthaí tógála ag an nGrúpa measta ag €1,043,220. Ní bhfuarthas aon Chúnamh Deontais le maoiniú a dhéanamh ar na ceangaltais chaipitil seo.

***(c) Deontas teagmhais***

Fuair fochuideachta an Ghrúpa, Maoin Tráchtála na Sionainne, deontas ó Fháilte Éireann i dtreo uasghrádú a dhéanamh ar Chaisleán Rí John mar dhíol spéise do thurasóirí agus beidh an deontas seo le híoc ar ais mura ndéantar coinníollacha áirithe a chomhlíonadh. Go dtí seo tá na coinníollacha go léir a bhaineann leis an deontas seo comhlíonta.

## 28. Faisnéis a nochtadh maidir le páirtithe gaolmhara

I bpáirt le mórán aonán eile, déanann an Grúpa déileáil i ngnáthimeachtaí gnó leis an Rialtas agus le comhlachtaí stáit agus aonáin eile atá in úinéireacht nó faoi rialú an Rialtais nó a bhfuil tionchar suntasach aige orthu. Tarlaíonn a leithéid de dhéileáil le réimse leathan aonán ar a n-áirítear rialtas láir, údaráis áitiúla, cuideachtaí tráchtála agus cuideachtaí neamhthráchtála leathstáit agus institiúidí airgeadais.

Tá an Grúpa tar éis leas a bhaint as an díolúine atá in FRS 8 "Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara" maidir le fiontraíocht fhochuideachtaí, a bhfuil 100% dá gcearta vótála faoi rialú ghrúpa. Dá réir sin níl nochtadh sna ráitis airgeadais sin ar idirbhearta le haonáin atá 100% in úinéireacht laistigh de Ghrúpa na Sionainne cpt.

## 29. Faomhadh ar ráitis airgeadais

Rinne an Bord faomhadh ar na ráitis airgeadais ar an 25 Márta 2015.

Fáilte laochúil á chur roimh churadh meánmheáchain dornálaíochta an domhain Andy Lee ag Aerfort na Sionainne roimh thaisteal chuig Halla na Cathrach i Luimneach d'fháiltiú cathartha.



# A Thuilleadh Faisnéise

Mapaí Bealaigh Aerfort na Sionainne - Samhradh 2015 ........ 64
Oidhreacht na Sionainne ........ 67
Maoin Tráchtála na Sionainne ........ 68
IASC ........ 69
Faisnéis Ghinearálta maidir leis an nGnó ........ 70

## Eitiltí idir an tSionainn agus RA - Samhradh 2015




Ceart ó Aibreán 2015


**Eitiltí idir an tSionainn agus an Eoraip - Samhradh 2015**

Fly shannon it's Easier




Ceart ó Aibreán 2015

## Eitiltí idir an tSionainn agus SAM - Samhradh 2015






Ceart ó Aibreán 2015




Enjoy these Great Shannon Heritage Attractions

**Bunratty Castle & Folk Park** - Co. Clare
**King John's Castle** - Limerick City
**Malahide Castle & Gardens** - Co. Dublin
**Knappogue Castle & Walled Garden** - Co. Clare
**Dunguaire Castle** - Co. Galway
**Craggaunowen** - Co. Clare

shannon HERITAGE

**Shannon Heritage, Bunratty Castle & Folk Park, Bunratty, Co. Clare, Ireland**
Tel: + 353 (0) 61 360788 Email: reservations@shannonheritage.com
www.shannonheritage.com

shannon COMMERCIAL PROPERTIES

















# MAR A BHFUIL GNÓ Á DHÉANAMH

## Bíodh do ghnó i lár slí

Bíodh do ghnó ina chroílár le hais Aerfort na Sionainne in Iarthar na hÉireann; bí ag caint le Maoin Tráchtála na Sionainne. Tá an mhaoin, an taithí agus na daoine againn le cabhrú leat do sprioc tráchtála agus do straitéis a thabhairt i gcrích.

- Díolachán & Léasú
- Forbairt Réadmhaoine
- Bainistíocht Saoráidí
- Páirceanna Teicneolaíochta

**PÉ ÁIT IS MIAN LEAT A BHEITH**

*Tabharfaidh Maoin Tráchtála na Sionainne ann tú.*

**WWW.SHANNONPROPERTIES.IE**

shannon IASC




# IONAD DOMHANDA SÁRMHAITHEASA AERSPÁIS AGUS EITLÍOCHTA

**Is ionad barr feabhais aerspáis agus eitlíochta a bhfuil aitheantas domhanda atá sa tSionainn, ag freastal ar gach eilimint de shaol ré an aerárthaigh. Is é misean an Lárionaid Idirnáisiúnta do Sheirbhísí Eitlíochta (IASC) ná tógáil agus neartú a dhéanamh ar bhunchloch thionscal bheoga agus iomaíoch go domhanda aerspáis in Éirinn, ag teacht i dtír ar neart iomaíochta na hÉireann agus na Sionainne.**

Le tuilleadh eolais a fháil maidir lena mbíonn ar siúl againn agus cad is féidir linn a dhéanamh do do chuideachta, téigh chuig ár suíomh gréasáin www.iasc.ie

***IASC na Sionainne, Lárionad do Sheirbhísí Eitlíochta Idirnáisiúnta***
*Leanúint le cothú agus fás a dhéanamh ar an mbraisle bheoga aerspáis agus eitlíochta.*

**www.iasc.aero**

# *Faisnéis Ghinearálta maidir leis an nGnó*

| | |
|---|---|
| **Oifig Chláraithe** | Aerfort na Sionainne<br>An tSionainn<br>Co. an Chláir |
| **Iniúchóir** | KPMG<br>Cuntasóirí Cairte<br>1 Plás an Stócaigh<br>Faiche Stiabhna<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>Eastát Tionsclaíochta na Sionainne<br>An tSionainn<br>Co. an Chláir |
| **Uimhir chláraithe** | 548847 |

shannon GROUP

www.shannongroup.ie